







# Grúpa CIÉ
# Tuarascáil Bhliantúil

## Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2017

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Buaicphointí Airgeadais agus Oibriúcháin | 1 |
| Cúrsaí Comhshaoil | 2 |
| Ráiteas na gComhaltaí Boird | 4 |
| Athbhreithniú Airgeadais | 8 |
| Conarthaí OSP | 14 |
| Athbhreithniú CIÉ ar Chúrsaí Comhshaoil | 15 |
| Athbhreithniú ar Oibríochtaí | 18 |
| Comhaltaí an Bhoird | 40 |
| Coistí an Bhoird | 41 |
| Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann | 42 |
| Ráiteas Rialachais Chorparáidigh | 45 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird | 50 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha | 51 |
| Ráitis Airgeadais | 54 |




# Buaicphointí Airgeadais agus Oibriúcháin

Ioncam
Ghrúpa CIÉ

**2017 €1,238.5m**
2016 €1,218.4m

Líon na bhfostaithe
i nGrúpa CIÉ

**2017 10,098**
2016 10,017

Aistir Custaiméirí
le Grúpa CIÉ

**2017 263.5m**
2016 251.2m

Aistir Custaiméirí
le hIarnród Éireann

**2017 45.5m**
2016 42.8m

Aistir Custaiméirí le
Bus Éireann (gan Iompar
Scoile san áireamh)

**2017 37.8m**
2016 39.7m

Líon na nAistear
Custaiméirí
– Bus Átha Cliath

**2017 139.4m**
2016 128.2m

Líon na nAistear Custaiméirí
– Iompar Scoile

**2017 40.8m**
2016 40.5m



Is mian le Córas Iompair Éireann aitheantas a thabhairt don chistiú a rinne Rialtas na hÉireann ar mhórthionscadail faoi choimirce an Aontais Eorpaigh, agus don chistiú faoi chuimsiú chreat Meántéarmach an Státchiste um Bonneagar agus Infheistíocht Chaipitiúil 2012-2016.

# Cúrsaí Comhshaoil

## Astaíochtaí Carbóin

Leanann CIÉ le húsáid iompair phoiblí inbhuanaithe a chur chun cinn trína chuid Fochuideachtaí Oibríocha. Tacaíonn CIÉ le húsáid iompair phoiblí a théann chun tairbhe an chomhshaoil trí astaíochtaí carbóin a laghdú. Measann CIÉ go dtagann feabhas breis is 80% ar astaíochtaí breosla nuair a bhaintear carr den bhóthar agus nuair a théitear ar sheirbhís iompair phoiblí ina áit. Tá Éire fós an-ard ar liosta thíortha na hEorpa i dtaobh úsáid carranna príobháideacha.

Déantar Gáis Ceaptha Teasa a aicmiú de réir an achair ama a fhanann siad san atmaisféar. An dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$) a astaítear inniu, fanann sí san atmaisféar ar feadh 100 bliain, agus mar sin ní orainne amháin a théann sí i bhfeidhm, ach ar pháistí ár bpáistí.

### Úsáid Carranna in Éirinn

Tiomnaíonn saoránaigh Éireannacha 30% níos mó ná saoránaigh eile an Aontais Eorpaigh agus allmhairímid 99% de na breoslaí iompair (in 2017, bithbhreosla ó dhramhaíl a bhí in 5% den bhreosla bóthair).

### Sochair Eile a bhaineann le hIompar Poiblí a Úsáid

- Strus laghdaithe;
- Laghdú ar an mbrú tráchta;
- Níos mó ama fhiúntaigh;
- Laghdú ar líon na dtimpistí bóthair;
- Costas taistil níos ísle;
- Méadú ar ghníomhaíocht shóisialta;
- Sláinte agus folláine ghinearálta níos fearr.

Cuireann CIÉ fáilte roimh na gealltanais atá sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 maidir le leictriú agus tabhairt isteach flíteanna bus hibridigh. Beidh ceannach na mbusanna ag CIÉ feasta ag teacht leis na gealltanais sin.

Is ea is mó an líon daoine a dhéanfaidh an rogha taisteal ar sheirbhísí iompair phoiblí, is ea is fearr é don chomhshaol agus don tsochaí i gcoitinne.

## Laghdaítear astaíochtaí ach úsáid a bhaint as seirbhísí iompair phoiblí.

Comparáid ar bhonn ciliméadar in aghaidh an phaisinéara idir coibhéis $CO_2$ ó úsáid gnáthcharranna in Éirinn agus ó Chuideachtaí CIÉ



| Carr | Bus Átha Cliath | Bus Éireann | Iarnród Éireann | Iarnród Éireann DART |
|---|---|---|---|---|
| 167g coibhéis $CO_2$/km | 24g coibhéis $CO_2$/km | 31g coibhéis $CO_2$/km | 24g coibhéis $CO_2$/km | 14g coibhéis $CO_2$/km |

Chun tionchar CIÉ ar an gcomhshaol a laghdú, táimid ag obair go gníomhach chun ár bhflít feithiclí, pleanáil tráchta agus cúrsaí tiomána a bharrfheabhsú, rud a mbíonn tionchar dearfach aige ar ídiú breosla agus ar astaíochtaí.

# Ráiteas na gComhaltaí Boird

**Is iad cuspóirí Ghrúpa CIÉ ('an Grúpa') seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar atá iontaofa, sábháilte, inbhuanaithe agus inrochtana, ar shlí chomh héifeachtach agus is féidir, agus muid ag freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí.**

Ag díriú ar na cuspóirí sin dúinn, is féidir leis an nGrúpa a chuid spriocanna a chomhlíonadh maidir le tacú leis an mborradh atá faoi gheilleagar na hÉireann, agus leis an gcomhtháthú sóisialta, trí sheirbhísí iompair phoiblí ardchaighdeáin a chur ar fáil. I leith a chúraimí go léir, bíonn an Grúpa ag obair i gcomhar lena scairshealbhóir, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, leis an rialtóir, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, agus leis an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid.

In 2017 rinne Grúpa CIÉ 264 milliún aistear paisinéirí agus é dírithe go tréan ar iompar poiblí atá iontaofa agus éifeachtach a chur ar fáil go slán sábháilte. Is cúis bhróid ag CIÉ é an teist mhaith atá aige ina leith sin. Fágann an líon aistear sin go bhfuil ár mbonn custaiméirí ar ais ar leibhéal níos airde ná mar a baineadh amach le déanaí in 2009.

Trína fhochuideachtaí, feidhmíonn an Grúpa an gréasán iompair phoiblí is cuimsithí sa Stát. Dá réir sin, ag obair dó leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid, is aige féin amháin atá an cumas chun bainistíocht a dhéanamh ar réitigh iompair phoiblí ar fud na hÉireann atá ar ardchaighdeán agus atá éifeachtach ó thaobh costais de.

Fáiltíonn an Grúpa roimh an bhfeabhas leanúnach atá ag teacht ar gheilleagar na tíre agus, go háirithe, roimh an gCreat Náisiúnta Pleanála 2040. Leagtar síos sa Chreat sin an fhís fhadtéarmach go dtí 2040 agus is straitéis fás é ina dtugtar aird chomhréireach ar na réigiúin chun freastal ar dhaonra atá ag dul i méid. Tá fócas straitéiseach sa Chreat Náisiúnta Pleanála ar Iompar Poiblí atá Inbhuanaithe i dtaobh an Chomhshaoil, agus ar Ghníomhú ar son na hAeráide. Comhlánaíonn an dá thosaíocht sin dhá cheann de na príomhluachanna de chuid Ghrúpa CIÉ.

Ina theannta sin, cuireann an Grúpa fáilte roimh an bPlean Forbartha Náisiúnta, lena gcomhlánaítear an Creat Náisiúnta Pleanála. Plean infheistíochta don mheántréimhse is ea an Plean Forbartha Náisiúnta, atá ailínithe le tosaíochtaí an Chreata Náisiúnta Pleanála. Is féidir ról suntasach a bheith ag an nGrúpa maidir le gnéithe riachtanacha den Phlean Forbartha Náisiúnta a chomhlíonadh agus beidh tábhacht ollmhór ag baint leis an dlúthchaidreamh oibre idir CIÉ agus an tAire, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus an Coimisiún um Rialáil Iarnróid maidir le flíteanna iompair agus bonneagar iompair a chur ar fáil go tráthúil, de réir an bhuiséid.

In 2017, eisíodh an chéad ghlao ar thairiscintí i gcomhair bealaí bus poiblí a mbíodh á bhfeidhmiú faoi Chonarthaí Dámhachtana Dírí ag Bus Éireann agus Bus Átha Cliath. Cuireadh trí ghairm ar leithligh ar thairiscintí iomaíocha ar bun trí phróiseas Oscailte an Mhargaidh Bus, a chlúdaíonn thart timpeall is 10% de na bealaí Seirbhíse Poiblí a fheidhmíonn an dá chuideachta. D'éirigh le Bus Éireann lena thairiscint le haghaidh bealaí laistigh de cheantar Phort Láirge. Cé gur chuir Bus Átha Cliath tairiscint láidir isteach, níor dámhadh an conradh air i leith na mbealaí i mBruach-Chathair Bhaile Átha Cliath. Fógraíodh toradh an tríú tairiscint (Cill Dara agus na ceantair máguaird) le déanaí agus níor éirigh leis an tairiscint ó



Bhus Éireann an uair seo ainneoin togra an-láidir a bheith curtha isteach aige.

Tá áthas ar an nGrúpa a Thuarascáil Bhliantúil i leith na bliana 2017 a chur i láthair, ina léirítear an ról atá ag CIÉ mar chuid lárnach den iompar poiblí ar oileán na hÉireann. Tháinig méadú 12 mhilliún (4.9%) ar líon na n-aistear custaiméirí, go 264 milliún, rud a d'fhág gur tháinig méadú €38 milliún (4.3%) ar ioncam an Ghrúpa.

## Bus Átha Cliath

Is é Bus Átha Cliath an soláthraí iompair phoiblí is mó in Éirinn. In 2017, chuir Bus Átha Cliath lena chuid seirbhísí agus tháinig méadú 8.7% ar líon na n-aistear paisinéirí. In 2017, sholáthair Bus Átha Cliath 11 mhilliún aistear bhreise paisinéirí, rud a fhágann go bhfuil líon iomlán na n-aistear paisinéirí os cionn 139 milliún. Is cuid thábhachtach é Bus Átha Cliath de ghréasán iompair Bhaile Átha Cliath, agus baineann tábhacht lárnach le héifeachtacht a chuid oibríochtaí do gheilleagar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, lean Bus Átha Cliath lena infheistíocht i bhflít nua-aimseartha.

Níor éirigh le Bus Átha Cliath leis an tairiscint a chuir sé isteach i leith na mbealaí i mBruach-Chathair Bhaile Átha Cliath, a chuimsíonn 10% de mhéid iomlán an mhargaidh. Tá Bus Átha Cliath tiomanta do bheith ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun cuid de na seirbhísí atá aige faoi láthair a aistriú gan stró chuig an oibreoir nua mar thoradh ar Oscailt an Mhargaidh Bus.

## Bus Éireann

Le linn 2017, chuir Bus Éireann 38 milliún aistear paisinéirí ar bun (gan aistir scoile san áireamh). Is ionann sin agus laghdú 2 mhilliún paisinéir (4.8%) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Mar sin féin, is ionann an tréimhse fhada gníomhaíochta tionsclaíche agus laghdú 5.8% ar líon na laethanta seirbhíse sa bhliain.

Tá ról ríthábhachtach ag Bus Éireann maidir lena chinntiú go bhfuil naisc iompair phoiblí i gcathracha agus i mbailte ar fud na hÉireann agus soláthraíonn sé seirbhís an-tábhachtach maidir le bainistiú a dhéanamh ar Sheirbhís Iompair Scoile atá sábháilte, éifeachtach. Sheol Bus Éireann breis agus 460 seirbhís nua faoin Scéim Iompair Scoile in 2017.

Is cinnte gur cuireadh dúshlán Bhus Éireann in 2017. Bhí staid airgeadais na cuideachta imithe chomh mór in olcas gurbh éigean athrú bunúsach a dhéanamh ar fud struchtúr na heagraíochta agus ar a samhail ghnó ionas go mbeadh an gnó inbhuanaithe.

Ullmhaíodh Plean Mór-Athraithe inar cuimsíodh na hathruithe a bhí ag teastáil chun tacú leis an ngnólacht ionas go dtiocfadh sé slán. Aontaíodh cur chun feidhme an Phlean ar deireadh tar éis díospóid fhada. Is oth linn gur cuireadh isteach ar ár gcustaiméirí le linn na tréimhse sin.

Aithnímid an cúnamh luachmhar a fuaireamar ó na forais Stáit a bhíonn ag plé le caidreamh tionsclaíoch maidir le héascú don phróiseas trínar aontaíodh an Plean a chur chun feidhme.

B'éigean do gach grád foirne rud éigin a thabhairt suas ionas go bhféadfadh an gnólacht teacht slán. Gabhaimid buíochas leis an bhfoireann as a dtiomantas don chomhaontú a chur chun feidhme. Tá dúshláin fós romhainn maidir le feidhmiú iomlán a dhéanamh ar an bPlean. Cé go bhfuil muinín againn go fóill gurb amhlaidh, leis an tacaíocht leanúnach atá de dhíth ón bhfoireann, gur féidir na hathruithe go léir a bhfuil gá leo a chur i bhfeidhm, tá an baol fós ann go bhféadfadh moill ar fheidhmiú an phlean an bonn a bhaint d'inbhuanaitheacht an ghnólachta san fhadtréimhse.

De bharr gur cuireadh isteach ar an tseirbhís i rith na bliana agus de bharr chostas an athstruchtúraithe, ba chúis mhór díomá an toradh airgeadais. D'ainneoin sin, lean Bus Éireann ar aghaidh ag cur béim mhór ar ghréasán sábháilte, éifeachtach seirbhísí a sholáthar dá chuid custaiméirí go léir.

## Iarnród Éireann

In 2017, chuir Iarnród Éireann lena chuid seirbhísí agus tháinig méadú 6.3% ar líon na n-aistear paisinéirí. In 2017, sholáthair Iarnród Éireann 3 mhilliún aistear paisinéirí breise, rud a d'fhág go raibh líon iomlán na n-aistear paisinéirí cothrom le 46 milliún in aghaidh na bliana – an bhliain ab fhearr fós don chuideachta.

Agus borradh faoin ngeilleagar in Éirinn arís, tá dúshláin romhainn i dtaobh brú tráchta agus soghluaisteacht inbhuanaithe a bhaint amach do dhaonra atá ag méadú. Ar aon dul le Bus Átha Cliath agus Bus Éireann, aithníonn Iarnród Éireann go bhfuil sé freagrach as rogha cheart a thairiscint in áit iompar príobháideach do líon mór paisinéirí, go háirithe i gceantair uirbeacha. Tá sé de dhualgas ar Iarnród Éireann freisin custaiméirí a mhealladh chun earraí builc a iompar ar iarnród in ionad ar an ngréasán bóithre agus ní mór dó a chinntiú go bhfuil Europort Ros Láir ina sheirbhís éifeachtach, iomaíoch do chuideachtaí loingseoireachta agus dá gcliaint. Tá Bord agus Lucht Bainistíochta Iarnród Éireann tiomanta do na caighdeáin is airde a bhaint amach i dtaobh sábháilteachta agus seirbhís do chustaiméirí agus é ag freastal ar an éileamh méadaitheach ar ár gcuid seirbhísí. Tá Iarnród Éireann ag tnúth le méadú leanúnach ar líon na gcustaiméirí sna blianta atá romhainn.

## CIÉ Tours

Bhí bliain den scoth ag CIÉ Tours arís in 2017 agus b'airde i bhfad líon na gcustaiméirí ná mar a bhí amhlaidh an bhliain roimhe sin.

Tá ag éirí le CIÉ Tours dul i ngleic leis na dúshláin sa tionscal, lena n-áirítear ganntanas lóistín i réigiún Bhaile Átha Cliath, agus tá sé ag ullmhú faoi choinne aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreatimeacht ar an tsaorghluaiseacht daoine idir Éire, Tuaisceart Éireann agus an Bhreatain Mhór.

## Maoin de Chuid CIÉ

Le linn na bliana, rinne CIÉ athbhreithniú gníomhach ar a phunann maoine lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht go hiomlán leis na tionscnaimh straitéiseacha fhadtéarmacha atá ag an nGrúpa maidir le hiompar poiblí a sholáthar.

De réir mar a thiocfaidh méadú ar an ngníomhaíocht forbraíochta, leanfaidh CIÉ ar aghaidh ag fáil luach fadtéarmach ó thráchtálú a dhéanamh ar a phunann maoine, ar leis an Stát í sa deireadh thiar.

Déantar an t-ioncam ó mhaoin a leithdháileadh go hiomlán do na fochuideachtaí, rud a laghdaíonn an costas iomlán atá ar an Stát i dtaobh Seirbhísí Iompair Phoiblí a sholáthar.

## Scéimeanna Pinsin

Riarann an Grúpa na Scéimeanna Pinsin do gach fostaí de chuid na bhfochuideachtaí.

In ainneoin torthaí infheistíochta a bheith láidir go fóill i rith na bliana, tháinig méadú ar an easnamh pinsean go dtí €784 milliún, toisc gur tháinig méadú mór ar chostas todhchaí na sochar is iníoctha ag na Scéimeanna. Is iad na rátaí úis an-íseal atá i réim faoi láthair is mó is cúis le costas breise an tsoláthair pinsean, mar aon le tionchar na ndámhachtainí pá inphinsin.

Tá an Bord buartha go ndearnadh deimhniú ar na Tograí Maoinithe atá ann cheana féin, a ceadaíodh in 2013 agus a bhí ceaptha na Scéimeanna a fhágáil i riocht sócmhainneach faoi mhí na Nollag 2023, mar chinn nach bhfuil ag cloí leis an bplean. A fhad is a bheidh na Scéimeanna Pinsean amhlaidh, cuireann sé sin leis an mbaol nach slán sábháilte iad na pinsin amach anseo do dhaoine atá fostaithe againn anois. Ní mór d'Iontaobhaithe an dá scéim pinsin de chuid CIÉ togra maoinithe athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Údaráis chun dul i ngleic leis an easnamh atá ann cheana agus é ina chuspóir é sin a laghdú go hiomlán i gcomhréir leis an gCaighdeán Maoinithe Íosta.

Cé go bhfuil CIÉ fós tiomanta do na leibhéil mhaoinithe atá leagtha amach i dTograí na bliana 2013, is é beartas CIÉ é go bhfuil gá le hathruithe ar na Scéimeanna anois chun teacht aniar ón stádas 'nach bhfuil ag cloí leis an bplean' agus nach mór iad a fheidhmiú ar bhonn comhaontaithe le baill na scéimeanna, agus ar an mbonn sin amháin.

## Cúrsaí Comhshaoil

Tá an Grúpa fós ag tacú le timpeallacht níos glaine agus tacaíonn sé le húsáid feithiclí atá tíosach ar bhreosla agus seirbhísí iompair phoiblí á soláthar aige. Measann an Grúpa go laghdaítear astaíochtaí carbóin in aghaidh an duine de bhreis is 80% nuair a úsáidtear seirbhísí iompair phoiblí i gcomparáid le mótarfheithiclí príobháideacha.

## Rialachas

Is mian le Bord CIÉ ár mbuíochas a ghabháil leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tUasal Shane Ross, agus leis na hoifigigh sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Is mór againn an tacaíocht a thug siad don Ghrúpa i rith na bliana.

Bíonn an Grúpa ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid. Tríd an rannpháirtíocht chomhoibríoch, is féidir linn a bheith ag obair leis an Scairshealbhóir, leis an Údarás agus leis an Rialtóir chun réitigh a chur i bhfeidhm a thugann fíorluach do na custaiméirí. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don chúnamh a thug oifigigh ó na heagraíochtaí sin dúinn le linn an phróisis chomhoibríoch ghníomhaigh seo atá ar bun.

Tá dhá fholúntas ar Bhord CIÉ faoi láthair. Tá imní ar an mBord toisc nach bhfuil duine ar bith ag gabháil do ról Chathaoirleach CIÉ anois ó bhí Iúil 2017 ann. Tá an folúntas leanúnach sin ina lagú suntasach ar na socruithe rialachais atá ag Bord CIÉ.

Mar fhocal scoir, is mian linn freisin buíochas a ghabháil le Comhaltaí Boird agus le Stiúrthóirí na bhfochuideachtaí go léir as cúnamh a thabhairt dá bhfochuideachtaí féin agus do CIÉ agus as tacú leo. Is mór againn go dtugann siad a gcuid ama chun fónamh mar chomhaltaí Boird agus ar na coistí agus na grúpaí comhairleacha ríthábhachtacha éagsúla laistigh den Ghrúpa.

**Bord CIÉ**


Fly into the city
Airlink
airport city
€6 one way
€10
VG32

# Athbhreithniú Airgeadais


## Ioncam

Chuir an Grúpa 4.3% lena ioncam ó tháillí, ar bhonn méadú 4.9% ar líon na n-aistear paisinéirí in 2017. Tá an laghdú ioncaim de bharr luach níos fearr a bheith le fáil ón gCárta Leap ina chúis le cuid den laghdú ar an ioncam foriomlán in aghaidh an phaisinéara.

Tháinig méadú 1.6% ar an ioncam iomlán, lena n-áirítear fóirdheontais agus cistiúchán ón Státchiste.

Ba é €932 milliún ioncam an Ghrúpa ó oibríochtaí in 2017 agus is féidir miondealú a dhéanamh air sin de réir cuideachta agus gníomhaíocht ghnó mar seo a leanas:

**Ioncam ó Tháillí agus Ioncam Tráchtála €m**




## TRÚCDA

Léiríonn torthaí oibriúcháin an Ghrúpa i leith na bliana 2017 tuilleamh €29 milliún roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh (TRÚCDA) agus roimh chostais eisceachtúla agus brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta. Sin laghdú €29 milliún i gcomparáid le 2016. Taispeántar mionsonraí ar an ngluaiseacht san TRÚCDA thall:

Taispeántar an tábla gur chuir an méadú nach beag ar ioncam ó tháillí ar a chumas do Ghrúpa CIÉ níos mó seirbhísí a sholáthar, a easnamh i dtaobh cothabháil bonneagair a laghdú agus laghdú a dhéanamh ar an gcistiúchán oibriúcháin a bhí de dhíth ón Státchiste.

Taispeántar sa tábla freisin go bhfuil méadú fós ag teacht ar chostas soláthair pinsean faoi na socruithe atá ann faoi láthair agus gurb é sin an phríomhchúis leis an laghdú suntasach bliain ar bhliain san TRÚCDA.

## Gluaiseacht sa TRÚCDA 2016 go 2017

| | €m |
|---|---|
| **TRÚCDA 2016 iarbhír** | **58** |
| Ábhair | (40) |
| Coigeartú Pinsean FRS 102 | (28) |
| OSP/Cistiúchán ón Státchiste | (19) |
| Méadú ar an bpárolla (1%) | (6) |
| Eile | 2 |
| Éilimh | 6 |
| Breosla | 18 |
| Ioncam ó Oibríochtaí | 38 |
| **Gluaiseacht san TRÚCDA** | **(29)** |
| **TRÚCDA Tréimhse 13 2017** | **29** |

Is iad na príomhchúiseanna leis an athrú ar an TRÚCDA:

(i) Tá gaol idir an t-ardú costais maidir le hábhair agus seirbhísí agus méid na seirbhísí den chuid is mó, agus tá an t-ardú sin bunaithe go príomha ar an infheistíocht bhreise i gcothabháil bonneagair in Iarnród Éireann, ar an méadú ar an gcostas a bhaineann le conraitheoirí na Seirbhíse Iompair Scoile, agus ar na costais chothabhála sa dá chuideachta busanna. Rinneadh cuid mhaith de sin a chúiteamh leis an gcostas breosla ní b'ísle i gcomhair na bliana 2017. In 2017, d'infheistigh Iarnród Éireann suim €12 mhilliún de bhreis ar an gcistiú in ábhair agus seirbhísí iarnróid trí infheistíocht a dhéanamh i gcostais chothabhála, costais oibriúcháin agus costais eile a bhaineann le hábhair agus seirbhísí. Thug Bus Éireann tacaíocht do leathnú breise ar na Seirbhísí Iompair Scoile agus ar bhusanna eile ar cíos ar chostas glan €12 mhilliún.

(ii) De bharr úsáid níos mó a bheith á baint as an gCárta Leap, a bhfuil luach níos fearr ar airgead le fáil as, laghdaítear an meánioncam ó tháillí in aghaidh an aistir, agus mar sin is ísle an méadú 4.3% ar an ioncam iomlán ó tháillí ná an t-ardú 4.9% ar líon iomlán na n-aistear paisinéirí.

(iii) Tháinig méadú thart ar 1% ar chostais an phárolla i gcomparáid le 2016; tá laghdú suntasach ar an bpárolla de bharr gníomhaíocht thionsclaíoch in Iarnród Éireann agus i mBus Éireann in 2017.

(iv) Chomh maith leis an méadú sin ar chaiteachas, tá méadú thart ar €28 milliún tagtha ar chostas seirbhíse reatha na scéimeanna pinsean. Cé nach costas airgid i rith na bliana é an méadú sin, leagtar béim leis ar an riosca a bhaineann le soláthar pinsean san fhadtréimhse faoin tsamhail reatha um sholáthar pinsean.

## Barrachas don Bhliain

**Ghin an Grúpa glan-easnamh €43 milliún in 2017. Meath suntasach €71 milliún a bhí ansin i gcomparáid le barrachas €28 milliún na bliana roimhe sin, mar a léirítear thíos. Taispeántar thíos mionsonraí na gluaiseachta sa Bharrachas/(Easnamh):**

## Gluaiseacht sa Bharrachas 2017 i gComparáid le 2016

| **Gluaiseacht** | **€m** |
|---|---|
| Barrachas mar a bhí in 2016 | 28 |
| Gluaiseacht san TRÚCDA | (29) |
| Aisíocaíocht CBL in 2016 nach bhfuarthas in 2017 | (27) |
| Costais eisceachtúla maidir le hathstruchtúrú | (16) |
| Ús – coigeartú faoi FRS 102 | (6) |
| Eile | 1 |
| Dímheas | 2 |
| Brabús ar Dhiúscairt | 4 |
| **Easnamh 2017** | **(43)** |


Léirítear sa tábla gurb iad na cúiseanna leis an meath ar fheidhmíocht an Ghrúpa:

(i) Costas na bpinsean, ar tháinig méadú €6 mhilliún air, rud a léiríonn tionchar na rátaí úis a bheith ag titim.

(ii) Soláthar Phlean Mhór-Athraithe Bhus Éireann.

(iii) Gur gnóthachain aonuaire a tharla in 2016 de bharr aisíocaíocht CBL stairiúil.

### Cistiú Iomlán ón Stát




| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN | 922 | 754 | 718 | 652 | 448 | 408 | 500 | 451 | 431 | 446 |
| CAPITEAL & EILE | 613 | 451 | 442 | 277 | 170 | 182 | 288 | 262 | 219 | 236 |
| OSP | 309 | 303 | 276 | 265 | 278 | 226 | 212 | 190 | 212 | 210 |

## Saoráidí Baincéireachta

**Bainistíonn an Grúpa a chuid riachtanas i dtaobh ciste trí shaoráidí baincéireachta tiomanta.**

I mí Eanáir 2018, chuir an Grúpa i gcrích an chaibidlíocht lena bhainc i ndáil le hathmhaoiniú a dhéanamh ar na saoráidí baincéireachta atá ar fáil don Ghrúpa agus iad a mhéadú. Is saoráid thiomanta €108 milliún atá i gceist ar feadh tréimhse thosaigh cúig bliana le dhá rogha chun síneadh bliana a chur léi, is infheidhmithe le toiliú an dá pháirtí ag deireadh bhliain a haon agus bhliain a dó den tsaoráid.

## An Cistiúchán Iomlán a Fuarthas ón Státchiste

**Tá an cistiúchán ón Státchiste (Caipiteal agus Ioncam) cobhsaithe le blianta beaga anuas ar leibhéil atá cuid mhaith faoi bhun na leibhéil chistithe a sholáthraítí go dtí 2010.**

Beidh srian níos mó agus níos mó ag teacht ar an mborradh seasta atá faoi líon na n-aistear ar sheirbhísí iompair phoiblí ceal infheistíocht bhreise a bheith ann chun seirbhísí iompair phoiblí breise a sholáthar agus a choinneáil ar bun.

Cuireann CIÉ fáilte roimh an bPlean Forbartha Náisiúnta a fógraíodh le déanaí, ina bhfuil cur síos ar infheistíocht bhreise nach beag sa tréimhse 2018-2027.

Mar a léirítear sa ghraf thuas, níl an infheistíocht iomlán san iompar poiblí ag coinneáil suas leis an méadú ar líon na n-aistear custaiméirí. Tharla an laghdú ar an gcistiú, i ndearbhthéarmaí agus i gcoibhneas leis an éileamh (aistir custaiméirí), san infheistíocht chaipitiúil agus san ioncam ó chonarthaí OSP i ndáil le seirbhísí iompair phoiblí atá inmhianaithe i leith a ngné shóisialta ach nach bhfuil inmharthana ón ngné thráchtála de.

Tá fianaise láidir sa ghraf ar théarnamh i dtaobh líon na n-aistear paisinéirí agus aithnítear ann an dúshlán a bhaineann le cistiú cuí a chinntiú chun tacú le soláthar seirbhísí cuimsitheacha iompair phoiblí ionas gur féidir freastal ar an éileamh méadaithe. Ina theannta sin, fuair Bus Átha Cliath tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair trí íocaíochtaí neamhairgid thart ar €29 milliún a bhaineann le busanna a fháil ar léas, rud nach léirítear sna figiúirí thuas.


## Forbairtí Airgeadais Suntasacha Eile

**Chuaigh an t-easnamh sa ghlanchiste pinsean ag deireadh na bliana cuid mhór chun donachta in 2017, ó €54 milliún go €784 milliún.**

Tá scéimeanna pinsean le sochar sainithe á bhfeidhmiú ag an nGrúpa, atá á gcistiú ag ranníocaíochtaí ón nGrúpa agus ó na fostaithe. Tá na sochair scoir atá á soláthar faoi na scéimeanna sin á gcistiú ag sócmhainní suntasacha atá infheistithe i gcistí arna riar ag iontaobhaithe.

Glactar leis sa chostas bliantúil a bhaineann le sochair scoir go bhfuil na torthaí sa todhchaí ó shócmhainní agus dliteanais an chiste pinsean ailínithe ar bhonn rátaí úis fadtéarmacha. Riosca nach beag is ea an neamhchosaint ar luaineacht sna rátaí úis fadtéarmacha, agus tá an Grúpa ag féachaint leis an riosca sin a mhaolú trí thograí a chomhaontú leis na páirtithe leasmhara go léir.

## Cistiú ón Stát le hais Líon na nAistear Custaiméirí




| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CISTIÚ | 922 | 754 | 718 | 652 | 448 | 408 | 500 | 451 | 431 | 475 |
| AISTIR | 282 | 252 | 237 | 233 | 229 | 228 | 235 | 241 | 251 | 264 |

Seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana airgeadais is bonn le ríomh an easnaimh i rith na bliana:

(i) Tháinig laghdú beag ar an ráta lascaine, rud a mhéadaigh an costas seirbhíse bliantúil. Tháinig méadú nach beag ar an muirear úis gaolmhar mar gheall ar an méadú ar easnamh na bliana ó 2015 go 2016, a bhfuil tionchar dar luach €12 mhilliún aige ar mhuirear úis na bliana 2017.

(ii) Muirear Seirbhíse: Cuireadh san áireamh an bonn tuisceana maidir le hardú tuarastail agus na comhaontuithe pá a rinneadh le déanaí mar aon le hathruithe ar an ráta lascaine chun meastachán a dhéanamh ar chostas seirbhíse (bliain bhreise amháin) na scéime tríd an gcuntas brabúis agus caillteanais. Thart ar €28 milliún breise atá i gceist.

(iii) Leis an bhfeabhas a tháinig ar fheidhmíocht na n-infheistíochtaí i rith na bliana, rinneadh cúiteamh páirteach €76 milliún ar an méadú iomlán ar an dliteanas pinsin, ach tá sé sin féin á chúiteamh ag na hathruithe thart timpeall is €90 milliún sna boinn tuisceana i dtaobh an dliteanais fhadtéarmaigh.

(iv) Is é glanchostas breise an easnaimh phinsin ná €54 milliún san iomlán.

Le linn 2017, bhí ar an dá scéim sin tograí athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Údaráis Pinsean lena mbainfear amach sócmhainneacht sna scéimeanna faoi dheireadh 2023. Go dtí seo níor aontaíodh tograí cistithe go fóill. Is iad Iontaobhaithe na Scéime atá freagrach as tograí athbhreithnithe i dtaobh cistithe a chur isteach.

Mar sin féin, is é beartas CIÉ é, mar urraitheoir, cuidiú le tograí a ullmhú a n-aontóidh an fhoireann leo, rud a bheidh ina bhunús le haghaidh Togra Cistithe athbhreithnithe.







# Conarthaí OSP

## Ioncam ó na Conarthaí OSP 2008-2017

**Ní bhfuarthas toradh réasúnta ar chonarthaí OSP an Ghrúpa i rith na bliana. Ní mór don Ghrúpa toradh réasúnta a bhaint amach ar ghníomhaíocht OSP ionas go mbeidh sé féin inbhuanaithe ó thaobh airgeadais.**

Oibríonn Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann ('fochuideachtaí oibríocha') seirbhísí iompair phoiblí atá inmhianaithe i leith a ngné shóisialta ach nach bhfuil inmharthana ar bhonn tráchtála faoi chonarthaí OSP ón Údarás Náisiúnta Iompair.

Bíonn fochuideachtaí oibríocha an Ghrúpa ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun na seirbhísí iompair phoiblí is fearr is féidir a chur ar fáil ar fud na trí chuideachta, ó thaobh minicíochta agus cáilíochta de. Ní bhfuarthas toradh réasúnta ar chonarthaí OSP an Ghrúpa i rith na bliana, áfach. Is féidir anailís a dhéanamh ar an gcaillteanas carnach ar chonarthaí OSP ó 2008 i leith mar seo a leanas:

Lean an Grúpa ar aghaidh ag seasamh na gcaillteanas sin agus feabhas á chur aige ar líon, cáilíocht agus minicíocht na seirbhísí iompair phoiblí a sholáthraíonn sé. Ba cheart toradh réasúnta a bheith le déanamh ar na conarthaí OSP ionas gur féidir seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar agus bonn caipitil an Ghrúpa a chur ar ais ar leibhéal cuí.

| Bliain | OSP Aistir Paisinéirí (milliún) | Ioncam ón tSeirbhís Phoiblí €m | Costais na Seirbhíse Poiblí €m | Fáltais ón gConradh OSP €m | Easnamh ar an gConradh OSP €m | Easnamh Carnach ar an gConradh OSP €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2008 | 227.7 | 469 | (817) | 309 | (39) | (39) |
| 2009 | 200.8 | 441 | (771) | 303 | (27) | (66) |
| 2010 | 186.4 | 402 | (721) | 276 | (43) | (109) |
| 2011 | 182.9 | 389 | (700) | 265 | (46) | (155) |
| 2012 | 180.5 | 406 | (724) | 278 | (40) | (196) |
| 2013 | 179.7 | 440 | (682) | 226 | (16) | (212) |
| 2014 | 186.1 | 465 | (669) | 212 | 8 | (204) |
| 2015 | 192.3 | 489 | (683) | 190 | (5) | (208) |
| 2016 | 203.1 | 513 | (728) | 212 | (3) | (211) |
| 2017 | 215.1 | 536 | (748) | 210 | (2) | (213) |

# Athbhreithniú CIÉ ar Chúrsaí Comhshaoil

## Forbhreathnú ar Ídiú Fuinnimh an Ghrúpa in 2017

Áirítear iad seo a leanas le hídiú fuinnimh an Ghrúpa:

- Ola dhíosail d'fhlíteanna bus Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann, do charráistí Intercity Iarnród Éireann agus do na Traenacha Díosail Ilaonad;
- Leictreachas a úsáidtear ar sheirbhís DART Iarnród Éireann, i gcrosairí comhréidhe uathoibríocha, i stáisiúin traenach agus bhus, i seomraí trealaimh, i gceardlanna agus i dtaobh riachtanais ghinearálta oifige;
- Gás nádúrtha agus ola théimh le haghaidh oifigí agus ceardlanna a théamh.

Tá an phróifíl úsáide i leith 2017/2016 leagtha amach sa tábla thíos.

Tá an laghdú leanúnach ar an méid fuinnimh a ídítear in aghaidh gach milliún aistear custaiméirí leagtha amach thíos:

| | MWh 2017 | MWh 2016 |
|---|---|---|
| Ola dhíosail le haghaidh tarraingt feithiclí | 989,761 | 999,544 |
| Leictreachas le haghaidh tarraingt feithiclí | 25,240 | 24,500 |
| Leictreachas le haghaidh cuspóirí eile | 47,539 | 47,152 |
| Gás | 22,778 | 25,357 |
| Ola théimh | 447 | 793 |
| **Tomhaltas Fuinnimh iomlán** | **1,085,765** | **1,097,346** |

### Bearta a Glacadh Chun Costais Fuinnimh a Laghdú

Tá an Grúpa ag díriú go leanúnach ar chostas an fhuinnimh a laghdú an oiread is féidir. Seo a leanas roinnt de na bearta a rinneadh in 2017 agus atá pleanáilte le haghaidh 2018:


#### *Bus Átha Cliath*

***Bearta a Rinneadh in 2017***

In 2017 thug Bus Átha Cliath faoi roinnt tionscnamh a raibh sé mar aidhm leo an fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Glacadh le 100 bus nua atá feistithe le hinnill ar chaighdeán Euro 6 – inneall níos lú agus níos éifeachtaí a úsáidtear le fonnadh níos éadroime chun ídiú breosla a laghdú;
- Oiliúint Vigil Vanguard do thiománaithe;
- Teicneolaíochtaí tiomána éiceolaíche trí Dheimhniú Inniúlachta Gairmiúla (CPC) do thiománaithe;
- Soilse LED a iarfheistiú in oifigí;
- Triail a bhaint as soilse dé-óid astaithe solais (LED) in ionaid arda sna ceardlanna agus sna clóis; agus
- Triail a bhaint as uathchóras bainistíochta breosla.





*Bearta i gComhair 2018*

In 2018 tá sé ar intinn ag Bus Átha Cliath a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú a thuilleadh trí na tionscnaimh seo a leanas a chur i gcrích:

- Tuilleadh feithiclí nua a cheannach a bheith feistithe le hinnill ar chaighdeán Euro 6. tógfaidh na feithiclí nua sin áit seanfheithiclí nach bhfuil chomh héifeachtach leo;
- Trialacha ar theicneolaíocht tiomána éiceolaíche don fhlít ag úsáid teileamaitic ar bord;
- Uathchóras bainistíochta breosla a shuiteáil i ngach iosta;
- Iarfheistiú iomlán ar shoilse LED;
- An Córas Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 a chur chun feidhme; agus
- Monatóireacht fheabhsaithe ar fhuinneamh agus cuíchóiriú ar chumas fuinnimh.

Leanfaidh Bus Átha Cliath ag cuardach deiseanna eile fós chun fuinneamh a spáráil trí na foirne áitiúla bainistíochta fuinnimh.

## Bus Éireann

*Spriocanna Fuinnimh a Baineadh Amach in 2017*

I rith 2017, chuir Bus Éireann na bearta seo a leanas i bhfeidhm d'fhonn ráta ídithe fuinnimh na Cuideachta a laghdú:

- Cuireadh le líon na bhfeithiclí atá feistithe le córais uathoibreacha chun innill a stopadh agus iad díomhaoin;
- Tá 34% den fhlít ag rith anois ar innill nua Euro VI, atá níos glaine;
- Agus úsáid níos mó á baint as teileamaitic sa fhlít seirbhíse (47%), is féidir monatóireacht a dhéanamh ar ídiú breosla ar fud réimse níos leithne feithiclí anois;
- Rinneadh monatóireacht ar úsáid fuinnimh ar fud iostaí Bhus Éireann agus a chuid stáisiún bus in 2017;
- Cuireadh tús le hanailís ar úsáid fuinnimh ag an gCloch Leathan chun mórthomhaltóirí fuinnimh a aithint;
- Laghdaíodh an t-achar ama a bhíonn innill air agus iad díomhaoin ó sheacht nóiméad go cúig nóiméad ar gach feithicil nua.

*Tionscnaimh i gComhair na Bliana 2018*

- Comhéadan teileamaitice na dtiománaithe, forbairt feidhmíochta na dtiománaithe agus oiliúint spriocdhírithe i leith na tiomána éiceolaíche a chur i bhfeidhm;
- Leanúint ar aghaidh ag infheistiú i mbusanna nua a mbíonn astaíochtaí ísle uathu;
- A bheith ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair ar fhorbairtí agus pleananna nua maidir le breosla malartach;
- Roinnt tionscnamh a bhaineann le soilse LED i gcomhair 2018.

## Iarnród Éireann

*Bearta a Rinne Iarnród Éireann in 2017 agus Cinn atá Pleanáilte le haghaidh 2018*

Lean Iarnród Éireann ar aghaidh in 2017 lena chuid oibre ar roinnt leibhéal:

- Breosla Díosail i gcomhair tarraingthe;
  - Cuireadh i gcrích clár tástála (Iosta Chorcaí) chun fíorú a dhéanamh ar éifeachtúlacht táirge (Environ) a laghdaíonn ídiú breosla (agus a choinníonn glan na scagairí DP) in innill fhrithingeacha díosail. Is ó iosta Chorcaí amháin a chuirtear breosla sa fhlít 2600 (flít comaitéireachta Chorcaí), agus léiríonn an anailís sonraí go bhféadfar 6 – 9% den chostas a spáráil. Tá Iarnród Éireann ag obair anois chun an conradh agus na socruithe a chur i gcrích;
  - Innill traenach – Athsholáthar;
    - Tá tionscadal ar bun chun innill éifeachtacha nua-aimseartha, ar lú iad ná na sean-inill, a chur in ionad na n-inneall 2-stróc atá 20 bliain d'aois. Tá múchadh uathoibríoch ina ghné chaighdeánach sna hinnill nua;
    - Beidh na tairiscintí istigh in Aibreán 2018, agus dámhfar an conradh sa 4ú ráithe de 2018;
    - D'fhéadfadh srianta buiséid a fhágáil nach leanfar ar aghaidh leis an tionscadal sin;
  - Giarbhosca sna Traenacha Díosail Ilaonad (Ráilcharranna Intercity) – Athsholáthar;
    - Cuireadh staidéar féidearthachta i gcrích agus d'fhéadfadh an tionscadal sin 15% den chostas a spáráil i leith na dtraenacha sin. Lena chois sin, éascaíonn an triail seo d'fheithiclí a thiontú ina bhfeithiclí hibrideacha sula i bhfad. Beidh traein trí charráiste réidh le triail a bhaint aisti ag teannadh le deireadh na bliana 2018;
    - D'fhéadfadh srianta buiséid a fhágáil nach leanfar ar aghaidh leis an tionscadal sin;
  - Tá sé beartaithe an flít 2700 DMU a thabhairt isteach arís in 2020 chun freastal ar an éileamh méadaitheach ó chustaiméirí;
    - Tá sé ina rogha faoin nglao ar thairiscintí go gcuirfí córas nua-aimseartha atá tíosach ar bhreosla in ionad an phacáiste tarraingthe;
    - Tá tús curtha leis an bpróiseas tairisceana;
  - Táthar ag smaoineamh ar an bhflít DART 8200 a thabhairt isteach arís chun freastal ar an éileamh méadaitheach ó chustaiméirí. Tá staidéar féidearthachta ar siúl;
  - Bainistíocht bhreosla sna hinnill;
    - Feistíodh córas cianmhonatóireachta agus tuairiscithe ar an bhflít inneall 201 in 2017, lena ndéantar monatóireacht ar úsáid bhreosla, ar shuíomh agus ar fhad achair. Déanfar an flít inneall 071 a fheistiú in 2018;
    - Tugadh isteach cothabháil ar bhonn míleáiste ar an bhflít carranna iarnróid de chuid InterCity i mí na Nollag 2017. Beidh an tionchar aige sin go dtiocfaidh laghdú 15% ar an aga díomhaoin ina mbeidh an flít á chothabháil agus mar sin is dócha go gcuirfear leis an achar ama oibríochta agus leis an míleáiste seirbhíse;

- Leictreachas le haghaidh tarraingt feithiclí;
  - Tá cúrsaí gan athrú ó 2016 ina leith sin;
    - Tá tuilleadh athruithe ar na Bogearraí Rialaithe Tarraingthe curtha siar go dtí go mbeidh an tseirbhís 'DART 10 nóiméad' curtha chun feidhme agus í socraithe síos. Tá athruithe ar na leibhéil Uasacmhainne Iompórtála curtha siar freisin; is dócha gur gá dúinn cur leo sin chun freastal ar ualaí níos mó le linn na mbuaicthréimhsí;
- Tomhaltas Fuinnimh na bhFoirgneamh;
  - Tá soilse atá tíosach ar fhuinneamh fós á gcur in ionad na seansoilse trí chlár leanúnach Cothabhála/ Athnuachana.



# Athbhreithniú ar Oibríochtaí

## Líon na nAistear Paisinéirí

**Tá an Grúpa fós ag soláthar seirbhísí iompair phoiblí atá sábháilte agus dírithe ar na custaiméirí, a bhfuil a líon ag dul i méid.**

| Líon na nAistear Custaiméirí | 2017 m | 2016 m | Athrú m |
|---|---|---|---|
| Bus Átha Cliath | 139 | 128 | 11 |
| Bus Éireann | 38 | 40 | (2) |
| Iarnród Éireann | 46 | 43 | 3 |
| **Aistir custaiméirí, gan Iompar Scoile san áireamh** | **223** | **211** | **12** |
| Iompar Scoile | 41 | 41 | – |
| **Iomlán na nAistear Custaiméirí** | **264** | **252** | **12** |

Tháinig méadú 4.8% ar líon na n-aistear custaiméirí in 2017. Tá líon iomlán na n-aistear ag dul i méid de bharr an téarnaimh sa gheilleagar náisiúnta, ach tá cuid mhór le déanamh fós chun filleadh ar na buaicleibhéil a baineadh amach in 2008 nuair a chuir Grúpa CIÉ ('an Grúpa') 282 milliún aistear ar bun.



### Rannpháirtíocht leis na Custaiméirí agus Feabhas ar Cháilíocht Seirbhíse

Anseo thíos tá cuid de bhuaicphointí na dtionscnamh atá curtha i gcrích nó atá ar bun chun feabhas a chur ar sheirbhísí an Ghrúpa le linn 2017:

*Bus Átha Cliath:*

- Tháinig méadú eile ar úsáid an Chárta LEAP, a úsáidtear anois i gcás fhormhór na n-aistear custaiméirí le Bus Átha Cliath. Ach an Cárta LEAP a úsáid, féadfaidh custaiméirí leas a bhaint as táillí atá thart ar 20% níos ísle ná na táillí a íoctar ar an mbus féin;
- Tá breis is 11 mhilliún paisinéir breise (8.6%) in aghaidh na bliana ag Bus Átha Cliath i gcomparáid le 2017;
- Bhí sé á cheiliúradh ag Bus Átha Cliath go raibh sé 30 bliain i mbun gnó, agus gurb é fós an t-oibreoir iompair phoiblí is mó ar oileán na hÉireann;
- Cuireadh 100 bus nua le flít busanna Bhus Átha Cliath, a bhfuil a chuid busanna go léir lán-inrochtana;
- Sheol Bus Átha Cliath branda tráchtála nua agus láithreán gréasáin 'DoDublin';
- Ina theannta sin, chuaigh an chuideachta i gcomhairle lena cuid páirtithe leasmhara i rith na bliana 2017 maidir le 'BusConnects', athbhreithniú mór ar an ngréasán OSP a choimisiúnaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair;
- Bhíothas ag díriú go leanúnach ar chumarsáid leis na custaiméirí trí leathnú a dhéanamh ar an gcóras Faisnéise Fíor-Ama do Phaisinéirí (ar chomharthaí ag stadanna bus, ar an láithreán gréasáin agus ar an aip mhóibíleach).

*Bus Éireann:*

- Rinneadh 79 milliún aistear paisinéirí san iomlán in 2017;
- Seoladh láithreán gréasáin nua Expressway in 2017;

- Le linn 2017, cuireadh córas bainistíochta fón nua i bhfeidhm chun tacú le Seirbhísí Iompair Scoile Bhus Éireann;
- Cuireadh feithiclí nua leis an bhflít, feithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí agus ina bhfuil suíocháin tosaíochta do phaisinéirí faoi mhíchumas luaineachta, agus anois tá 86% dár bhflít oiriúnach do chathaoireacha rothaí;
- Taistealaíonn breis is 115,000 páiste ar bheagnach 6,800 bealach scoile;
- Freastalaíonn na seirbhísí iompair scoile ar thart ar 3,000 scoil ar fud na tíre gach lá scoile;
- Cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna breis is 460 Seirbhís Iompair Scoile nua in 2017;
- Tá beagnach 12,000 páiste ann ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus a gcuirimid seirbhís ó dhoras go doras ar fáil dóibh.

*Iarnród Éireann:*

- Mar thoradh ar fheachtais mhargaíochta agus ar bhearta nua maidir le bainistíocht ioncaim, tháinig méadú 16% ar an ioncam ó fhoinsí ar líne, go dtí €39 milliún;
- Tháinig méadú 10% ar an ioncam ó TaxSaver, go dtí €36 milliún, agus tá an líon is mó cuideachtaí go fóill cláraithe lenár bhfoireann díolacháin gnó, rud ba chúis le borradh eile úsáide i measc na gcuideachtaí rannpháirteacha;
- De bharr feachtais mhargaíochta i measc mic léinn, tháinig méadú 9% ar an ioncam ina leith den séú bliain as a chéile, go dtí €16 mhilliún;
- I mí Aibreáin 2017, cuireadh i gcrích céim a haon den chlár 'Tús Áite don Chustaiméir', faoina bhfuil athrú ó bhonn á dhéanamh, trí thionscnaimh theicneolaíochta, ar an gcaoi a idirghníomhaíonn Iarnród Éireann lena chustaiméirí agus a ndéanann sé gnó leo;
- Athosclaíodh Tollán Pháirc an Fhionnuisce le haghaidh seirbhísí traschathrach i mí na Samhna 2016. Tháinig méadú ar líon na bpaisinéirí ar feadh 2017, agus rinneadh 700,000 aistear paisinéirí ar an mbealach sin anuraidh;
- Bhí an t-ioncam ó lasta iarnróid, lena n-áirítear Seoladh Lastaí Navigator, cothrom le €8 milliún i leith 2017, agus 100 milliún ciliméadar tonna san iomlán a bhí i gceist;
- Is é Iarnród Éireann an t-údarás calafoirt ag Europort Ros Láir, an dara calafort farraige is gnóthaí sa Stát ó thaobh gluaiseachtaí loinge, trácht turasóireachta agus lasta aonadaithe. B'ionann ioncam oibriúcháin na bliana 2017 i leith Europort Ros Láir agus €11 mhilliún, a bhí ag teacht le figiúr na bliana 2016;
- Tá ag éirí go maith leis an tionscadal um Ghlanadh Ballasta ar cuireadh tús leis in 2015. In 2017, rinneadh athnuachan ar fhad 24 míle den rian, agus tá fad 70 míle den rian san iomlán curtha i gcrích anois;
- Is céim mhór chun cinn é an conradh muilleoireachta iarnróid sa chlár um laghdú riosca don tsócmhainn rianta agus bainfear tairbhe nach beag as trí shaolré na ráillí a uasmhéadú. Cuireadh an chéad bhliain de i gcrích in 2017 agus rinneadh cóireáil ar fhad 210 míle ráillí a raibh locht orthu;
- Uasghrádú ar Stáisiún Luimnigh;
  - Comharthaíocht – cuireadh comhghlasáil soladstaide (SSI) úrscothach in ionad córas athsheachadta a bhí beagnach 100 bliain d'aois. Is córas rialaithe comharthaíochta nua-aimseartha atá i gceist ansin. Baineadh cábán comharthaíochta chomh maith;
  - Rinneadh an t-ardán a athnuachan, cuireadh fad leis agus suiteáladh maolán frithchuimilte;
- Rinneadh bealach isteach nua faoi thalamh chuig Stáisiún an Cheanntaigh, ina bhfuil ardaitheoirí agus staighre, agus bóthar rochtana nua ó Ché Uí Argáin.

## Eintiteas CIÉ ('CIÉ')

Feidhmíonn CIÉ trí mhór-aonad gnó – an Líonra Fógraíochta Comaitéirí, CIÉ Tours agus Aonad Maoine an Ghrúpa – agus soláthraíonn sé seirbhísí tacaíochta do Bhus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann ('fochuideachtaí oibríocha'). Déantar an t-ioncam a ghintear tríd an Líonra Fógraíochta Comaitéirí agus Aonad Maoine an Ghrúpa a leithdháileadh go hiomlán ar na fochuideachtaí oibríocha chun an costas a bhaineann leis na seirbhísí OSP a laghdú.

## An Líonra Fógraíochta Comaitéirí

Choinnigh an Líonra Fógraíochta Comaitéirí leis an treocht dhearfach fáis a bhí le sonrú le blianta beaga anuas, agus bhí méadú 11% san áireamh leis an ioncam €8m. Feidhmíocht láidir a bhí i gceist ansin i bhfianaise mhéid an mhargaidh fógraíochta 'As Baile' a bheith gan athrú le linn 2017

Bhí feidhmíocht an Líonra Fógraíochta Comaitéirí á spreagadh ag feidhmíocht conarthaí agus ag toradh ar infheistíocht ón uasghrádú leanúnach ar shócmhainní fógraíochta, go háirithe acmhainní digiteacha agus gléasra le taobh an bhóthair. Chomh maith leis an ioncam ón bhfógraíocht, lean na fochuideachtaí oibríocha ar aghaidh ag baint leas as spásanna fógraíochta an Líonra ina lán dá gcuid feachtas margaíochta féin in 2017.

Tá méadú an-bheag á thuar ar an tionscal fógraíochta As Baile i rith 2018, agus meastar gur 0 ~ 2% a chaithfear ar fhógraíocht. Meastar go mbeidh feidhmíocht ioncaim an Líonra Fógraíochta Comaitéirí ag teacht le réamhaisnéisí an tionscail.

*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## CIÉ Tours

| | 2017 €m | 2016 €m | Athrú €m |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó na turais | 107 | 99 | 8 |
| Barrachas oibriúcháin | 7 | 5 | 2 |

Bhí an fheidhmíocht airgeadais ab fhearr fós i dtaobh ioncaim agus brabúis ag cuideachta CIÉ Tours in 2017 agus sáraíodh spriocanna an bhuiséid agus na réamh-mheastachán.

Ghin an t-aonad gnó ioncam €107 milliún, sin méadú 8% i gcomparáid le 2016. Tháinig méadú ar líon na bpaisinéirí a bhí ag taisteal go 47,152 duine agus bhí méadú 5% bliain ar bhliain i gceist ar fud na dtáirgí uile talún, aeir agus árachais. Tháinig méadú beagnach 3% ar an meánchaiteachas in aghaidh an duine freisin. De bharr méadú mór a bheith tagtha ar an ioncam talún agus an ioncam árachais, rinneadh cúiteamh agus sárú ar an meath a tháinig ar ioncam aeir mar gheall ar lascainí móra a bheith le fáil ar phraghsanna aeir.

Rinneadh infheistíocht mhór in 2017 freisin i gcumas an ghnólachta chun fás inbhuanaithe a spreagadh feasta. Mar chuid de straitéis cúig bliana an aonaid ghnó i leith fás ar bhonn athruithe, neartaigh an chuideachta a foireann bhainistíochta, a tionscnaimh mhargaíochta, a feabhsuithe teicneolaíochta agus an úsáid a bhaintear as saineolas de chuid tríú páirtithe a bhaineann go sonrach le tionscnaimh straitéiseacha.

## Maoin an Ghrúpa

Rinneadh ioncam €20 milliún ó chíos in 2017, méadú €16 mhilliún i gcomparáid le 2016. Ba é príomhchúis an mhéadaithe sin comhaontuithe reatha maidir le ceadúnais snáthoptaice agus socruithe nua maidir le ceadúnú maoine leis na fochuideachtaí bus.

Fuarthas méid comhlán thart timpeall is €12 mhilliún ó dhiúscairtí maoine, agus tháinig cuid mhór de sin ó dhíol an leasa a bhí ag CIÉ i láithreán i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath láir.

Chuir CIÉ trí phríomhláithreán forbraíochta tráchtála ar an mhargadh trí chomhaontú forbartha in 2017. Mealladh tairiscintí an-láidir ina leith go léir agus tá Bord CIÉ á meas. Tá láithreáin bhreise a bhféadfaí forbairt tráchtála a dhéanamh orthu á meas lena gcur ar an margadh in 2018.

## Cúrsaí Fostaíochta sa Ghrúpa

Bhí 10,098 duine ar an meán fostaithe ag an nGrúpa in 2017, sin 81 duine sa bhreis ar líon na bliana 2016.

Sa tréimhse 2008 go 2014, bhí an Grúpa seasta ag crapadh agus é ag iarraidh cur i gcoinne an drochthionchair de bharr laghdú a bheith tagtha ar an ioncam ó chonarthaí OSP agus de bharr líon na bpaisinéirí a bheith ag titim. Idir 2008 agus 2014 tháinig laghdú 19.3% ar líon na mball foirne, idir dhaoine a d'fhág ar an ngnáthbhealach agus daoine a ghlac le pacáistí téarfa dheonaigh. Rinne an Grúpa cistiú ar na pacáistí téarfa dheonaigh óna chuid acmhainní féin, rud a laghdaigh na costais oibriúcháin, agus laghdaigh sé sin an costas a bhí ar an Státchiste i dtaobh iompar poiblí a sholáthar.

Le teacht an téarnaimh, tá daoine á n-earcú ag an nGrúpa don fhoireann bhunlíne arís chun freastal ar an éileamh breise. Is do Bhus Átha Cliath a earcaíodh formhór na n-iontrálaithe nua de réir mar a leathnaigh sé a cuid seirbhísí.

Mar a léirítear sa ghraf seo a leanas, tá feabhas tagtha ar líon na n-aistear custaiméirí in aghaidh an fhostaí toisc go bhfuiltear ag díriú go leanúnach ar na seirbhísí iompair a chuirimid ar fáil a bheith chomh héifeachtúil agus is féidir.

### Rannpháirtíocht Foirne

Is iad na baill foirne príomhshócmhainn an Ghrúpa. Is é beartas an Ghrúpa é an leas is fearr is féidir a bhaint as an tsócmhainn sin trí chultúr rannpháirtíochta agus oibre foirne. Spreagtar na fostaithe uile chun páirt a ghlacadh i reáchtáil an Ghrúpa trí rannpháirtíocht ghníomhach i bhfoirne tionscadail, i meithleacha oibre agus i dtionscnaimh atá dírithe ar chustaiméirí. In 2017, bhí ceathrar Comhaltaí Oibrithe ar Bhord CIÉ.

### Comhionannas agus Éagsúlacht

Tá an Grúpa tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina gcaitear le fostaithe agus custaiméirí le dínit agus le meas agus ina dtéitear in oiriúint do dhifríochtaí agus a dtuigtear a luach. Ina theannta sin, tá sé ina aidhm againn timpeallacht a chruthú inar féidir leis na daoine go léir lán a n-acmhainneachta a bhaint amach, agus ina bhfuil meas ar réimse leathan cumas, buanna agus dearcthaí aonair agus a dtacaítear leo.


Trína oifigigh chomhionannais, bíonn fochuideachtaí oibríocha an Ghrúpa seasta ag cur feabhas ar an gcomhionannas san ionad oibre i gcás gach grúpa. Déantar athbhreithniú rialta ar an raon tionscnamh Cothromaíochta Oibre is Saoil atá ar fáil d'fhoireann an Ghrúpa. Bíonn an Grúpa rannpháirteach le heagraíochtaí seachtracha éagsúla chun forbairt a dhéanamh ar a chuid cleachtas agus gnáthamh, trí bheith ina bhall den Ghrúpa Oibre um Éagsúlacht sa Láthair Oibre in IBEC, mar shampla.

### Inrochtaineacht


Bímid i mbun caidreamh gníomhach le heagraíochtaí dóibh siúd a bhfuil fadhbanna maol-luaineachta acu chun tosaíochtaí a bhunú i dtaobh rochtain ar fheithiclí, oifigí agus stáisiúin.

Tá rochtain ísealurláir ar gach bus i bhflít Bhus Átha Cliath anois.

### An Meánlíon Oibrithe i nGrúpa CIÉ




### Aistir Custaiméirí ('000) in Aghaidh an Fhostaí




Buaicphointí
Ráiteas Chomhaltaí an Bhoird
Athbhreithniú
Ráitis Airgeadais

## Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn an Grúpa an fhreagracht atá air i dtaobh chomhlíonadh fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 a chinntiú i ngach gné ábhartha. Bhí sé ina bheartas ar fud an Ghrúpa in 2016 cloí le ceanglais an rialacháin sin.

## Costais Chomhairleachta

Ceannaíonn Grúpa CIÉ seirbhísí comhairliúcháin i ndáil le caipiteal intleachtúil a chabhraíonn le cinnteoireacht éifeachtach laistigh den eagraíocht i réimsí casta nuair nach furasta na scileanna a aimsiú laistigh den eagraíocht féin. Seo thíos achoimre ar na réimsí caiteachais comhairliúcháin a thabhaigh an Grúpa in 2017.

## Beartas Soláthair

Tá Beartas Soláthair i bhfeidhm ag an nGrúpa lena chinntiú go gcomhlíonfar Treoracha an Aontais Eorpaigh maidir le Soláthar Poiblí agus Fóntais, mar aon le beartais an Bhoird agus an Rialtais. Cuireadh beagnach na soláthairtí uile os cionn na tairsí cáilíochta chun tairisceana oscailte agus cuireadh isteach in Iris an Aontais Eorpaigh iad nuair ba chuí.

| Costais Chomhairleachta | **€'000** |
|---|---|
| Dlí | 34 |
| Comhairle faoi Chúrsaí Cánach agus Airgeadais | 820 |
| Caidreamh Poiblí/Margaíocht | 126 |
| Achtúireach | 90 |
| Acmhainní Daonna | 330 |
| Eile | 357 |
| Cúrsaí Rialála | 218 |
| Cúrsaí Comhshaoil | – |
| Córais Paisinéirí | 222 |
| Sábháilteacht | 8 |
| Dearadh Straitéise agus Eagraíochta | 569 |
| Cothabháil agus Athnuachan | 288 |
| An Chairt Chustaiméara | 99 |
| Caidreamh Tionsclaíoch | 37 |
| Rannpháirtíocht leis na Páirtithe Leasmhara | 39 |
| Earcaíocht | – |
| Straitéis Eagrúcháin | 193 |
| Feabhsú Gnó | 86 |
| **Iomlán** | **3,517** |
| Méid Caipitlithe san áireamh thuas | 438 |


vodafone
IRFU
Ireland Rugby Team
#TEAM OF US
Expressway
www.expressway.ie
151-D-6216


Expre

*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

# Bus Éireann

## 2017 – Bliain inar Spreagadh Athruithe

D'fhonn cobhsaíocht airgeadais agus iomaíochas feabhsaithe a chinntiú, chuaigh Bus Éireann i gcomhairle leis an bhfoireann go luath in 2017 chun aghaidh a thabhairt ar an drochstaid airgeadais. D'éascaigh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre don phlé sin, agus ansin cuireadh an t-ábhar faoi bhráid na Cúirte Oibreachais. Tar éis gníomhaíocht thionsclaíoch a sheas 21 lá, eisíodh moladh de chuid na Cúirte Oibreachais, vótáil na grúpaí ceardchumainn éagsúla a bhí bainteach air agus ghlac siad leis.

Na príomh-mholtaí ar vótáladh orthu, ar glacadh leo agus a cuireadh chun feidhme in 2017:

- Barrfheabhsú a dhéanamh ar dhualgais agus uainchláir na dtiománaithe chun cur leis an éifeachtúlacht oibríochtúil;
- Ráta pá comhchodach nua a chur i bhfeidhm do ghráid na dtiománaithe;
- An coigeartú a moladh a dhéanamh ar rátaí béilí agus cothaithe;
- Cuireadh tús le clár iomarcaíochta deonaí do chuid mhór ball foirne bunlíne agus ball foirne tacaíochta;
- Uainchláir nua a chur i bhfeidhm don fhoireann maoirseachta;
- Ciorruithe pá agus uaireanta oibre níos faide do ghráid seachas na tiománaithe.

## Infheistíocht Nua sa Fhlít agus Cistiú Nua

### *An Flít OSP*

Cuireadh ar an mbóthar gar do thús na bliana 2017 an chéad chóiste comaitéireachta aon urláir, ina bhfuil 53 suíochán agus a chloíonn le caighdeán astaíochtaí Euro VI, de mhonarú VDL san Ísiltír. Tá 38 díobh sin san iomlán ordaithe.

Cuireadh 35 bus nua eile dhá urlár ar an mbóthar ar bhealaí réigiúnacha, sna cathracha agus ar bhealaí comaitéireachta sa dara leath de 2017. Comhlíonann na feithiclí go léir na caighdeáin astaíochtaí Euro VI is déanaí.

I mí na Nollag 2017 ghlacamar leis an gcéad cheann de 25 cóiste nua VDL dhá urlár le haghaidh bealaí fada comaitéireachta laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

### *Pleananna i gComhair na Todhchaí*

Tar éis gur fógraíodh gar do dheireadh 2017 gur éirigh leis an tairiscint a rinne Bus Éireann maidir le bealaí chathair Phort Láirge, dhearbhaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair go bhfaighidh Bus Éireann 17 mbus cathrach nua in 2018, chun seirbhísí nua a oibriú. Is cineál Streetlite de dhéantús Wrights iad na busanna, a mbeidh fad 10 meádar agus 12 meádar iontu, agus déanfar iad a dhearadh agus a chur le chéile sa Bhaile Meánach.

I gcás an Chonartha Dámhachtana Dírí atá i bhfeidhm faoi láthair, soláthróidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair 25 bus nua dhá urlár i gcomhair cathracha réigiúnacha. Sna busanna nua sin, atá á dtógáil ag Wrights ar fhonnadh de chuid Volvo, beidh doirse láir ionas gur tapa is féidir le paisinéirí tuirlingt daoibh. Tá 72 bus Euro VI ag an bhflít cheana, a fuarthas ó 2015 i leith.

De bharr na hinfheistíochta leanúnaí sa fhlít, beidh ar chumas Bhus Éireann meánaois ár mbusanna agus ár gcóistí a laghdú a thuilleadh agus an flít a fhorbairt a thuilleadh mar cheann atá níos nua-aimseartha, níos iontaofa agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol.

### *Flít Expressway*

Eisíodh tairiscintí gar do dheireadh na bliana 2017 le haghaidh busanna nua ar léas do Expressway. Tá soláthar sna tairiscintí do suas le hocht gcóiste ghalánta dhá urlár a bheith ar an mbóthar idir na cathracha, agus suas le 18 gcóiste aon urláir ar dhá nó trí acastóir le haghaidh seirbhísí lárnacha Expressway thar an tréimhse cúig bliana atá romhainn.

### *Cistiú Caipitil ón Údarás Náisiúnta Iompair*

Le cistiú ón Údarás Náisiúnta Iompair, cuireadh ar chumas na cuideachta infheistíocht €27 milliún a dhéanamh in 2017 i gcomparáid le €15 mhilliún in 2016 i bhflít busanna cistithe. D'infheistigh an chuideachta €6 mhilliún dá hacmhainní dílse freisin i gcaiteachas caipitil in 2017.

### *Ranníocaíocht don Státchiste*

Chuir an chuideachta €55 milliún leis an Státchiste in 2017 (2016: €60 milliún) trí mheán cánacha párolla, CBL, CBL neamh-aisghabhála, dleachtanna custaim agus máil agus cánacha eile.

### *Brú Tráchta*

Ba in olcas a chuaigh an brú tráchta i ngach ceann de chathracha na hÉireann in 2017.

Is mó an méid ama a thóg aistir le linn buaicuaireanta in 2017 i gcomparáid le 2016 agus tá meánluasanna na n-aistear ar an ngréasán Cathrach agus Comaitéireachta chomh dona anois is a bhídís in 2007.

Tá Bus Éireann fós ag dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus é sa tóir ar bhearta tosaíochta bus a laghdóidh an t-achar ama a thógann aistir.

Cuireadh tús le hathbhreithniú ar fud an ghréasáin go léir ar iontaofacht na seirbhíse in 2017. Cuireadh roinnt athruithe ar na sceidil i ngníomh in 2017 chun teacht níos fearr leis an achar ama a thógann na haistir, go háirithe sna Cathracha Réigiúnacha agus i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Leanfar ar aghaidh leis an athbhreithniú sin le linn 2018.

Tugann córais Faisnéise Fíor-Ama do Phaisinéirí cúnamh do chustaiméirí maidir le hintuarthacht seirbhísí. Baintear úsáid astu, mar aon le bealaí meán sóisialta, chun custaiméirí a chur ar an eolas gach lá maidir le deacracht ar bith i dtaobh seirbhísí a bheith in am.

## Innealtóireacht

### *Oiliúint Theicniúil agus Nuashonrú i dTaobh na Teicneolaíochta*

Le linn 2017, leanadh le forbairt ghairmiúil na foirne sna garáistí agus cuireadh i gcrích an bhliain dheireanach dár gclár oiliúna sainiúil trí bliana i leith busanna VDL, Scania agus Volvo. Trí na cláir sin, táthar ag cur feabhas ar chumas foriomlán na ngaráistí chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna leis an bhflít agus ag cur ar a gcumas dár bhfoireann theicniúil coinneáil suas leis an teicneolaíocht inár gcuid busanna nua.

### *Sábháilteacht agus Seiceáil*

In 2017 rinneadh breis is 9,500 babhta cigireachta ar na feithiclí ar fud ár ngréasán náisiúnta garáistí, chun féachaint chuige go bhfuil flít Bhus Éireann réidh chun seirbhíse, le béim mhór ar shábháilteacht agus ar chompord na bpaisinéirí ar fud na seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí, Seirbhísí Expressway agus na Seirbhísí Scoile.

### *Saoráidí*

Cuireadh i gcrích an tionscadal traschathrach LUAS le hoscailt stop na Cloiche Leithne/Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ag Áras na Cloiche Leithne. Tá feabhas mór tagtha ar shábháilteacht agus slándáil an tsuímh de bharr athdhearadh a bheith déanta ar an mbealach isteach chuige, an balla teorann a bheith críochnaithe, athruithe ar shocruithe páirceála agus ar bhainistíocht tráchta, oibreacha draenála dromchla, athruithe ar an soilsiú agus CCTV.

## Sábháilteacht

Tá an rialachas i dtaobh sábháilteachta fós faoi chúram na foirne ardbhainistíochta agus Choiste Sábháilteachta an bhoird. Tá an lucht bainistíochta agus an bord ar aon intinn go bhfuil an tsábháilteacht ríthábhachtach go fóill i ngach gné den ghnó.

Ba iad seo a leanas na buaicphointí móra ó thaobh sábháilteachta i gcaitheamh na bliana:

- Leanadh leis an athchóiriú ar thiomsú staitisticí sábháilteachta Bhus Éireann agus cuireadh béim ní ba mhó ar shonraí timpistí agus teagmhas a thaifeadadh ar an mbonn náisiúnta;
- Baineadh amach laghdú 6% ar líon na n-imbhuailtí le hais na bliana roimhe mar gheall go raibh an chuideachta fós ag díriú ar oiliúint tiománaithe agus ar mheasúnachtaí leanúnacha ar na bealaí;
- Táthar ag baint triail faoi láthair as uathchóras soghluaiste chun rothaithe a bhrath.

## Scoileanna

### *Cúlra*

Bhí Bus Éireann ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2017 chun féachaint chuige go mbeidh na seirbhísí iompair scoile a sholáthraíonn Bus Éireann faoi Scéim Iompair Scoile na Roinne do pháistí bunscoile, do pháistí iar-bhunscoile, agus do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu fós á gcur ar fáil thar ceann an Stáit ar bhealach atá éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais.

Taistealaíonn breis is 115,000 páiste ar bheagnach 6,800 bealach scoile chuig thart ar 3,000 scoil ar fud na tíre gach lá scoile ar sheirbhísí de chuid Bhus Éireann. San áireamh ansin tá beagnach 12,000 páiste ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais, ar minic a gcuirimid seirbhís ó dhoras go doras ar fáil dóibh chun freastal ar a gcuid riachtanas aonair féin.

### *Seirbhísí Leathnaithe*

Cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna breis is 460 Seirbhís Iompair Scoile nua in 2017 agus chuir Bus Éireann ar bun iad. Tugadh isteach na seirbhísí nua i gcaitheamh na bliana. Bhí níos mó ná 50 seirbhís nua de bhreis ar líon na bliana anuraidh i gceist leo sin, agus ba in 2017 a tugadh isteach an líon ba mhó riamh seirbhísí nua in aon bhliain amháin faoin Scéim Iompair Scoile. Bhí formhór mór na seirbhísí nua sin dírithe ar pháistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais.

Ina dteannta sin, cuireadh breis is 800 beart eile i bhfeidhm chun na seirbhísí a fheabhsú, lenar áiríodh síneadh a chur le bealaí agus feithiclí a uasghrádú, agus cuireadh aistir bhreise ar bun i rith na bliana de réir mar a leathnaíodh an scéim chun freastal ar an éileamh a bhí uirthi.

### *Riachtanais Éagsúla*

I gcás cuid mhór de na scoileanna le haghaidh páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, bíonn siad fós ar oscailt le linn na tréimhse samhraidh ina mbíonn scoileanna eile ar saoire, agus bíonn ár gcuid seirbhísí iompair scoile fós ag freastal orthu. Maidir le beagnach an ceathrú cuid de na páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a n-iompraítear faoi Scéim Iompair Scoile, baineann siad leas as na seirbhísí sin.

Faoin Scéim na nIar-Bhunscoileanna rinneadh athbhreithniú ar na socruithe iompair scoile ina lán ionaid iar-bhunoideachais i rith na bliana, ag eascairt as athruithe ar uaireanta scoile a bhaineann le clár athbhreithnithe na sraithe sóisearaí.

### *Sábháilteacht*

Tugaimid tús áite do shábháilteacht na bpáistí scoile a thaistealaíonn ar na seirbhísí iompair scoile dár gcuid agus díríodh an-aird go fóill in 2017 ar na teachtaireachtaí tábhachtacha sábháilteachta do pháistí scoile.

Tá Taispeántas Taistil ag Bus Éireann i dtaobh Shábháilteacht na mBusanna Scoile agus thug sé cuairt ar scoileanna agus ghlac páirt i roinnt imeachtaí ilghníomhaireachta chun an tsábháilteacht a chur chun cinn ar fud na tíre, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mí Mheán Fómhair ina measc.

### *An Chéad Fholáireamh Aimsire Dearg don Tír*

D'eisigh Met Éireann an chéad Fholáireamh Aimsire Dearg náisiúnta dá chuid riamh i mí Dheireadh Fómhair 2017 i leith Stoirm Ophelia. Cuireadh an beartas atá againn i leith seirbhís iompair scoile sa chás sin in iúl go forleathan roimh ré do na páirtithe leasmhara go léir (scoileanna, tuismitheoirí, comhlachtaí bainistíochta, Ranna Rialtais, agus oifigí iompair scoile) agus d'éirigh go geal leis i gcúinsí an-dúshlánach. Soláthraíodh teachtaireachtaí an-soiléir faoi stádas na seirbhísí iompair scoile roimh an stoirm agus ina diaidh.

# *Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Seirbhís do Chustaiméirí agus Tacaíocht

In 2017, dhéileáil ár bhfoireann le breis is 50,000 teachtaireacht ríomhphoist, breis is 210,000 glao teileafóin agus thart ar 115,000 iarraidh ar na meáin shóisialta. Ba é céatadán na ngearán ó chustaiméirí ná 0.02% in aghaidh 100,000 aistear paisinéirí. Táimid ag súil go dtiocfaidh feabhas ar an scéal sin in 2018 toisc go raibh an bhliain 2017 eisceachtúil ó thaobh scála an athraithe a tugadh isteach ar chonair an M3, mar aon le haisíocaíochtaí a dhéanamh le custaiméirí ar tháirgí TaxSaver agus ar tháirgí comaitéara mar gheall ar an ngníomhaíocht thionsclaíoch a bhí ar siúl go luath sa bhliain. D'éirigh go geal leis an láithreán gréasáin nua agus na cuntais sna meáin shóisialta i gcomhair Expressway agus éascóidh siadsan don chumarsáid leis na custaiméirí sin, a bhíonn dírithe go háirithe ar cheannachán ar líne.

## Tríocha Bliain Caite ag Soláthar Seirbhísí Iompair Phoiblí ar fud na hÉireann

Is i mí Feabhra 1987 a bunaíodh Bus Éireann agus i rith na bliana 2017 bhí sé á cheiliúradh aige go raibh tríocha bliain caite aige ag iompar custaiméirí go sábháilte ar fud na hÉireann. D'ainneoin go leor dúshlán a bheith le sárú le tríocha bliain anuas, bhí Bus Éireann seasta dírithe ar shábháilteacht, ar sheirbhís do chustaiméirí agus ar luach ar airgead. Ghlac Bus Éireann an deis in 2017 dul i dteagmháil lenár gcustaiméirí chun ár mbranda a chur chun cinn agus na buntáistí a bhaineann le taisteal le Bus Éireann a léiriú. Cuireadh roinnt imeachtaí réigiúnacha ar bun ar fud na tíre ag a ndeachaigh Bus Éireann i bpáirt le stáisiúin raidió áitiúla chun craoltaí faoin spéir a sholáthar, agus bhí baill foirne agus ambasadóirí branda ar an láthair chun bualadh leis an bpobal agus le paisinéirí. Bhí imeachtaí ar siúl i nGaillimh, i Luimneach agus i gCorcaigh.

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach

### *Go Places with BÉ*

Mar chuid den cheiliúradh go raibh an scéim iompair scoile ag feidhmiú le caoga bliain anuas, sheol Bus Éireann an comórtas Go Places dá chuid. Tá an comórtas dírithe ar scoláirí idirbhliana ar fud na tíre, a spreagtar chun cruthaitheacha agus chun a gcuid scéalta a insint faoin aistear chuig an scoil.

### *Tacaíocht d'Imeachtaí*

Chuir Bus Éireann seirbhís iompair ar fáil do roinnt imeachtaí a bhí go mór i mbéal an phobail in 2017. Ba é a thug foirne sinsearacha de chuid Chumann Rugbaí na hÉireann agus Chumann Peile na hÉireann chuig a gcuid cluichí baile agus ar ais uathu agus ba é a bhí ina sholáthraí iompair oifigiúil do churaidh Chraobhchomórtas na hÉireann sa pheil (Baile Átha Cliath) agus san iománaíocht (Gaillimh).

### *Clú Corparáideach*

Lean Bus Éireann ar aghaidh ag glacadh páirt sa suirbhé de chuid RepTrak ar mhór-bhrandaí na hÉireann. In ainneoin na ndúshlán a bhí le sárú in 2017, leanfaimid orainn ag tabhairt aghaidh ar na príomh-mholtaí go léir lena chinntiú go mbeidh na custaiméirí sásta agus go dtiocfaidh méadú ar líon na bpaisinéirí.

## Oibríochtaí

### *Oscailt an Mhargaidh Busanna*

I mí na Samhna 2017, tar éis próiseas tairisceana an-iomaíoch idir cúig chinn de thairgeoirí a raibh cuideachtaí idirnáisiúnta ina measc, d'fhógair an tÚdarás Náisiúnta Iompair gurbh í tairiscint Bus Éireann a roghnaíodh le haghaidh seirbhís bhus Chathair Phort Láirge. Ba chúis bhróid mhór an fógra sin ag an bhfoireann agus ag an gcuideachta seo.

## Barrfheabhsú ar Dhualgais Tiomána agus ar Éifeachtúlacht

Rinne Bus Éireann lánfheidhmiú ar gach gné de Mholadh na Cúirte Oibreachais i rith 2017 agus tá teagmháil leantach ar bun le hionadaithe de chuid na bhfostaithe. Tháinig an moladh sin sna sála ar ghníomhaíocht thionsclaíoch (stailc) a mhair trí seachtaine agus plé le hionadaithe na foirne ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus ag an gCúirt Oibreachais.

Cinnteoidh gnéithe oibriúcháin an mholta gur éifeachtaí a bheidh tréimhsí dualgais agus uainchláir, go mbainfear an úsáid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil agus go ndéanfar athstruchtúrú ar ghnéithe pá i gcás na dtiománaithe. Seo thíos achoimre ar na príomhphointí:

- Athdhearadh le déanamh ar gach uainchlár tiomána, gach tréimhse dhualgais agus gach córas sealaíochta;
- Éifeachtúlacht níos fearr tráth a mbeidh gach tiománaí ag obair cúig lá as seacht lá ar bhonn sealaíochta;
- Solúbthacht níos fearr maidir le leas a bhaint as tiománaithe le cois agus tiománaithe páirtaimseartha;
- Feidhmiú iomlán na teileamaitice feithiclí chun ídiú breosla a laghdú;
- Tús a chur le seirbhís áirithinte suíochán do sheirbhísí Expressway;
- Úsáid a bhaint as teicneolaíocht nua sa fhlít;
- Na préimheanna uile agus na híocaíochtaí ragoibre a chur le chéile in aon ráta pá simplí in aghaidh na huaire;
- Laghdú liúntais agus éascú do phacáistí téarfa dheonaigh do suas le 120 duine.

### *Stoirm Ophelia*

Bhuail Stoirm Ophelia Éire i rith mhí Dheireadh Fómhair 2017. Chuir Met Éireann Foláireamh Aimsire Dearg soiléir amach tamall roimh ré. D'fhág an foláireamh gurbh éigean roinnt cinntí oibriúcháin deacra a ghlacadh ach – agus tús áite á thabhairt againn don fhoireann agus na custaiméirí a bheith sábháilte – ní raibh ach aon chinneadh amháin a d'fhéadfaí a ghlacadh, agus cuireadh ar ceal na seirbhísí go léir ar feadh an lae amháin sin.

Trí dhul i mbun plé le húdaráis áitiúla chun tosaíocht a thabhairt do bhóithre áirithe, bhí gach seirbhís paisinéirí bóthair ag feidhmiú an lá dár gcionn, ach ní raibh na busanna scoile ar an mbóthar toisc gur

iarr an Roinn Oideachais agus Scileanna nach mbeadh an tseirbhís á soláthar mar gheall ar an mbaol a bhí ann fós go dtitfeadh crainn nó go raibh crainn tite nó lagaithe ar na cúlbhóithre.

Thug an Grúpa Náisiúnta um Chomhordú Éigeandála agus dreamanna eile moladh do Bhus Éireann as a bheith amuigh chun tosaigh maidir leis an gcinnteoireacht fhreagrach agus maidir leis an gcumarsáid shoiléir ón tús.

### *Teicneolaíocht*

Lean Bus Éireann den nuálaíocht in 2017 ar mhaithe le heispéireas níos fearr do chustaiméirí a sholáthar.

### *Tionscnaimh ar Tugadh Fúthu*

Seoladh láithreán gréasáin nua Expressway in 2017, a d'fhág ní b'éasca an próiseas áirithinte dár gcustaiméirí.

Le linn 2017, cuireadh córas bainistíochta teileafón nua i bhfeidhm chun tacú le rannóg na Seirbhísí Iompair Scoile. I measc ghnéithe an chórais bhí:

- Bainistíocht ar stiúradh na nglaonna agus córas cliste scuaine do dhaoine atá ag fanacht ar an líne.

Cinntíodh leis an gcóras sin go mbíonn glaonna á mbainistiú trí chóras lárnach bainistíochta glaonna.

### *Feabhsuithe ar Tugadh Fúthu*

- I gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, chuir Bus Éireann feabhas ar an gCárta Leap in 2017, rud a fhágann go bhfuil bealach níos saoire, níos solúbtha agus níos áisiúla ag custaiméirí chun taisteal ar sheirbhísí.

Áiríodh leis na feabhsúcháin shonracha:

- Leathnaíodh Crios Dearg Leap Chorcaí isteach sa Chrios Glas, rud a fhágann go bhfuil solúbthacht taistil níos fearr ag paisinéirí chomh maith le luach níos fearr ar airgead;
- Tugadh isteach táirgí nua 24 uair an chloig do Pháistí i gCrios Dearg na Cathrach i nGaillimh, i Luimneach agus i bPort Láirge;
- Tugadh isteach táirgí nua do Scoláirí, táirge 24 uair an chloig do Pháistí agus táirge 7 lá sa Chrios Buí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath freisin;
- Chuir Bus Éireann táillí ticéid aon bhealaigh ar an gCárta Leap ar fáil ar Sheirbhísí Bhaile Átha Luain agus Shligigh.

## Ár gCuid Daoine

Is iad ár ndaoine an tsócmhainn is luachmhaire dár gcuid maidir le seirbhís shábháilte ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí go léir.

Aithníonn an lucht bainistíochta go bhfuil sé ríthábhachtach dul i gcomhairle leis an bhfoireann lena chinntiú go mbeidh an gnó inbhuanaithe san fhadtréimhse. Cuirfear i gcrích tionscnaimh éagsúla in 2018 chun an méid sin a bhaint amach.

### *An Duaiscéim*

Scéim staidéir atá ar fáil don fhoireann go léir is ea an Duaiscéim, faoina gcuirtear cúrsaí éagsúla ar fáil d'fhostaithe chun cuidiú leo a gcuid scileanna a fhorbairt san ionad oibre.

### *Forbairt na Foirne Cléireachais*

Cuireadh roinnt cúrsaí oiliúna ar fáil don fhoireann le linn 2017, inar díríodh ar bhealaí oibre níos éifeachtúla a fhorbairt, feabhas ar scileanna ríomhaireachta agus cúram custaiméirí ina measc. Cuireadh oiliúint ar bhaill foirne i gcórais TF inmheánacha eile ar nós CORE, SAP agus Trapeze i rith na bliana freisin. Áiríodh leis an oiliúint reachtúil láimhseáil láimhe agus oiliúint sa Gharchabhair.

### *Forbairt na Foirne Bainistíochta*

Choinnigh Bus Éireann leis an infheistíocht ina fhoireann bainistíochta i rith 2017. I measc na gclár bhí oiliúint soláthair agus scileanna eile. Chuir seachtar feidhmeannach i gcrích an Clár CPC Bainistíochta in 2017.

### *Oiliúint Tiománaithe agus Nuashonrú Scileanna*

#### *Oiliúint Ionduchtúcháin*

Cuirtear oiliúint chuimsitheach ionduchtúcháin ar gach tiománaí mar aon le hoiliúint um eolas ar na bealaí sula dtosaíonn siad ag obair. Cuirtear oiliúint ar na tiománaithe ionas gur féidir leo dul i dtaithí ar shaintréithe láimhseála na bhfeithiclí a bheidh á dtiomáint acu. Cuireann teagascóirí tiomána, atá ceadaithe agus láncháilithe, an oiliúint sin ar fáil.

#### *Oiliúint atá Dírithe ar Chúrsaí Rialála*

Bíonn ar thiománaithe dul faoi oiliúint reachtúil agus oiliúint maidir le láimhsiú agus bíonn orthu Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla do Thiománaithe a bhaint amach, a chlúdaíonn oibriú sábháilte feithiclí, tiomáint chosantach/tiomáint atá báúil don chomhshaol (tiomáint éiceolaíoch), oibleagáidí dlí agus cúram custaiméirí. Tá oibleagáid dlí ar na tiománaithe Cárta Cáilíochta Tiománaí a bheith acu lena ndeimhnítear gur chuir siad i gcrích cúig mhodúl thar thréimhse cúig bliana.

### *Inrochtaineacht*

#### *Feabhsuithe ar Stadanna Bus*

Bíonn Bus Éireann ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le húdaráis áitiúla maidir le dearadh stadanna bus nua, a éascóidh dár gcustaiméirí agus iad ag dul suas ar an mbus agus ag tuirlingt de ag stadanna bus saindeartha.

#### *Inrochtaineacht do Chathaoireacha Rothaí*

Cuireadh feithiclí nua leis an bhflít, feithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí agus ina bhfuil suíocháin tosaíochta do phaisinéirí faoi mhíchumas luaineachta, agus anois tá 86% dár bhflít oiriúnach do chathaoireacha rothaí.

An flít atá i mbun seirbhíse sna cathracha agus sna bailte, oireann sé go hiomlán do chathaoireacha rothaí, agus i gcás an fhlít cóistí a bhíonn ag feidhmiú ar sheirbhísí comaitéireachta agus ar sheirbhísí Expressway, oireann 79% de na busanna do chathaoireacha rothaí.

Tá Bus Éireann fós tiomanta do sheirbhísí cóiste inrochtana le hardaitheoir do chathaoir rothaí a bheith ar fáil ar gach bealach de réir mar a bheidh an líon iomlán cóistí inrochtana ar fáil agus an bonneagar cuí stadanna bus ann.






Buaicphointí
Ráiteas Chomhaltaí an Bhoird
**Athbhreithniú**
Ráitis Airgeadais

*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Iarnród Éireann

Baineadh amach cloch mhíle mhór in 2017 nuair a d'fhill líon na bpaisinéirí ar leibhéil na mbuaicbhlianta. Rinneadh 46 milliún aistear paisinéirí ar fud an ghréasáin DART, Comaitéarachta agus Intercity, agus bhí sé sin chomh hard leis an líon ba mhó paisinéirí a bhain an Chuideachta amach riamh, in 2007.

Is ionann é sin agus méadú 7.0%, agus is féidir é a chur i leith an téarnaimh sa gheilleagar, an fheabhais ar chúrsaí fostaíochta agus an bhorrtha atá faoi sheirbhísí nua, ar nós Thollán Pháirc an Fhionnuisce, seirbhís traschathrach a bhfuil custaiméirí nua á mealladh chuig an iarnród aici. Chomh maith leis sin, tháinig méadú ar líon na ndaoine a d'fhreastail ar mhór-imeachtaí ar nós Seó Eitleoireachta Bhré, cluichí CLG agus ceolchoirmeacha móra amuigh faoin spéir.

Tá fáilte roimh an mborradh sin faoin ngnó, ach tá dúshláin acmhainne ag dul leis. Cé go gcuirfidh an Plean Forbartha Náisiúnta a d'fhógair an Rialtas le déanaí ar ár gcumas dúinn an gnó a leathnú sna deich mbliana atá romhainn, beidh brú ar an acmhainn iompair sa ghearrthéarma.

Tá feabhas tagtha ar staid airgeadais na cuideachta mar gheall ar mhéadú ar an ioncam ón mbosca táillí, an clár 'Tús Áite don Chustaiméir' a bheith i bhfeidhm agus cistiú breise ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Mar sin féin, taifeadadh caillteanas €1 mhilliún (2016: €3 mhilliún), agus leagtar béim leis sin ar an ngá atá ann coinneáil leis an mbainistíocht stuama airgeadais.

Le linn 2018, leanfaimid ar aghaidh ag obair mar aon fhoireann amháin, agus lenár bpáirtithe leasmhara, chun féachaint chuige go gcuirfimid seirbhís agus córas iarnróid ar fáil a bheidh seasta sábháilte agus go gcuirfimid riachtanais ár gcustaiméirí, an phobail agus an gheilleagair i gcoitinne i gcroílár ár ngnó.

### An tSábháilteacht

Is é an rud is tábhachtaí ar fad i súile Iarnród Éireann ná sábháilteacht na bpaisinéirí, na ndaoine den phobal a úsáideann an gréasán, agus ár bhfostaithe. Tá teist láidir ag an gCuideachta maidir leis an tsábháilteacht, mar a dtugtar aitheantas dó san athbhreithniú ó Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh ar fheidhmíocht sábháilteachta, agus sa Tuarascáil ón gCoimisiún um Rialáil Iarnród ar Fheidhmíocht Sábháilteachta. Ní mór cistiú inbhuanaithe a bheith againn, áfach, lean chinntiú go mbeimid chomh sábháilte is atá, agus níos sábháilte, agus tá fáilte mhór roimh na gealltanais maidir leis sin sa Phlean Forbartha Náisiúnta.

Áiríodh leis na feabhsuithe iomadúla ar na táscairí feidhmíochta sábháilteachta in 2017:

- Tháinig laghdú ar líon na gcomharthaí a ndeachthas tharstu go contúirteach ó 13 go 9;
- Dúnadh 11 chrosaire comhréidh ar línte oibríochta in 2017, lenar laghdaíodh an baol go dtarlódh timpiste ar na línte sin;
- I gcás teagmhais tríú páirtí – sciorradh, tuislí agus titim sna stáisiúin den chuid ba mhó – tháinig laghdú 6% orthu le hais na bliana 2016. Táthar ag tacú leis sin tríd an tionscadal um Chomhéadan Traenach/Ardáin, a leanfar ar aghaidh leis in 2018 chun líon na dteagmhas sin a laghdú arís eile;
- Rinneadh dul chun cinn, i gcomhar leis an gCoimisinéir um Rialáil Iarnróid, chun cead a fháil tosú ag suiteáil soilse rabhaidh ag roinnt crosairí comhréidh nach cinn uathoibríocha iad. Leanfar leis an obair in 2018 chun an dearadh a thabhairt chun críche agus tús a chur leis an obair shuiteála;
- Cuireadh tús i rith na bliana leis an bpróiseas maidir le hiarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid i dtaobh athdheimhniú a dhéanamh ar an nGnóthas Iarnróid agus athúdarú a dhéanamh ar an mBainisteoir Bonneagair i gcomhréir le Treoir 2004/49/CE agus leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme, agus cuireadh i gcrích é sa chéad ráithe de 2018.

D'ainneoin na laghduithe seasta le blianta beaga anuas, tháinig méadú ar líon na dTimpistí Intuairiscithe inar Cailleadh Am i measc fostaithe, ó 43 go dtí 53. Cuireadh meitheal oibre ar bun freisin chun tionscnaimh a fhorbairt ar mhaithe le líon na dtimpistí i measc na bhfostaithe a laghdú.

Táimid dírithe go fóill ar bhearta coisctheacha, agus seoladh sraith tionscnamh i rith na bliana chun an cultúr sábháilteachta a thomhas agus a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Ghlacamar páirt sa tionscadal cultúir Eorpach PRIME, agus tá suirbhé cultúir eile ar na fostaithe beartaithe i gcomhair 2018;
- Oiliúint maidir le tosca daonna, leabhráin faisnéise faoi bhealaí agus léarscáileanna maoine.

### Cúrsaí Airgeadais

Is é toradh foriomlán na bliana ná easnamh €1 mhilliún i gcomparáid le heasnamh €3 mhilliún i leith na bliana 2016. Toradh fabhrach don bhuiséad atá ann, cuid mhór de a bhuí leis an ioncam ó phaisinéirí a bheith láidir go fóill. Tá méadú ó bhliain go bliain tagtha ar sheirbhísí Ros Láir, maoin, fógraíocht agus an ioncam tríú páirtí freisin.

Lean an téarnamh geilleagrach ag spreagadh méadú ar an éileamh ar na seirbhísí, as a dtig líon méadaithe aistear paisinéirí agus borradh leanúnach faoin ioncam ó phaisinéirí. Tá líon na n-aistear paisinéirí ar ais chuig na buaicleibhéil arís, mar a bhíodh le déanaí in 2007.

Leis an ioncam €205 milliún ó phaisinéirí in 2017, sáraíodh an t-ioncam ab airde roimhe seo ó phaisinéirí – €194 milliún in 2016. Bhí drochthionchar ag na hathruithe ar chriosanna taistil agus ar tháillí ar an ioncam ó phaisinéirí agus is féidir laghdú timpeall is €2 mhilliún a chur ina leith siúd. Rinneadh é sin a chúiteamh le héileamh seasta níos airde ar sheirbhísí á spreagadh ag gníomhaíochtaí margaíochta leanúnacha. Tá an t-ioncam foriomlán €265 milliún ó oibríochtaí €20 milliún chun tosaigh ar ioncam na bliana roimhe sin. Tháinig laghdú ar an ioncam ó Lasta Iarnróid, agus ba é an phríomhchúis leis sin méideanna níos ísle agus tionchar na gníomhaíochta tionsclaíche.

Sholáthair an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt cistiú breise €33 milliún faoin gConradh Ilbhliantúil in 2017, agus caitheadh é sin ar ghlanadh ballasta, ar an tionscadal um Uathchosaint Traenacha agus ar an tionscadal um an gCóras Domhanda um Chumarsáid Mhóibíleach – Iarnróid (GSMR). Shonraigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair go raibh €32 milliún den chistiú faoin Oibleagáid Seirbhíse Poiblí le caitheamh ar an rothstoc a chothabháil. Cé go bhfuil fáilte roimh an gcistiú breise, ní dhéantar freastal leis ar an mbearna iomlán chistiúcháin atá aitheanta san Athbhreithniú Iarnróid 2016. Ní mór aghaidh a thabhairt air sin chun féachaint chuige go gcomhlíonfar caighdeáin sábháilteachta agus caighdeáin seirbhíse.

Is ceist thromchúiseach í an tsócmhainneacht don chuideachta go fóill agus níl an clár comhardaithe in ann ag aon turraingí airgeadais gan choinne.

## An Párolla

Mhol an Chúirt Oibreachais beart pá nua i mí na Samhna 2017. Ghlac an chuideachta agus na ceardchumainn leis an moladh, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Nollaig 2017. Ba é €2 mhilliún an costas párolla breise i leith na bliana 2017. Áirítear leis sin costas na ndearbhán dea-thola a tugadh don fhoireann faoi mholadh na Cúirte Oibreachais.

## Ár gCustaiméirí

Arís eile in 2017, chomhlíonamar agus sháraíomar ár spriocanna oibleagáide seirbhíse poiblí ar gach bealach a bhfreastalaímid air, agus baineadh amach poncúlacht 95% ar a laghad ar fhormhór na mbealaí.

Lean gníomhaíocht tráchtála na cuideachta ag tacú leis an bhfás i bpríomhdheighleoga den mhargadh.

- Mar thoradh ar fheachtais mhargaíochta agus ar bhearta nua maidir le bainistíocht ioncaim, tháinig méadú 16% ar an ioncam ó fhoinsí ar líne, go dtí €39 milliún;
- Tháinig méadú 10% ar an ioncam ó TaxSaver, go dtí €36 milliún, agus tá an líon is mó cuideachtaí go fóill cláraithe lenár bhfoireann díolacháin gnó, rud ba chúis le borradh eile úsáide i measc na gcuideachtaí rannpháirteacha;
- De bharr feachtais mhargaíochta i measc mic léinn, tháinig méadú 9% ar an ioncam ina leith den séú bliain as a chéile, go dtí €16 mhilliún.

Thuairiscigh monatóir neamhspleách Iarnród Éireann um Shástacht Chustaiméirí leibhéal sástachta foriomlán 95%, a bhí cothrom le buaicleibhéal na bliana 2016.

I mí Aibreáin 2017, cuireadh i gcrích céim a haon den chlár 'Tús Áite don Chustaiméir', faoina bhfuil athrú ó bhonn á dhéanamh, trí thionscnaimh theicneolaíochta, ar an gcaoi a idirghníomhaíonn Iarnród Éireann lena chustaiméirí agus a ndéanann sé gnó leo. I measc na gcumas nua a cuireadh i bhfeidhm tá díolachán ar líne, Bainistíocht Caidrimh Custaiméirí (CRM) agus Bainistíocht Ioncaim, a bheidh fós ag dul chun tairbhe na gcustaiméirí i rith 2018. Cuirfear i gcrích an clár 'Tús Áite don Chustaiméir' i lár na bliana 2018 nuair a chuirfear i bhfeidhm meaisíní oifige áirithinte nua agus meaisíní ticéad ar bord feithiclí do na custaiméirí.

## Seirbhísí Thollán Pháirc an Fhionnuisce

Athosclaíodh Tollán Pháirc an Fhionnuisce le haghaidh seirbhísí traschathrach i mí na Samhna 2016. Tháinig méadú ar líon na bpaisinéirí ar feadh 2017, agus rinneadh 700,000 aistear paisinéirí ar an mbealach sin anuraidh. Léirigh taighde a rinneadh go raibh leath na dtaistealaithe a raibh an taisteal iarnróid ina chór iompair nua acu agus go raibh aon trian de na taistealaithe ag tabhairt faoin taisteal rialta ar sheirbhísí iompair phoiblí den chéad uair. Bhí dúshláin i gceist le tabhairt isteach cúig cinn déag de sheirbhísí buaicuaireanta i ngréasán a bhí faoi bhrú cheana féin. Mar sin féin, tá feabhas tagtha ar chúrsaí poncúlachta de bharr na n-athruithe ar an gclár ama a tugadh isteach ar an 10 Nollaig. Tá sé ina chuspóir againn tosú ag soláthar seirbhísí seachbhuaice tríd an Tollán a luaithe is féidir.

## Lasta

Áiríodh iad seo a leanas i measc phríomhthrácht lasta na Cuideachta in 2017:

- Mian since ó Mhianaigh na Teamhrach chomh fada le Calafort Bhaile Átha Cliath;
- Traenacha coimeádán ó Bhéal an Átha chomh fada le Calafort Bhaile Átha Cliath agus Port Láirge;
- Traenacha adhmaid ó Chontae Mhaigh Eo chomh fada le Port Láirge.

Bhí an t-ioncam ó lasta iarnróid, lena n-áirítear Seoladh Lastaí Navigator, cothrom le €8 milliún i leith 2017, agus 100 milliún ciliméadar tonna san iomlán a bhí i gceist. Tháinig laghdú ar an ioncam ó Lasta Iarnróid, sa bhulc-mhargadh den chuid ba mhó, de bharr laghdú táirgeachta ag Mianaigh na Teamhrach agus tionchar na gníomhaíochta tionsclaíche ar thorthaí na bliana. Tháinig méadú ar an aonadlasta i leith Lasta Iarnróid agus Seoladh Lastaí Navigator in 2017 tráth a soláthraíodh seirbhísí breise lasta iarnróid ó Bhéal an Átha chomh fada le Calafort Bhaile Átha Cliath, agus ar tháinig méadú ar líon na bpáirteanna cairr a seachadadh de bhóthar sa mhargadh feithiclí in Éirinn.

D'éirigh go geal le Seirbhís Lasta Iarnród Éireann agus é ag baint triail as an traein lasta is faide riamh in 2016 – traein 54 TEU (aonad coibhéise fiche troigh) le hais na dtraenacha 36 TEU atá á rith faoi láthair – a cuireadh ó Bhaile Átha Cliath go Béal an Átha. Tá obair bhreise fós ar bun sa réimse sin agus tosaíodh ag úsáid traenacha lasta níos faide in 2017, rud a neartóidh an cumas iomaíochta tráchtála maidir le lasta iarnróid.

## Europort Ros Láir

Is é Iarnród Éireann an t-údarás calafoirt ag Europort Ros Láir, an dara calafort farraige is gnóthaí sa Stát ó thaobh gluaiseachtaí loinge, trácht turasóireachta agus lasta aonadaithe. B'ionann ioncam oibriúcháin na bliana 2017 i leith Europort Ros Láir agus €11 mhilliún, a bhí ag teacht le figiúr na bliana 2016. Tríd is tríd, bhí Trácht Turasóireachta agus Lasta an Chalafoirt in 2017 ar an leibhéal céanna is a bhí in 2016 in ainneoin iomaíocht ní ba ghéire ó

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

Chalafort Bhaile Átha Cliath agus ó Chalafort Chorcaí. Fuarthas ioncam breise €1 mhilliún ó fhógraíocht agus ó dhámhachtain chúirte aon uaire. Chuir Neptune Lines, custaiméir nua, tús le seirbhís sheachtainiúil in 2017 idir Santander, Le Havre, Southampton agus Europort Ros Láir.

## Ár nGréasán

I measc na bhfoinsí ioncaim do ghnó an Bhainisteora Bonneagair do 2017 tá: cistiú faoi Chonradh Ilbhliantúil agus muirir rochtana rianta ó gach Gnóthas Iarnróid a úsáideann an gréasán, lena n-áirítear seirbhísí lasta agus seirbhísí do phaisinéirí. Cistiú iomlán €249 milliún a bhí ar fáil in 2017 agus comhlíonadh na ceanglais agus na haschuir ar fad. Ba léir na sochair ón tríú bliain de ghlanadh ballasta: laghdaíodh achar ama na n-aistear ar sheirbhísí Chorcaí agus Luimnigh sa tráthchlár nua, a tháinig i bhfeidhm ar an 10 Nollaig 2017.

I measc na dtionscadal mór a cuireadh chun cinn i gcaitheamh na bliana bhí:

### *Glanadh Ballasta*

Tá ag éirí go maith leis an tionscadal um Ghlanadh Ballasta ar cuireadh tús leis in 2015. In 2017, rinneadh athnuachan ar fhad 24 míle den rian, agus tá fad 70 míle den rian san iomlán curtha i gcrích anois. Leanfar ar aghaidh leis an tionscadal sin in 2018 agus tá sé ag cuidiú le laghdú a dhéanamh ar achar ama na n-aistear idir Stáisiún Heuston agus Corcaigh, Luimneach agus Ciarraí.

### *Muilleoireacht Iarnróid*

Is céim mhór chun cinn é an conradh muilleoireachta iarnróid sa chlár um laghdú riosca don tsócmhainn rianta agus bainfear tairbhe nach beag as trí shaolré na ráillí a uasmhéadú. Cuireadh an chéad bhliain de i gcrích in 2017 agus rinneadh cóireáil ar fhad 210 míle ráillí a raibh locht orthu.

### *Uasghrádú ar Stáisiún Luimnigh:*

- Comharthaíocht – cuireadh comhghlasáil soladstaide (SSI) úrscothach in ionad córas athsheachadta a bhí beagnach 100 bliain d'aois. Is córas rialaithe comharthaíochta nua-aimseartha atá i gceist ansin. Baineadh cábán comharthaíochta chomh maith;
- Rinneadh an t-ardán a athnuachan, cuireadh fad leis agus suiteáladh maolán frithchuimilte.

### *An Dara Bealach Isteach Chuig Stáisiún an Cheanntaigh Oscailte*

Faoin tionscadal, rinneadh bealach isteach nua faoi thalamh chuig Stáisiún an Cheanntaigh i gCorcaigh, ina bhfuil ardaitheoirí agus staighre, agus bóthar rochtana nua ó Ché Uí Argáin. Is fusa anois dul isteach go Cathair Chorcaí ar bhóthar Ché Uí Argáin agus is fusa idirmhalartú idir córacha iompair eile de bharr an tionscadail freisin. Tá feabhas ar na saoráidí páirceála chomh maith. Fágann an bealach isteach nua sin go bhféadfar forbairt bhreise a dhéanamh ag Cé Uí Argáin.

## Ár gCuid Daoine

In Iarnród Éireann, bíonn ról lárnach ag an bhfoireann maidir le baint amach na físe atá againn i dtaobh féachaint chuige le chéile gur fearr an todhchaí a bheidh againn trínár gcuid seirbhísí a fheabhsú agus an gnó a fhás. Gach lá, bíonn thart ar 3,800 duine ag feidhmiú mar aon fhoireann amháin agus seirbhís ardchaighdeáin á soláthar acu chun ár gCustaiméirí a shásamh agus Custaiméirí nua a mhealladh chuig an ngréasán. Leanaimid orainn ag infheistiú inár gcuid daoine i roinnt bealaí tábhachtacha. Áirítear orthu sin an iomaí deis oiliúna agus forbartha, cláir thacaíochta agus chomhionannais, beartais atá báúil don teaghlach agus cláir fhorleathana rannpháirtíochta agus aitheantais.

### *Clár Forbartha Ceannaireachta*

Tá borradh faoin gClár Forbartha Ceannaireachta dár gcuid, ar éirigh go hiontach leis in 2017, agus leathnófar anois é chuig grúpa níos leithne rannpháirtithe in 2018. Cinnteofar leis an gclár tábhachtach sin go bhfaighidh foireann Iarnród Éireann an fhorbairt ghairmiúil a theastaíonn chun féachaint chuige go leanfaimid orainn ag soláthar seirbhísí iompair a bhíonn seasta ag comhlíonadh riachtanais ár gcustaiméirí agus ag cuidiú le forbairt gheilleagrach na hÉireann a chur chun cinn.

### *Pleanáil Comharbais agus Bainistiú Tallainne*

Rinneadh forbairt nach beag ar an réimse tábhachtach seo in 2017, tráth ar bunaíodh Ionad Bainistithe Tallainne. Tabharfaidh an tIonad Bainistithe Tallainne tacaíocht do bhaill foirne ar spéis leo tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a gcuid gairmeacha agus bainfear leas as na teicnící agus na cleachtais is déanaí lena chinntiú go mbeidh cleachtais stuama i bhfeidhm againn maidir le Pleanáil Comharbais.

Chomh maith leis sin, rinneamar leathnú ar an gClár Ard-Acmhainne in 2017 agus tabharfaimid isteach tuilleadh Cláir Ard-Acmhainne i rith na bliana 2018. Baineann an-tábhacht leis na cláir sin maidir lenár Straitéis um Bainistiú Tallainne agus Pleanáil Comharbais.

### *An Clár Printíseachta agus Seirbhís do Chustaiméirí*

Mar chuid dár bhforbairt leanúnach ar ár gClár Printíseachta, chuir Iarnród Éireann fáilte roimh dheichniúr printíseach eile in 2017. D'osclaíomar ár nIonad Oiliúna Printíseach go hoifigiúil in 2017 freisin, áit a mbeidh an trealamh is déanaí ar fáil dár gcuid printíseach chun a gcuid scileanna a fhorbairt.

Rud atá ag teacht arís leis an méadú ar líon na gcustaiméirí, mhéadaíomar go dtí daichead duine líon na mball foirne sealadach samhraidh chun cúnamh a thabhairt dár gcustaiméirí agus seirbhísí a sholáthar dóibh i gcaitheamh mhíonna gnóthacha an tsamhraidh.

### *Caidreamh Tionsclaíoch*

Bhí dúshlán fós le sárú i dtaobh caidreamh tionsclaíoch in 2017, agus tharla stailc dhá lá i mí na Samhna, ar mhaithe le héileamh pá a chuir na Ceardchumainn isteach. Réitíodh an stailc sa deireadh le hidirghabháil ón gCoimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus ón gCúirt Oibreachais. Eisíodh moladh inar beartaíodh arduithe pá i gcomhair na mblianta 2017, 2018 agus 2019, agus inar áiríodh bearta éifeachtúlachta lena gcur i bhfeidhm agus lena gcomhaontú le linn 2018. Tá plé faoi na héifeachtúlachtaí sin ar bun go fóill le tacaíocht ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.



*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Bus Átha Cliath

### Forbhreathnú

Tháinig méadú mór ar ghnó Bhus Átha Cliath in 2017 agus seirbhís phoiblí éifeachtach fós á soláthar aige, ag cur seirbhísí atá éifeachtúil, iontaofa agus slán ar fáil do na custaiméirí. Mhéadaigh líon na gcustaiméirí ar ár gcuid bealaí OSP agus ar na Seirbhísí Tráchtála go 139 milliún duine. Tá an chuideachta fós ag cur bearta chun cinn ar mhaithe le seirbhísí a fheabhsú do gach custaiméir cibé áit is féidir. Chuidigh an téarnamh geilleagrach atá fós ar bun leis an éileamh méadaithe ar sheirbhísí agus bhí áthas ar an gcuideachta seirbhísí nua a thabhairt isteach, mar aon le seirbhís níos minice ar bhealaí seanbhunaithe, chun freastal ar an éileamh sin. Cé go bhfuil an brú tráchta imithe in olcas mar gheall ar an mborradh faoin ngníomhaíocht gheilleagrach, bhí an chuideachta ag obair le páirtithe leasmhara chun tionchar an bhrú sin ar na custaiméirí a mhaolú. Le 12 mhí anuas, tá Bus Átha Cliath dírithe ar fheabhas a chur ar eispéireas na gcustaiméirí, trí iarracht a dhéanamh cur le bearta tosaíochta do bhusanna agus trí fheithiclí nua-aimseartha Euro 6, ina bhfuil a lán pointí luchtaithe USB, a chur ar an mbóthar. Tá ár dtiomantas don fheabhas agus don nuálaíocht leanúnach ina ghné mhór sa mhéadú atá tagtha ar líon na gcustaiméirí.

Bhí áthas ar an gCuideachta 100 feithicil bhreise a chur leis an bhflít in 2017. Dul chun cinn eile is ea na busanna nua i dtaobh seirbhísí iompair phoiblí atá áisiúil, compordach agus inbhuanaithe a chur ar fáil do mhuintir Bhaile Átha Cliath. Lean Bus Átha Cliath ar aghaidh ag oibriú flít busanna a bhfuil rochtain ísealurláir orthu go léir.

Tá an-tóir fós ar Fhaisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí agus is mealltaí fós an tseirbhís do chustaiméirí anois í de bharr go bhfuil scáileáin faisnéise bhreise curtha in airde ar fud na cathrach.

Bhain an chuideachta cóimheá airgid amach maidir le hoibriú na seirbhísí OSP agus taifeadadh barrachas €1 mhilliún i leith Seirbhísí Tráchtála. Tá an chuideachta fós dírithe ar sheirbhísí ardchaighdeáin, atá sábháilte agus éifeachtach, a chur ar fáil do gach custaiméir, agus bímid seasta ag iarraidh éifeachtúlacht chostais a bhaint amach ar fud na gcatagóirí caiteachais go léir lena chinntiú go mbeidh luach ar airgead le fáil uainn.

### Toradh Oibriúcháin agus Staid Airgeadais na bliana 2017

Thuill Bus Átha Cliath glanbharrachas €1 mhilliún in 2017 i gcomparáid le barrachas €3 mhilliún in 2016. Léiríonn an toradh sin, mar a leagtar amach anseo thíos, gur baineadh cóimheá airgid amach i leith na seirbhísí OSP agus barrachas €1 mhilliún i leith Seirbhísí Tráchtála.

| | 2017 €m | 2016 €m |
|---|---|---|
| OSP | 0.036 | 3.208 |
| Seirbhísí Tráchtála | 0.976 | (0.586) |
| **Iomlán** | **1.012** | **2.622** |

### OSP

Laghdaigh glanchostas oibriúcháin na seirbhísí OSP ó €56 milliún in 2016 go €47 milliún in 2017, sin laghdú €9 milliún. Léirítear leis sin ioncam méadaithe €13 mhilliún ón gconradh OSP arna chúiteamh ag caiteachas méadaithe €4 mhilliún. Mar gheall ar an bhfeidhmíocht láidir airgeadais sin, tháinig laghdú ar leibhéal na n-íocaíochtaí OSP a theastaíonn chun an gréasán seirbhísí OSP a oibriú. Laghdaíodh an fóirdheontas OSP ó €60 milliún in 2016 go €48 milliún in 2017, sin laghdú €12 mhilliún. Baineadh cóimheá airgid amach i leith na seirbhísí OSP in 2017, agus na costais oibriúcháin go léir san áireamh, i gcomparáid le barrachas €3 mhilliún a taifeadadh in 2016.

Tá Bus Átha Cliath fós ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun feabhas a chur ar an ngréasán seirbhísí agus ar chaighdeán na seirbhísí a thairgimid do na custaiméirí. Aithníonn na páirtithe leasmhara go léir go mbaineann an-tábhacht le barrachas réasúnta ar an gconradh OSP ionas go mbeidh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh ag díriú ar chobhsaíocht airgeadais, rud as a n-eascróidh airgead chun infheistíocht riachtanach a dhéanamh agus seasmhacht níos fearr maidir le seirbhísí iompair a sholáthar. Ba chóir a thabhairt ar aird gurb amhlaidh, cé gur baineadh cóimheá airgid amach i leith na seirbhísí OSP in 2017, gur fhág caiteachas caipitiúil breise ón Údarás Náisiúnta Iompair gur lú an gá a bhí le caiteachas caipitiúil ó acmhainní dílse.

### Seirbhísí Tráchtála

Bhí sé ina sprioc uaillmhianach againn brabús a dhéanamh ar na Seirbhísí Tráchtála in 2017 tar éis bliain dhúshlánach trádála in 2016. Bhí borradh nua ar Sheirbhísí Airlink in 2017 agus mhéadaigh an t-ioncam ó na Seirbhísí Airlink 757 go háirithe. Rinne na Seirbhísí Tráchtála barrachas €1 mhilliún in 2017 i gcomparáid le heasnamh €1 mhilliún in 2016, sin feabhas €2 mhilliún. Rinneadh é sin trí fhás ioncaim agus trí bhainistíocht spriocdhírithe ar na costais. Tháinig méadú ar an ioncam ó €16 mhilliún go €18 milliún, sin méadú €2 mhilliún. Coinníodh seasta na méaduithe ar an gcaiteachas, a bhaineann go príomha le seirbhísí leathnaithe, ag €1 mhilliún. Leis an bhfilleadh ar bhrabúsacht i gcás na Seirbhísí Tráchtála, tá an bunús againn anois le haghaidh fás breise in 2018.

### An Tábhacht a bhaineann le Láthair Oibre Shábháilte

Tá sláinte agus sábháilteacht na bhfostaithe agus na gcustaiméirí ar cheann de na bunluachanna atá ag Bus Átha Cliath. Ag teacht lena straitéis ghnó, is é fís na cuideachta é seirbhís iompair a sholáthar ina mbraitheann daoine sábháilte, agus a bheith seasta ag tógáil ar eispéiris na gcustaiméirí agus na bhfostaithe chun feabhas a chur ar a gcuid timpeallachtaí oibre agus comaitéireachta.

Soláthraítear i gCóras Bainistíochta Sábháilteachta Bhus Átha Cliath an creat chun dul i ngleic le guaiseacha agus rioscaí san ionad oibre agus leagtar amach ann na struchtúir, na freagrachtaí agus na socruithe le haghaidh bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar shláinte agus sábháilteacht. Tá an creat sin bunaithe ar raon cuimsitheach beartas, córas agus nósanna imeachta sábháilteachta ionas gur laghad is féidir an seans go mbeidh timpiste ag fostaithe, custaiméirí nó duine ar bith atá faoi thionchar ag gníomhaíochtaí na cuideachta, nó go mbainfear gortú dóibh.

Nuair a tugadh isteach an Luas Traschathrach i mí na Nollag 2017, athrú ollmhór bonneagair a bhí i gceist don chathair agus chuir sé dúshláin nua roimh Bhus Átha Cliath trí bhusanna agus tramanna a bheith a n-oibriú taobh le chéile. Agus é ag ullmhú i gcomhair oscailt na seirbhíse nua ar an Satharn an 9 Nollaig 2017, sheol Bus Átha Cliath mórfheachtas faoi fheasacht sábháilteachta chun béim a chur ar na réamhchúraimí tábhachtacha nár mhór do thiománaithe a ghlacadh agus iad ag tiomáint ar na línte nua Luas nó taobh leo. Seoladh an feachtas feasachta, faoinar ullmhaíodh leabhrán eolais agus físeán oiliúna do thiománaithe, i gcomhar le Transdev Ireland Ltd mar chuid de sheachtain bhliantúil Sláinte agus Sábháilteachta Bhus Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair. Bhí teagascóirí oiliúna tiománaithe i láthair freisin chun bualadh le tiománaithe i ngach iosta de chuid Bhus Átha Cliath thar thréimhse dhá sheachtain ón Luan an 23 Deireadh Fómhair go dtí an Aoine an 3 Samhain.

Tá an feachtas feasachta á leathnú ina phríomhthionscnamh sábháilteachta don bhliain 2018 chun féachaint chuige go mbeidh gach tiománaí ar an eolas go hiomlán faoin timpeallacht oibre athraithe.

Le linn 2017, lean Bus Átha Cliath lena chuid oibre maidir le sábháilteacht rothaithe a chur chun cinn trí chuairt a thabhairt ar roinnt coláistí tríú leibhéal ar fud na cathrach. Ina measc bhí cuairteanna ar UCD, DCU agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir, áit ar tugadh an deis do mhic léinn suí i gcábán an tiománaí agus labhairt le teagascóirí tiomána de chuid Bhus Átha Cliath faoi choincheapa tábhachtacha ar nós caochspotaí tiománaithe thart timpeall ar bhusanna. I mí na Nollag 2017, bhí áthas ar Bhus Átha Cliath an gradam 'Leading Lights in Road Safety' a fháil ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre mar aitheantas ar a chuid oibre sa réimse sin agus ar an tiomantas leanúnach atá aige don tsábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn.

Mar chuid dá tiomantas leanúnach do sheirbhís bhus atá sábháilte, iontaofa agus inrochtana a chinntiú dá custaiméirí uile, d'fhorbair an chuideachta straitéis chuimsitheach feasachta sábháilteachta dá custaiméirí in 2017. Díríodh go háirithe ar chustaiméirí scothaosta ann. Forbraíodh pacáiste fairsing ábhair oideachais, lena n-áirítear físeán do chustaiméirí faoi fheasacht i leith na sábháilteachta, a bheidh ar fáil go luath in 2018. I rith na bliana, d'fhreastail ionadaithe de chuid na cuideachta ar imeachtaí éagsúla do ghrúpaí daoine scothaosta. Chuir siad taispeántais sábháilteachta ina láthair agus thug siad an deis dóibh ceisteanna a chur nó cúiseanna imní a lua. Beidh Bus Átha Cliath ag leanúint ar aghaidh leis an tionscnamh sábháilteachta an-tábhachtach sin in 2018.

## Forbairtí i dtaobh Seirbhísí Tráchtála

Bhí borradh mór faoi sheirbhísí tráchtála Bhus Átha Cliath in 2017. Dhírigh an chuideachta ar tháirgí lárnacha, ar chostais a choinneáil faoi smacht agus ar chur le líon na gcustaiméirí ar Airlink agus ar Thurais Fámaireachta, agus d'éirigh go geal léi.

Iompraíodh 3 mhilliún custaiméir ar na seirbhísí tráchtála in 2017, sin méadú 11% i gcomparáid le 2016. Baineadh amach an toradh sin a bhuí leis an mbéim ar sheirbhísí do chustaiméirí, seirbhísí níos minice ar bhealach Airlink 747 agus an tseirbhís nua Airlink 757 a bheith á feidhmiú le bliain iomlán, ag freastal ar sholáthraithe lóistín agus gnólachtaí i ndeisceart Bhaile Átha Cliath.

Rinneadh athsheoladh ar thuras fámaireachta na cuideachta in 2017 faoin mbranda '**DoDublin**'. Bhí an-toradh ar an mbranda mórthionchair sin, atá dinimiciúil agus úr, agus ar athdhearadh an láithreáin gréasáin agus seirbhís ríomhthráchtála nua.

Is cúis mhór sásaimh dúinn go ndearnadh brabús arís ar na táirgí tráchtála in 2017. Is é an dúshlán atá romhainn in 2018 leanúint ag déanamh brabúis ar bhonn an bhorrtha atá faoin ngnó trí leanúint leis an mbainistíocht stuama ar chostais agus trí chláir dhiongbháilte mhargaíochta agus dhíolacháin.

## An Conradh Seirbhíse Poiblí

Dhírigh Bus Átha Cliath ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí atá air i ndáil le spriocanna feidhmíochta faoin gConradh Seirbhísí Poiblí Dámhachtana Dírí 2014 – 2019. Sonraítear sa chonradh na caighdeáin feidhmíochta oibríochta agus caighdeáin na seirbhísí do chustaiméirí nach mór do Bhus Átha Cliath a chomhlíonadh. Baineann na spriocanna le Ciliméadair Chaillte, Iontaofacht, Poncúlacht agus Eolas do Chustaiméirí. Tá Bus Átha Cliath dírithe ar a chinntiú go mbeidh seirbhís ardchaighdeáin á soláthar do na custaiméirí go léir agus go gcomhlíonfar gach sprioc feidhmíochta. In 2017, bhain Bus Átha Cliath amach gach ceann de na spriocanna ráithiúla agus na spriocanna bliantúla maidir le Feidhmíocht Ardcháilíochta i dtaobh Ciliméadair Chaillte, Poncúlachta agus Eolas do Chustaiméirí.

## Inrochtaineacht – Seirbhís Bhus do Chách

Tá Bus Átha Cliath fós ag cur seirbhíse ar fáil atá inrochtana go hiomlán. Agus seirbhís iompair phoiblí á soláthar againn, cuirimid san áireamh riachtanais inrochtaineachta ár gcustaiméirí uile. Buailimid le grúpaí daoine faoi mhíchumas ar a laghad ceithre huaire sa bhliain, éistimid lena gcuid ábhair imní agus cuirimid feabhas ar an tseirbhís uainn dá réir sin. Faoin scéim dár gcuid um chúnamh taistil, soláthraíodh cúnamh le 1,226 babhta taistil in 2017, faoinar cuidíodh le custaiméirí a dteastaíonn cúnamh uathu an mhuinín a bheith acu taisteal go neamhspleách ar gach cór iompair i mBaile Átha Cliath.

# *Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Dul Chun Cinn ó Thaobh na Teicneolaíochta

Tá an Fhaisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí (ar chomharthaí ag stadanna bus, ar an láithreán gréasáin agus ar an aip mhóibíleach) fós ina gné thábhachtach den soláthar seirbhíse. I suirbhéanna neamhspleácha a rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair, fuarthas go raibh an Fhaisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí ar chomharthaí ag na stadanna bus cruinn 97.5% den am. Is cruinne fós a bhíonn sí ar an láithreán gréasáin. Faoi dheireadh 2017, bhí 607 scáileán Faisnéise Fíor-Ama do Phaisinéirí ag stadanna bus (2016: 574 scáileán faisnéise). Tá sé beartaithe ag Bus Átha Cliath agus ag an Údarás Náisiúnta Iompair cur le líon na scáileán sin arís in 2018, agus cuirfear suas le 80 scáileán taispeána breise in airde i gceantar Bhaile Átha Cliath.

Bhí córas fógraí ó bhéal ar gach bus nua a cuireadh leis an bhflít in 2017, mar aon le taispeántas closamhairc. I gcás na mbusanna go léir a fuaireamar in 2005 agus ina dhiaidh sin (thart ar 940 bus), tá taispeántais leictreonacha iontu anois. Déantar fógraí fuaime faoin gcéad stop eile ar gach bus.

Déantar staitisticí a easpórtáil ón Uathchóras Aimsithe Feithiclí gach lá anois chuig an gCóras Bainistíochta Sonraí Bus atá ag an Údarás Náisiúnta Iompair. Cuireadh i gcrích an tástáil deiridh ar an gcomhéadan sin gar do thús na bliana 2017, agus tosaíodh á úsáid beo i lár 2017. Tá an Córas Bainistíochta Sonraí á úsáid ag an Údarás Náisiúnta Iompair anois chun príomhtháscairí feidhmíochta an chonartha OSP a ríomh.

## An Cárta Leap

Lean an borradh faoi úsáid an Chárta Leap in 2017. Faoi dheireadh na bliana 2017, bhí breis is 3 mhilliún Cárta Leap eisíthe; bhí breis is aon mhilliún díobh sin in úsáid sa dara leath de 2017. Tá ticéid réamhíoctha de chuid Bhus Átha Cliath (Airlink, Nitelink, Travel 90 (ticéad singil) agus ticéid i gcomhair na dTuras) fós ar fáil ar chártaí cliste indiúscartha, chun freastal ar an margadh turasóireachta den chuid is mó. Úsáideadh Cártaí Leap i gcás thart timpeall is 76% de na haistir paisinéirí ar Bhus Átha Cliath (airgead tirim, sparán leictreonach agus ticéid réamhíoctha) in 2017, méadú ó 73% ag tús na bliana.

Gar do dheireadh na bliana 2017, bhí thart ar 370,000 Cárta Seirbhíse Poiblí le teidlíochtaí Saorthaistil in úsáid ar sheirbhísí Bhus Átha Cliath.

In 2017, mhéadaigh an t-éileamh a bhí ar an aip fóin chliste don Chárta Leap, ina bhfuil áiseanna chun cur le luach an sparáin (sparán leictreonach) agus chun iarmhéid an chárta a sheiceáil. Faoi dheireadh na bliana 2017, bhí creidmheas dar luach thart ar €3 mhilliún in aghaidh na míosa á chur leis an sparán leictreonach ar na Cártaí Leap tríd an aip sin. Ag deireadh 2016, ba luach thart ar €1 mhilliún in aghaidh na míosa a bhí ag an mbreisiú creidmheasa sin.



## Taighde Margaidh

Rinne Bus Átha Cliath a thaighde bliantúil maidir le rianú branda i mí na Bealtaine 2017. Ba é a bhí i gceist leis an obair allamuigh ná agallaimh aghaidh ar aghaidh a chur ar 60 freagróir. Tríd is tríd, léirigh an taighde scór láidir tacaíochta agus bhí 73% de na freagróirí sa chatagóir daoine a dtacaíonn leis an mbranda. Bhí daoine fós sásta le Bus Átha Cliath agus léiríodh scór sástachta 69%. Ba léir ón taighde go bhfuil clú corparáideach Bus Átha Cliath fós láidir, agus gur fearr é ná an clú atá orthu siúd a bhíonn san iomaíocht leis. Tá an taighde fós á dhéanamh gach bliain agus beidh na torthaí bliantúla nua ar fáil i mí an Mheithimh 2018.

## Tacaíocht do Bhród Bhaile Átha Cliath

In 2017, bhí feachtas faisnéise i bhfeidhm ag Bus Átha Cliath chun tacú le hathruithe bealaí agus malairtí slí i gcomhair Bhród Bhaile Átha Cliath. Ba bhealach é an feachtas freisin le daoine a spreagadh chun seirbhísí iompair phoiblí a úsáid agus iad ag dul chuig Bród Bhaile Átha Cliath 2017 agus abhaile uaidh. Choimisiúnaigh Bus Átha Cliath rapar iomlán bus a bhí i seirbhís i rith mhí an Mheithimh. Baineadh leas as póstaeir ar bord freisin chun an feachtas a chur chun cinn.

Ullmhaíodh féilire iomlán do na meáin shóisialta chun tacú leis an bhfeachtas, agus mar chuid de sin rinneadh GIFanna beoite chun an trácht idirlín a threorú chuig www.dublinbus.ie. D'éirigh go geal amach is amach leis an bhfeachtas agus breathnaíodh ar an ábhar sna meáin shóisialta breis is 7 milliún uair.

## Feachtas an Chomóraidh 30 Bliain

I mí Feabhra 2017, bhí sé á cheiliúradh ag Bus Átha Cliath go rabhthas 30 bliain i mbun seirbhíse. D'fhonn leas a bhaint as an gcloch mhíle mhór sin, cruthaíodh feachtas 'earcaíochta' chun díriú ar chustaiméirí féideartha thart ar 30 bliain d'aois agus iad a mhealladh ar ais go Bus Átha Cliath. Rinneadh an feachtas a chur i gcrích in dhá chéim; céim dhigiteach a bhí i gceist leis an gcéad cheann agus feachtas iomlán a bhí sa dara chéim, ar fud na gcainéal sóisialta, amuigh faon spéir, ar an raidió agus sa phreas. D'éirigh go hiontach leis an bhfeachtas: sáraíodh gach príomhtháscaire feidhmíochta a bhí leagtha síos ina leith agus tugadh an-aird air sna meáin.

## Straitéis Dhigiteach

Bíonn an chuideachta fós ag infheistiú san fhógraíocht sna meáin dhigiteacha agus sna meáin shóisialta chun cumarsáid a dhéanamh ar gach leibhéal lenár gcustaiméirí. Murab ionann agus an mhargaíocht thraidisiúnta, cuireann na meáin shóisialta ar ár gcumas dúinn idirghníomhú lenár gcustaiméirí ar bhonn díreach, láithreach.

Rinneadh an aip atá againn a íoslódáil 1,751,934 uaire faoin 31 Nollaig 2017. Is i gcomhair ghléasanna Android a bhí 53% de na híoslódálacha, agus is i gcomhair iOS a bhí 47% díobh. Tá méadú seasta ag teacht ar líon na gcustaiméirí a thugann cuairt ar an láithreán gréasáin ó ghléas móibíleach, agus cuimsíonn sé sin 84% den trácht iomlán chuig an láithreán gréasáin.

Bíonn Bus Átha Cliath fós ag baint úsáid as na meáin shóisialta mar uirlis chun tacaíocht a mhúscailt don bhranda, chun an obair a dhéanaimid sa phobal faoi láthair a chur chun cinn agus chun comhpháirtíochtaí agus comhaontais a fhorbairt. Chun an méid sin a bhaint amach, chuireamar chun feidhme plean rannpháirtíochta, is é sin féilire ina gcuirtear ár seirbhísí agus ár dtáirgí (aipeanna, ticéid etc.) chun cinn ag teacht le himeachtaí a bhíonn ar siúl i mBaile Átha Cliath. Tá sé ina aidhm againn feabhas a chur ar ár n-ardáin sna meáin shóisialta ionas go mbeidh siad ina limistéar baile don rannpháirtíocht le custaiméirí, agus béim faoi leith á leagan ar Facebook. Táimid tar éis cur leis an láithreacht atá againn ar na meáin shóisialta freisin trí straitéis Instagram a cheapadh agus a chur i bhfeidhm i gcomhair 2017.

Príomhbhealach cumarsáide eile is ea an Ríomhphost Díreach. Bainimid leas as sin chun teachtaireachtaí a sheoladh go rialta chun custaiméirí a chur ar an eolas faoi scéalta nuachta an ghnólachta agus faoi fheachtais mhargaíochta. Bímid i dteagmháil lenár gcustaiméirí dílse le ríomhphoist dhíreacha agus coinnímid ar an eolas iad i gcaitheamh na bliana. Tá os cionn 418,000 custaiméir cláraithe chun ríomhphoist dhíreacha a fháil uainn.

## An Clár um an bhFlít a Athsholáthar

Le linn 2017, ghlac Bus Átha Cliath le 100 bus nua dhá urlár ina bhfuil fonnadh Volvo B5TL agus cabhalra de chuid Wrightbus (An Baile Meánach). Tá na feithiclí sin ag cloí leis na caighdeáin is déanaí Euro 6 i dtaobh astaíochtaí agus fágfaidh siad go mbeidh feabhas mór le sonrú i dtaobh astaíochtaí nítrigine ocsaíde agus astaíochtaí cáithníneacha. Tá cabhalra na bhfeithiclí cuid mhór níos éadroime agus níos éifeachtaí i dtaobh úsáid bhreosla ná mar a bhí i gcás déanaimh bhusanna roimhe seo, rud a laghdóidh na hastaíochtaí $CO_2$. Ina theannta sin, tá roinnt gnéithe eile fós feistithe ar na busanna nua a fheabhsóidh aistear na gcustaiméirí, agus cuirfear leis an leibhéal sástachta dá bharr sin. Ina measc siúd, tá spás ar leith do chathaoireacha rotha agus do bhugaithe, eolas do phaisinéirí faoin gcéad stad eile (ó bhéal agus ar scáileán), acmhainn Wi-Fi, agus, den chéad uair, tá soicéid luchtaithe USB do phaisinéirí sna feithiclí sin. Chomh maith leis sin, tá doirse i lár na bhfeithiclí anois ionas gur fusa dul suas ar na feithiclí agus laghdófar amanna feithimh ag na stadanna dá mbarr. Chomh maith leis an 100 bhus dhá urlár, cheannaigh Bus Átha Cliath dhá bhus urláir amháin, atá measartha mór, chun áit busanna WV a ghlacadh ar Bhealach 44b. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair a d'íoc as na feithiclí nua sin go léir a cuireadh in ionad seanfheithiclí. Rinneadh dul chun cinn leanúnach ar Chlár Athchóirithe an Fhlít i rith 2017 ar bhusanna VT/VG agus EV, agus críochnaíodh an obair i leith 73 bus san iomlán.


Expressway
www.buseireann.ie


4 Port Láirge
Wi Fi on board
IRIZAR i6
SE6
IRIZAR
Expressway
www.buseireann.ie
Bus Éireann
12-D-15102

# Comhaltaí an Bhoird

Luaitear thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ina gComhaltaí Boird ag aon am i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2017. Mura luaitear a mhalairt, bhí siad ina gComhaltaí Boird ón 1 Eanáir 2017 go dtí an dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo.

| | |
|---|---|
| Vivienne Jupp | *Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin (Chuaigh sí ar scor ar 8 Iúil 2017)* |
| Frank Allen | *(Ceaptha 26 Meán Fómhair 2017)* |
| Ultan Courtney | *(Chuaigh sé ar scor ar an 22 Meán Fómhair 2017, Athceaptha 26 Meán Fómhair 2017)* |
| Phil Gaffney | *(Chuaigh sé ar scor ar 8 Iúil 2017)* |
| Stephen Hannan* | *Ceaptha 1 Nollaig 2017)* |
| Bill McCamley* | *(Chuaigh sé ar scor ar an 12 Feabhra 2017)* |
| Aebhric McGibney | *(Chuaigh sé ar scor ar Samhain 2017)* |
| Christine Moran | |
| Aidan Murphy | *(Chuaigh sé ar scor ar an 8 Iúil 2017, Athceaptha 26 Meán Fómhair 2017)* |
| John Moloney* | *(Athceaptha 1 Nollaig 2017)* |
| Tom O'Connor* | *(Athceaptha 1 Nollaig 2017)* |
| Ruairi O'Flynn | |
| Niamh Walsh | |
| Tommy Wynne* | *(Athceaptha 1 Nollaig 2017)* |

** Comhalta Oibrí*

## Rúnaí an Bhoird

Geraldine Finucane
Stáisiún Heuston
Baile Átha Cliath 8

**Teileafón:** + 353 1 703 2008



# Coistí an Bhoird

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

| | |
|---|---|
| Christine Moran | *Cathaoirleach* |
| Phil Gaffney | *(Chuaigh sé ar scor ar 8 Iúil 2017)* |
| Aebhric McGibney | *(Chuaigh sé ar scor ar 3 Samhain 2017)* |
| Niamh Walsh | |

## An Coiste Airgeadais
*(Curtha as feidhm 13 Nollaig 2017)*

| | |
|---|---|
| Aebhric McGibney | *Cathaoirleach (Chuaigh sé ar scor ar 3 Samhain 2017)* |
| Ultan Courtney | *(Chuaigh sé ar scor ar 22 Meán Fómhair 2017)* |
| Christine Moran | |
| Aidan Murphy | *(Chuaigh sé ar scor ar 8 Iúil 2017)* |

## An Coiste Luacha Saothair

| | |
|---|---|
| Niamh Walsh | *Cathaoirleach* |
| Frank Allen | *(Ceaptha 4 Deireadh Fómhair 2017)* |
| Ultan Courtney | *(Chuaigh sé ar scor ar 22 Meán Fómhair 2017, Athceaptha 4 Deireadh Fómhair 2017)* |
| Phil Gaffney | *(Chuaigh sé ar scor ar 8 Iúil 2017)* |
| Vivienne Jupp | *(Chuaigh sí ar scor ar 8 Iúil 2017)* |
| Aidan Murphy | *(Chuaigh sé ar scor ar 8 Iúil 2017, Athceaptha 4 Deireadh Fómhair 2017)* |

## An Coiste Sábháilteachta
*(Curtha as feidhm 13 Nollaig 2017)*

| | |
|---|---|
| Phil Gaffney | *Cathaoirleach (Chuaigh sí ar scor ar 8 Iúil 2017)* |
| Tom O'Connor | |
| Niamh Walsh | |

## An Coiste Straitéise

| | |
|---|---|
| Ruairi O'Flynn | *Cathaoirleach* |
| Frank Allen | *(Ceaptha 4 Deireadh Fómhair 2017)* |
| Ultan Courtney | *(Chuaigh sé ar scor ar 22 Meán Fómhair 2017, Athceaptha 4 Deireadh Fómhair 2017)* |
| Phil Gaffney | *(Chuaigh sé ar scor ar 8 Iúil 2017)* |
| Vivienne Jupp | *(Chuaigh sí ar scor ar 8 Iúil 2017)* |
| Aidan Murphy | *(Chuaigh sé ar scor ar 8 Iúil 2017, Athceaptha 4 Deireadh Fómhair 2017)* |

## Lucht Bainistíochta an Ghrúpa

| | |
|---|---|
| Ray Coyne | *Príomhfheidhmeannach Bus Átha Cliath* |
| Elizabeth Crabill | *Stiúrthóir Bainistíochta CIÉ Tours International* |
| Cyril Dunne | *Príomhoifigeach Oibriúcháin CIÉ (Chuaigh sé ar scor ar 31 Nollaig 2017)* |
| David Franks | *Príomhfheidhmeannach Iarnród Éireann (Chuaigh sé ar scor ar 16 Márta 2017)* |
| Jim Meade | *Príomhfheidhmeannach Gníomhach Iarnród Éireann (Ceapadh é ar an 1 Márta 2017)* |
| Ronan Gill | *Príomhoifigeach Oibriúcháin Gníomhach CIÉ (Ceapadh é ar an 1 Nollaig 2017)* |
| Ray Hernan | *Príomhfheidhmeannach Bus Éireann (Ceapadh é ar an 9 Eanáir 2017)* |
| Martin Nolan | *Príomhfheidhmeannach Bus Éireann (Chuaigh sé ar scor ar 9 Eanáir 2017)* |

## Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla

Deloitte
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Áras Deloitte & Touche
29 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

## Aturnae

Colm Costello
Bridgewater House
Droichead na hInse
Baile Átha Cliath 8

## Príomhbhaincéir

Banc na hÉireann
Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2

# Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann



## Vivienne Jupp *Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin*

Ceapadh Vivienne Jupp ina Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin ar CIÉ i mí an Mheithimh 2011. Sainchomhairleoir bainistíochta is ea í agus bhíodh sí ina Stiúrthóir Bainistíochta Domhanda le Accenture. D'fhóin sí i bpoist éagsúla Rialtais, lena n-áirítear a bheith ina Cathaoirleach ar Choimisiún na Sochaí Faisnéise agus ina Comhalta de Choimisiún Craolacháin na hÉireann. Bhíodh sí ina comhalta den Chomhlacht Athbhreithnithe um Luach Saothair Níos Airde san Earnáil Phoiblí agus ina Comhalta Boird de chuid Fhoras Ospíse na hÉireann freisin. Bhain sí céimeanna BComm agus MBS amach in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath (UCD). In 2000, bhronn Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit in UCD Gradam an Alumnus den Scoth uirthi. Chuaigh sí ar scor ar 8 Iúil 2017.



## Frank Allen

Is comhairleoir airgeadais neamhspleách é Frank Allen agus bhí sé mar Phríomhoifigeach na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid ó 2002 go 2012. Le linn na tréimhse sin, bhí an Ghníomhaireacht freagrach as an líne Dhearg agus an líne Ghlas de chóras iarnród éadrom Luas a thógáil agus as síneadh a chur leo go dtí na Duganna, go Coill na Silíní agus go hIarthar na Cathrach. Is céimí de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus MIT é Frank. D'oibrigh sé roimhe seo don Bhanc Domhanda i Washington DC, ag socrú maoiniú le hinfreastruchtúr a fhorbairt i dtíortha i mbéal forbartha agus in Oirthear na hEorpa agus bhí sé ina Cheann ar Mhaoiniúchán Infreastruchtúir do Bhanc KBC in Éirinn. Tá sé ina Chathaoirleach ar Depaul Éireann, a chuireann cóiríocht agus tacaíocht eile ar fáil do dhaoine gan dídean.



## Ultan Courtney

Ceapadh Ultan Courtney chuig Bord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2014. Tá an-taithí aige ar a bheith ag obair sa réimse Acmhainní Daonna agus Caidrimh Thionsclaíoch. Tá sé ag obair mar Stiúrthóir Bainistíochta ar a ghnó comhairleoireachta féin agus roimhe sin bhí sé ag obair le C&C Group Plc, Superquinn, Waterford Foods agus IBEC. Bhronn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath Céim Mháistir san Eacnamaíocht air agus tá roinnt cáilíochtaí aige i réimse an dlí fostaíochta, na hidirghabhála, an eadráin agus an rialachais dlí.



## Phil Gaffney

Ceapadh Phil Gaffney chuig Bord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Iarnród Éireann i mí an Mheithimh 2011. Roimhe sin, bhí sé ina Stiúrthóir ar Iarnród Éireann ón mbliain 2006 i leith. Innealtóir comharthaíochta iarnróid is ea é. Sula ndeachaigh sé ar scor i mí na Nollag 2005, bhí 28 bliain caite aige an MTR i Hong Cong. I rith an ama sin, bhí sé ina Phríomhinnealtóir, ina Stiúrthóir Oibríochtaí agus ina Stiúrthóir Bainistíochta. Tá sé ar Bhord na cuideachta Crossrail i Londain freisin, agus ar Choiste Sláinte agus Sábháilteachta Crossrail. Chuaigh sé ar scor ar 8 Iúil 2017.



## Stephen Hannan

Ceapadh Stephen Hannan ar an mBord i mí na Nollag 2017 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Oibríonn sé mar thiománaí bus i nGaráiste na Rinne. Is ball de SIPTU é agus is iomaí post éagsúil a bhí aige sa cheardchumann le beagnach 30 bliain anuas. Tá sé ina chathaoirleach ar Choiste na mBustiománaithe, ina leas-chathaoirleach ar Choiste na hEarnála Iompair, ina bhall den Choiste Rannach agus ina ionadaí iosta.



## Bill McCamley

Ceapadh Bill McCamley ar Bhord CIÉ ar dtús i mí na Nollag 1997 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Thosaigh sé i mbun oibre le Bus Átha Cliath in 1974 agus bhí sé ag obair i nGaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Bhí roinnt post éagsúil aige ina cheardchumann, SIPTU, lena n-áirítear ballraíocht sa Choiste Réigiúnach, sa Choiste Rannach agus sa Choiste Craoibhe. Is comhalta de Choiste na hEarnála Iompair agus de Choiste Dhúiche Bhaile Átha Cliath é faoi láthair. Rinne sé ionadaíocht ar son a cheardchumainn ag roinnt comhdhálacha iompair Eorpacha agus bhí sé ina bhall de Mheitheal na Roinne Dlí agus Cirt maidir le Foréigean Bus (1996). Tá a lán scríofa aige faoi shaincheisteanna iompair agus ceardchumainn, lena n-áirítear leabhar faoi stair oibrithe tram Bhaile Átha Cliath. D'éirigh sé as an mBord ar an 12 Feabhra 2017.



## Aebhric McGibney

Ceapadh Aebhric McGibney ar Bhord CIÉ i mí Dheireadh Fómhair 2011. Tá sé ina Stiúrthóir Beartais agus Cumarsáide i gComhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil freagracht air as cúrsaí Rialtais agus cúrsaí idirnáisiúnta, caidreamh poiblí agus cumarsáid na mball. Bhí sé ina léachtóir, ina shainchomhairleoir eacnamaíochta agus ina Eacnamaí Sinsir le IBEC roimhe seo. Tá M.Litt. (Eacnamaíocht) aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus bhronn Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, Gradam Liosta an Déin air as ucht a MBA in 2001. Chuaigh sé ar scor ar 3 Samhain 2017.



## John Moloney

Ceapadh John Moloney ar Bhord CIÉ i mí na Nollag 2005 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Ba sa bhliain 1978 a thosaigh sé le Bus Éireann agus is ag obair mar thiománaí bus i nGaráiste Thobar an Chaipín i gCorcaigh atá sé faoi láthair. Is comhalta den NBRU é.



## Christine Moran

Ceapadh Christine Moran ina comhalta de Bhord CIÉ i mí Iúil 2015. Bhí sí ina stiúrthóir feidhmiúcháin roimhe sin le KBC Bank Ireland, áit ar fhóin sí i róil shinsearacha cheannaireachta éagsúla, agus tá an-taithí aici i réimsí an chreidmheasa, an airgeadais agus na bainistíochta rioscaí. Tá sí ina comhalta de Bhord CIÉ agus ina Cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá sí ina comhalta d'Údarás Rialaithe Ollscoil Mhá Nuad agus ina comhalta do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca na hOllscoile freisin. Tá sí ina stiúrthóir ar Darnell DAC (fochuideachta de chuid BNP Paribas Ireland) agus ina comhalta dá Choiste Iniúchóireachta. Cuireadh oiliúint uirthi mar chuntasóir cairte le PwC (Baile Átha Cliath), cháiligh sí leo, agus chuir sí i gcrích dhá bhabhta socrúcháin le PwC sa Bheilg agus i Nua-Eabhrac. Is Comhalta de chuid Chumann na gCuntasóirí Cairte in Éirinn í. Tá céim aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, is Stiúrthóir Deimhnithe Banc í le hInstitiúid na mBaincéirí in Éirinn agus bhain sí cáilíocht amach le gairid mar Stiúrthóir Cairte le hInstitiúid na Stiúrthóirí in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.



## Aidan Murphy

Ceapadh Aidan Murphy ina chomhalta de Bhord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Bhus Éireann i mí Iúil 2014. Tá sé ina Phríomhoifigeach Oibriúcháin le Carlow Precast agus tá taithí na mblianta aige ag obair mar ghairmí slabhra soláthair. Roimhe seo bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach le Pulse Logistics, ina Stiúrthóir Bainistíochta Soláthair le C&C Group, ina Bhainisteoir Ginearálta le Wincanton Ireland agus ina Stiúrthóir Lóistíochta le Allegro Ltd. Thug sé spreagaithisc ag roinnt imeachtaí de chuid Shlabhra Soláthair san Eoraip lena n-áirítear Logicon agus Cruinniú Mullaigh Shlabhra Soláthair na hEorpa agus is Comhalta é den Institiúid Chairte Lóistíochta agus Iompair in Éirinn (CILT), a mbíodh sé ina Uachtarán uirthi tráth.



## Tom O'Connor

Ceapadh Tom O'Connor ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Tiománaí bus is ea é i nGaráiste na Rinne. Tá sé i gCeardchumann Náisiúnta na nOibrithe Bus agus Iarnróid, tá sé ina chomhalta den Fheidhmeannas Náisiúnta agus d'fhóin sé mar Rúnaí Brainse Bhaile Átha Cliath ó 2010 i leith. Bhíodh sé ag obair roimhe seo sa tionscal leictreachais agus comharthaí.



## Ruairi O'Flynn

Ceapadh Ruairí O'Flynn ina chomhalta Boird i mí Iúil 2015. Is comhalta boird é freisin le Canada Life International Reinsurance, Irish Life Investment Managers agus MetLife Europe. Bhíodh sé ina Phríomhfheidhmeannach le Canada Life Ireland agus ina Phríomhfheidhmeannach le Setanta Asset Management agus le Lifetime Assurance. Is le Grúpa Bhanc na hÉireann a bhí sé ag obair ar dtús agus bhíodh sé ina chomhalta dáimhe lánaimseartha ag an IMI. Tá céim B.B.S agus céim M.Sc. sa Bhainistíocht ag Ruairí ó Choláiste na Tríonóide. Ghlac sé páirt sa Chlár Stiúrthóirí Idirnáisiúnta 2015 ag Scoil Ghnó Insead.



## Niamh Walsh

Ceapadh Niamh Walsh ina comhalta den Bhord i mí Iúil 2015. Tá taithí 25 bliana aici i réimse na Baincéireachta Infheistíochta, taithí a fuair sí i Londain, i Hong Cong agus i mBaile Átha Cliath. Roimhe seo bhí sí ina Príomhoifigeach Riosca le JPMorgan Bank plc i mBaile Átha Cliath agus ina Comh-Phríomhfheidhmeannach le Bear Stearns Bank plc. Tá sí ina comhalta d'Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta agus d'Institiúid Chairte na Rúnaithe agus na Riarthóirí.



## Tommy Wynne

Ceapadh Tommy Wynne ina chomhalta Boird den chéad uair i mí na Nollag 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh sé le hIarnród Éireann mar fhear iosta in 1991 agus thosaigh sé ag obair mar thiománaí traenach in 1994. Faoi láthair tá sé ina Chathaoirleach ar an Rannóg um an Earnáil Iompair agus um Fhóntais agus Thógáil de chuid SIPTU.

# Ráiteas Rialachais Chorparáidigh

## Achoimre

Tá tús áite á thabhairt go fóill ag Comhaltaí Boird CIÉ d'ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a choinneáil ar bun. Tá a bheartas rialachais chorparáidigh féin curtha i dtoll a chéile ag an mBord d'fhonn éifeacht a thabhairt don Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## An Bord

Cuimsíonn an Bord dáréag Comhaltaí arna gceapadh ag an Rialtas. Tá beirt folúntas ar an mBord faoi láthair. Tá ceathrar Comhalta Oibrí ar an mBord. Ceapann an Rialtas na Comhaltaí Oibrí ar feadh téarma ceithre bliana, le toghchán i measc fhoireann an Ghrúpa.

Buaileann an Bord le chéile seacht uair sa bhliain ar a laghad agus ar ócáidí eile faoi mar is cuí. Tá sceideal foirmiúil ag an mBord d'ábhair ar leith nach mór dó athbhreithniú a dhéanamh orthu, lena n-áirítear ceadú na ráiteas airgeadais bliantúil, na buiséid, an plean corparáideach, gnóthachain agus diúscairtí suntasacha, infheistíochtaí, caiteachas caipitiúil suntasach, ceapacháin lucht ardbhainistíochta agus mórbheartais an Ghrúpa. Tá próiseas cuimsitheach ag an nGrúpa chun faisnéis bhainistíochta a thuairisciú don Bhord ar bhonn rialta.

Tá rochtain ag gach Comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí an Ghrúpa.

### Coistí an Bhoird

Cuirtear coistí ar bun chun cuidiú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Is iadsan an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (féach thíos), an Coiste Airgeadais (féach thíos), an Coiste Sábháilteachta, an Coiste Luacha Saothair agus an Coiste Straitéise. Tar éis athstruchtúrú na coistí, cuireadh na coistí Airgeadais agus Sábháilteachta as feidhm ar 13 Nollaig 2017.

### Foireann na hArdbhainistíochta

Tá Foireann Ardbhainistíochta Aonán CIÉ (an tAonán) freagrach as bainistíocht laethúil ar ghníomhaíochtaí an Aonáin de réir mar a bhíonn siad tarmligthe ag an mBord. Tá an Fhoireann Ardbhainistíochta á rialú ag struchtúr eagraíochtúil atá ceaptha chun freastal ar riachtanais na heagraíochta i réimsí ar nós; Airgeadas, Iniúchóireacht, Rúnaíocht an Chomhlachta, Réadmhaoin, Acmhainní Daonna, TF, Pinsin, Imscrúduithe & Éilimh agus Cúrsaí Dlí. Tá freagracht ar an Aonán freisin as na gníomhaíochtaí a chomhordú ó thaobh tuairiscithe agus rialachais de i dtaca le Grúpa comhlachtaí CIÉ.

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ('CIR')

Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag an CIR agus bíonn suas le ceathrar Comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin air. Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uaire in 2017.

Áirítear le príomhdhualgais an CIR maoirseacht a dhéanamh ar chaidreamh an Ghrúpa leis an iniúchóir seachtrach, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar cheapadh agus ar fheidhmíocht an iniúchóra sheachtraigh, táillí iniúchóireachta, agus aon cheist a bhaineann le neamhspleáchas, le héirí as nó le dífhostú.

Déanann an CIR plé leis an iniúchóir seachtrach faoi chineál agus raon an iniúchta agus faoi thorthaí an iniúchta. Ina theannta sin, déanann an Coiste monatóireacht ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag an nGrúpa.

Ceapadh na hiniúchóirí seachtracha, Deloitte, le linn na bliana tar éis próiseas tairisceana iomaíche. Mhol an CIR don Bhord gur cheart Deloitte a athcheapadh go foirmiúil i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2017. Níorbh ann do cheangaltais chonartha ar bith lenar cuireadh srian ar an CIR maidir leis an moladh sin a dhéanamh. De bhreis ar na seirbhísí iniúchóireachta a chuireann Deloitte ar fáil, tar éis gur ceapadh é, chuir an gnólacht seirbhísí gairmiúla neamhiniúchóireachta dar luach €0.1 milliún ar fáil don Ghrúpa in 2017. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an gcaidreamh go léir idir an Grúpa agus an gnólacht iniúchóireachta seachtraí, ní mheasann an CIR go dtéann cineál ná fairsinge na hoibre breise ar tugadh fúithi i bhfeidhm ar bhreithiúnas ná ar neamhspleáchas an iniúchóra.

Tá rochtain iomlán gan bhac ag na hiniúchóirí seachtracha agus ag Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí ar leibhéal an Ghrúpa ar an CIR. Freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha ar chruinnithe den CIR agus buaileann siad leis an gCoiste gach bliain gan an lucht bainistíochta i láthair chun a chinntiú gur féidir leis na hiniúchóirí aon ábhar a phlé faoi rún.

Coinníonn an CIR faoi athbhreithniú éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta rioscaí an Ghrúpa trí bhreithniú a dhéanamh ar an obair a dhéanann na Coistí Iniúchóireachta agus Riosca de chuid Fhochuideachtaí Oibríocha Ghrúpa CIÉ agus trí theacht go chéile go tréimhsiúil le lucht ardbhainistíochta CIÉ. Chomh maith leis sin, ceadaíonn an CIR cláir oibre na hiniúchóireachta inmheánaí don Ghrúpa, buaileann sé go tréimhsiúil le Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí agus déanann sé machnamh ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha éagsúla a dtugtar fúthu agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo. Coinníonn an CIR faoi athbhreithniú freisin rialuithe, nósanna imeachta agus beartais a bhaineann le comhlíonadh, sceithireacht agus calaois. Déanann ARC athbhreithniú ar chóras na rialuithe inmheánacha agus déanann moltaí i dtaca leis na gníomhaíochtaí rialaithe i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

*Ráiteas Rialachais Chorparáidigh (ar lean)*

## An Coiste Airgeadais

Bhí ceathrar Comhaltaí Boird ar an gCoiste Airgeadais agus bhí téarmaí tagartha i scríbhinn aige.

D'áirigh leis an bpróiseas trína bhfeidhmíodh an coiste iad seo a leanas: bualadh le Príomhoifigeach Airgeadais agus lucht ardbhainistíochta na bhfochuideachtaí gach mí chun athbhreithniú a dhéanamh ar chistiú chlár caipitiúil an Ghrúpa, ar an ord tosaíochta a thugtar do bhearta caiteachais chaipitiúil na bhfochuideachtaí, ar bhuiséid chaipitiúla agus oibriúcháin bhliantúla, agus ar bheartais an Ghrúpa i dtaobh an chiste agus i dtaobh soláthair agus diúscartha. Ina theannta sin, rinne an Coiste athbhreithniú ar mhaoin tráchtála an Ghrúpa agus ar a chuid straitéisí árachais agus airgeadais. Bhí sé freagrach chomh maith as a chinntiú go n-éascaíonn córais faisnéise bhainistíochta an Ghrúpa do straitéisí airgeadais an Bhoird a chur chun feidhme go héifeachtach.

Tar éis athstruchtúrú a bheith déanta ar choistí Bhord CIÉ, tá ról an Choiste Airgeadais athsannta ó bhí Nollaig 2017 ann don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, don Choiste Straitéise agus do Bhord CIÉ.

## Ráiteas Faoin Rialú Inmheánach

### *Raon Feidhme na Freagrachta*

D'ullmhaigh gach ceann d'fhochuideachtaí Ghrúpa CIÉ (an Grúpa) Ráiteas faoin Rialú Inmheánach, atá ceadaithe ag a gcuid bord aonair. Ina theannta sin, tá Ráiteas faoi Rialú Inmheánach ullmhaithe ag Eintiteas CIÉ (an tEintiteas). Baineann an ráiteas seo a leanas go sonrach leis an Eintiteas agus tá sé ceadaithe ag Bord CIÉ.

Aithníonn an tEintiteas an fhreagracht atá air a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) agus an Bord athbhreithniú ar an ráiteas seo lena chinntiú go léirítear go cruinn ann an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe. Rinne na hiniúchóirí seachtracha athbhreithniú ar an ráiteas seo freisin lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht leis an eolas atá acu óna n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais.

### *Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh*

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal inghlactha, agus níl chun fáil réidh leis ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath ar shí thráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais, i bhfeidhm san Eintiteas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 agus go dtí an dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

### *An Cumas i dtaobh Riosca a Láimhseáil*

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an Eintiteas. I gCairt agus Téarmaí Tagartha an Choiste, déantar foráil maidir le suas le ceathrar Comhaltaí Boird a cheapadh chuig an gcoiste, a nglacfaidh duine acu ról an Chathaoirligh. Tá dhá fholúntas ar an gcoiste faoi láthair. Tháinig an CIR le chéile seacht n-uaire in 2017.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag an Eintiteas freisin, a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a bhíonn ag gabháil do chlár oibre arna aontú leis an CIR.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an Eintiteas lena leagtar an fhreagracht as bainistíocht riosca ar an bPríomhoifigeach Airgeadais (nó duine feiliúnach eile den lucht bainistíochta), agus leagann an té sin amach struchtúr tuairiscithe, agus ceapann sé nó sí daoine cuí, mar atá sonraithe sa Chreat Bainistíochta Riosca. Is é Bord an Eintitis atá freagrach as an gCreat Bainistíocht Riosca agus is é a cheadaíonn é. Tá an Creat sin oiriúnaithe chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid cuspóirí straitéiseacha sonracha, agus chun a neamhchosaint ar rioscaí sonracha a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil, i gcomhthéacs an bheartais.

Is é an beartas atá ann ná a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm laistigh den Eintiteas chun na príomhrioscaí atá le sárú ag gach réimse den ghnó a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Is iad na príomhrioscaí iad siúd ar féidir leo dochar a dhéanamh dá cháil, dá acmhainn oibríochtúil nó dá acmhainn airgeadais, guaiseacha a chur faoi deara, nó é a stopadh óna chuspóirí a bhaint amach ar shlí ina léirítear drogall roimh rioscaí.

*An Creat Riosca agus Rialaithe*

Soláthraítear dearbhú riosca trí mheán na trí líne cosanta. Is é an príomhdhifríocht atá idir na trí líne cosanta ná a leibhéil neamhspleáchais ó ghníomhaíochtaí oibríochta an Eintitis agus ón Eintiteas féin.

I samhail rialachais atá bunaithe ar thrí líne cosanta, déantar idirdhealú idir acmhainní riosca, maoirseacht rioscaí agus maoirsiú rioscaí mar seo a leanas:

- Úinéireacht Riosca, eadhon na feidhmeanna a ghlacann seilbh ar na rioscaí agus a dhéanann iad a bhainistiú mar chuid dá ngníomhaíochtaí ó lá go lá (an chéad líne cosanta);
- Maoirseacht Riosca, eadhon na feidhmeanna a dhéanann maoirseacht ar rioscaí agus a chuireann dúshlán na bhfoirne bainistíochta go stuama (an dara líne cosanta); agus
- Maoirsiú Riosca, eadhon feidhmeanna a sholáthraíonn dearbhú neamhspleách (an tríú líne cosanta).

Tá Úinéireacht Riosca ailínithe le húinéireacht ghnó. Toisc go bhfuil na daoine atá i gceannas ar na rannóga freagrach as cuspóirí gnó a bhaint amach, is iad atá freagrach sa deireadh thiar, ina gcáil mar úinéirí riosca, as rioscaí a bhaineann lena gcuid réimsí freagrachta féin a aithint agus a bhainistiú. Feidhmíonn siad an fhreagracht sin trína chinntiú go gcuirtear aithint rioscaí san áireamh go hiomlán i ngníomhaíochtaí laethúla na ndaoine atá ag obair laistigh dá rannóga.

Sanntar riosca nua-aitheanta d'úinéirí riosca, is é sin, ceann na rannóige. Féadfaidh an té sin bainistíocht an riosca a leagan ar Bhainisteoir Riosca a bheidh freagrach as anailís agus meastóireacht bhreise a dhéanamh ar an riosca atá i gceist agus dul i ngleic leis.

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Eintiteas trí chóras bogearraí riosca ar féidir iniúchadh a dhéanamh air, OpRiskControl, a ceapadh lena chinntiú go nglacann Úinéirí Riosca agus baill foirne eile sna rannóga cur chuige comhsheasmhach, stuama ag gach céim den phróiseas bainistíochta riosca, ó aithint riosca go riosca a chur faoi bhráid leibhéal freagrachta níos airde. De réir ISO 31000, tá sé ina bheartas againn rioscaí a shainiú ar leibhéal is féidir a bhainistiú, is é sin, go ndéantar cur síos orthu ar shlí is leor ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar mhéid féideartha agus dóchúlacht an teagmhais, agus bearta maolaithe a chur i bhfeidhm.

Déanann an tÚinéir Riosca freagrach na rioscaí a mheas agus é nó í ag baint úsáid as Táblaí Critéar Riosca a forbraíodh ionas go luafar an Grád Riosca cuí le rioscaí atá lasmuigh d'Fhonn Riosca an Eintitis, agus go sannfar an leibhéal cuí maoirseachta dóibh.

*Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach*

Bíonn gach riosca nua-aitheanta agus Príomh-Rioscaí, cinntí agus sonraí faoi aon rioscaí atá ag teacht chun cinn faoi réir athbhreithnithe piaraí ag Foireann Feidhmiúcháin an Eintitis.

Cuimseofar sna tuarascálacha tréimhsiúla an méid seo a leanas mar bheart caighdeánach:

- Príomhrioscaí;
- Athruithe ar phríomhrioscaí;
- Rioscaí nua-aitheanta;
- Rioscaí atá ag teacht chun cinn;
- Forbhreathnú ar iomlán rioscaí an eintitis;
- Rioscaí a sáraíonn an fonn riosca agus na bearta maolaithe.

Ina dhiaidh sin cuirtear tuairisc ar Rioscaí uile an Eintitis, a stádas i leith Fonn Riosca agus a bhfeidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta faoi bhráid an CIR, gach ráithe, agus Tuairiscí faoi Mhionsonraí na Rioscaí ag gabháil leo.

Chomh maith leis an méid thuasluaite, cuirtear gach Príomhriosca Ardleibhéil de chuid an Ghrúpa agus gach Riosca atá ag teacht Chun Cinn faoi bhráid Bhord Feidhmiúcháin CIÉ ionas go ndéanfaidh an Bord sin measúnú orthu i gcomhthéacs an Ghrúpa ar fad. Ina dhiaidh sin, cuirtear tuairisc ar Rioscaí uile an Eintitis, a stádas i leith Fonn Riosca agus a bhfeidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta faoi bhráid an CIR, gach ráithe, agus Tuairiscí faoi Mhionsonraí na rioscaí ag gabháil leo.

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí. Tá sé á dhearbhú ag an Eintiteas go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú,

# *Ráiteas Rialachais Chorparáidigh (ar lean)*

- Rinneadh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla i dtaobh feidhmíochta agus cúrsaí airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

### *Soláthar*

Tá sé á dhearbhú ag an Eintiteas go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte reatha i dtaobh soláthair. Chuir CIÉ in iúl don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt roimhe seo go bhfuil tairseach €50,000 á cur i bhfeidhm aige maidir le neamhchomhlíonadh soláthair de bharr an méid ceannacháin a dhéantar laistigh de Ghrúpa CIÉ agus de bharr an chostais bhreise a ghabhann le faisnéis a sholáthar ag an teorainn íochtarach. Dírítear aird thíos ar nithe a eascraíonn i leith rialuithe maidir le soláthar.

Faigheann CIÉ a chuid árachais ó fhrithgheallaithe árachais, le tacaíocht ó bhróicéir árachais. Baintear leas as seirbhísí bróicéara árachais faoi nós imeachta a chomhlíonann na treoirlínte soláthair phoiblí. In 2011, bhunaigh CIÉ córas cáiliúcháin, is é sin próiseas soláthair phoiblí ceadaithe lena chur ar a chumas don bhróicéir árachais dul i gcomhairle le frithgheallaithe árachais a bhfuil a gcáiliúchán deimhnithe agus atá páirteach sa chóras cáiliúcháin. Ní dhearnadh athnuachan ar an gcóras cáiliúcháin sin, mar a éilíodh, in 2014. Tá próiseas i bhfeidhm anois chun córas cáiliúcháin a athbhunú. Nuair a bheidh sé curtha i gcrích, beidh an próiseas sin lán-chomhlíontach in 2019. Is é luach bliantúil an árachais arna fhrithghealladh ná €3 mhilliún.

Ní raibh na seirbhísí dlí a sholáthair soláthraithe seirbhíse seachtracha maidir le héilimh dliteanais tríú páirtí faoi réir próiseas tairisceana foirmiúil. Tugadh faoi phróiseas tairisceana in 2017 agus cuireadh i bhfeidhm comhaontuithe comhlíontacha soláthair i mí Feabhra 2018. Is é luach bliantúil na seirbhísí sin ná €1.5 milliún.

### *Athbhreithniú ar Éifeachtacht*

Éilítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go ndéanfaí athbhreithniú seachtrach 'ar bhonn tréimhsiúil' ar éifeachtacht chreat bainistíochta riosca gach Comhlachta Stáit. Fostaíodh Mazars chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chreat Bainistíochta Riosca an Eintitis i mí na Bealtaine 2017. Fuarthas go raibh Creat Bainistíochta Riosca an Eintitis ag cloí leis an gCód.

Ina theannta sin, tá sé á dhearbhú ag an Eintiteas go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm aige chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus rialú riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Eintitis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus na hiniúchóirí seachtracha, an CIR, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta san Eintiteas atá freagrach as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Tá sé á dheimhniú ag an Eintiteas go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i leith na bliana 2017 de réir an Chóid Chleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

### *Saincheisteanna a Bhaineann le Rialú Inmheánach*

Níor aithníodh aon laigí ábhartha sa rialú inmheánach, i dtaobh caillteanais ábhartha ná i dtaobh calaoisí i leith na bliana 2017 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais. Cé nár aithníodh sa bhliain reatha aon laigí sna rialuithe inmheánacha a léiríonn tionchar ábhartha ar na ráitis airgeadais i leith na bliana 2017 ná blianta ina dhiaidh sin, tá an Bord agus an Lucht Bainistíochta fós san airdeall ar laigí rialaithe agus fáiltíonn siad roimh aiseolas trí iniúchadh inmheánach, iniúchadh seachtrach agus réimsí eile monatóireachta leanúnaí agus athbhreithnithe leanúnaigh, i ndáil le moltaí faoi chóras rialaithe inmheánaigh an Eintitis a fheabhsú. Déanann an tEintiteas fiosrú ar gach tuairisc den sórt sin agus cuireann sé bearta i bhfeidhm ar bhonn na moltaí ar bhealach pras.

## Luach Saothair na gComhaltaí Boird

Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a chinneann luach saothair na gComhaltaí Boird i leith a ndualgas mar Chomhaltaí Boird. Ní fhaigheann siad pinsin i leith a ndualgas mar Chomhaltaí Boird.

Íoctar luach saothair freisin le Comhaltaí Boird a ceapadh faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001, de réir a gconarthaí fostaíochta.

## Tinreamh ag Cruinnithe an Bhoird/na gCoistí

Seo thíos tinreamh na gComhaltaí Boird ag cruinnithe Boird/Coiste a tionóladh in 2017.

| Comhalta Boird | Bord CIÉ | An Coiste Airgeadais | An Coiste Iniúchóireachta | An Coiste Luacha Saothair | An Coiste Sábháilteachta | An Coiste Straitéise |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Vivienne Jupp | 6/6 | | | 3/3 | | 4/4 |
| Ultan Courtney | 9/11 | 6/6 | | 2/4 | | 6/6 |
| Phil Gaffney | 6/6 | | 2/4 | 2/3 | 1/1 | 4/4 |
| Bill McCamley | 0/0 | | | | | |
| Aebhric McGibney | 8/9 | 7/8 | 6/6 | | | |
| John Moloney | 7/11 | | | | | |
| Christine Moran | 10/11 | 6/8 | 7/7 | | | |
| Aidan Murphy | 7/10 | 3/5 | | 2/4 | | 5/6 |
| Tom O'Connor | 9/11 | | | | 1/2 | |
| Ruairi O'Flynn | 9/11 | | | | | 5/6 |
| Niamh Walsh | 10/11 | | 7/7 | 3/4 | 2/2 | |
| Tommy Wynne | 9/11 | | | | | |
| Frank Allen | 4/4 | | | 1/1 | | 2/2 |
| Stephen Hannan | 1/1 | | | | | |

## Gnóthas Leantach

Tá na Comhaltaí Boird deimhin go mbeidh dóthain acmhainní ag CIÉ agus ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó ar feadh 12 mhí ar a laghad ón dáta ar ar síníodh na ráitis airgeadais. Dá réir sin, tá bonn an ghnóthais leantaigh fós á roghnú acu agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Dírítear d'aird ina leith sin ar Nóta 2 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

**Thar ceann an Bhoird**

**Christine Moran**
*Comhalta Boird*

**Ruairi O'Flynn**
*Comhalta Boird*

**4 Aibreán 2018**

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais Eintiteas CIÉ (an tEintiteas) agus Ghrúpa CIÉ ('an Grúpa') a ullmhú de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Faoin dlí, ceanglaítear ar na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais ina dtugtar léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Ghrúpa CIÉ amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas an Ghrúpa i leith na bliana airgeadais. Faoin dlí sin, d'ullmhaigh na Comhaltaí Boird na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Faoi dhlí na hÉireann, ní cheadóidh na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais mura bhfuil siad deimhin go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais CIÉ agus an Ghrúpa amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó caillteanas an Ghrúpa i leith na bliana airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Comhaltaí Boird:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a shonrú cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin atá i gceist a shainaithint, faoi réir aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin sin a nochtadh agus a mhíniú sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais;
- scairshealbhóirí CIÉ a chur ar an eolas i scríbhinn faoi úsáid díolúintí nochta, más ann, faoi FRS 102; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh CIÉ agus an Grúpa i mbun gnó.

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as taifid chuntasaíochta iomchuí a choinneáil ar leor iad chun:

- idirbhearta CIÉ agus an Ghrúpa a thaifeadadh agus a mhíniú i gceart;
- a chumasú, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas CIÉ a chinneadh go réasúnta cruinn; agus
- a chur ar a gcumas do na Comhaltaí Boird a chinntiú gur ullmhaíodh ráitis airgeadais CIÉ agus an Ghrúpa de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Chomh maith leis sin, tá na Comhaltaí Boird freagrach as sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus na faisnéise airgeadais atá ar shuíomh gréasáin an Ghrúpa. Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile.

**Thar ceann an Bhoird**

**Christine Moran**
*Comhalta Boird*

**Ruairi O'Flynn**
*Comhalta Boird*

**4 Aibreán 2018**

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha

don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
i leith Chóras Iompair Éireann ('CIÉ')

## Tuairisc ar an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

### Tuairim Maidir le Ráitis Airgeadais Chóras Iompair Éireann

Is é ár dtuairim i leith ráitis airgeadais Ghrúpa CIÉ (an Grúpa) agus Eintiteas CIÉ (an tEintiteas):

- go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus an Eintitis amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar chaillteanas an Ghrúpa don bhliain airgeadais dar chríoch ar an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus, go háirithe, de réir cheanglais an Achta Iompair, 1950.

Is iad na ráitis airgeadais atá iniúchta againn ná:

Ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- an Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Caillteanais;
- an Ráiteas Comhdhlúite um Ioncam Cuimsitheach;
- an Clár Comhardaithe Comhdhlúite;
- an Ráiteas Comhdhlúite um Athruithe ar Chothromas;
- an Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid; agus
- na nótaí 1 go 32 a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach i nóta 1.

Ráitis airgeadais an Eintitis:

- an Clár Comhardaithe;
- an Ráiteas um Athruithe ar Chothromas;
- na nótaí 1 go 32 a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach i nóta 1.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm agus ráitis airgeadais an Ghrúpa á n-ullmhú ná an tAcht Iompair, 1950 agus FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha').
Aithnítear díorthaigh ar dtús ar a luach cóir ar an dáta a ndéantar conradh díorthach agus déantar iad a thomhas arís ina dhiaidh sin ar a luach cóir.

Cuireann an Grúpa cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm i gcás babhtálacha rátaí úis, réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus conarthaí babhtála tráchtearraí, agus ainmnítear na díorthaigh sin mar fhálú ar an sreabhadh airgid.

Aithnítear sa chothromas codanna éifeachtacha na n-athruithe ar luachanna cóir na ndíorthach atá ainmnithe mar fhálú ar an sreabhadh airgid agus a cháilíonn amhlaidh. Déantar an gnóthachan nó an caillteanas a bhaineann le haon chuid neamhéifeachtach a aithint láithreach sa chuntas brabúis nó caillteanais.

Déantar méideanna arna gcarnadh sa chúlchiste fálaithe a áireamh arís sa chuntas brabúis nó caillteanais sna tréimhsí ina mbeidh tionchar ag na míreanna fálaithe ar bhrabús nó caillteanas (mar shampla nuair a tharlóidh an ceannach tuartha a bhfuil fálú déanta ina leith). Má bhíonn sé ina thoradh ar idirbheart tuartha a bhfuil fálú déanta ina leith go n-aithnítear sócmhainn neamhairgeadais (fardal, mar shampla) nó dliteanas, déantar na gnóthachain agus na caillteanais a iarchuireadh roimhe sin sa chúlchiste fálaithe a aistriú ón gcúlchiste agus cuirtear san áireamh iad sa mheastóireacht bhunaidh ar chostas na sócmhainne nó an dliteanais.

Sa chás ina dtéann ionstraim fálaithe in éag nó ina ndíoltar í, nó sa chás nach gcomhlíonann fálú a thuilleadh na critéir le haghaidh cuntasaíocht fálaithe, fágtar sa chúlchiste aon ghnóthachan nó caillteanas carnach atá sa chúlchiste fálaithe an tráth sin, agus aithnítear é nuair a aithnítear an t-idirbheart tuartha ar deireadh sa chuntas brabúis nó caillteanais. Nuair nach bhfuiltear ag súil leis a thuilleadh go dtarlóidh idirbheart tuartha, déantar an gnóthachan nó an caillteanas carnach a tuairiscíodh san ioncam cuimsitheach eile a aistriú láithreach chuig an gcuntas brabúis nó caillteanais.

## *(s) Soláthairtí*

Is ionann soláthairtí agus dliteanais atá neamhchinnte ó thaobh ama nó méid. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar an nGrúpa mar gheall ar theagmhais a tharla roimhe seo; nuair is dócha gur gá sochair gheilleagracha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas mar luach láithreach an mheastacháin is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh ag baint úsáide as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Déantar athbhreithniú ar sholáthairtí ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar iad a choigeartú chun an meastachán reatha is fearr a thabhairt ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais, arna chur i láthair faoi 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé i gceist.

Sa chás ina bhfuil roinnt oibleagáidí dá samhail ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh ag teastáil chun iad a ghlanadh trí bhreathnú ar aicme na n-oibleagáidí ina hiomláine.

Aithnítear soláthairtí i ndáil le hathstruchtúrú nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe ar CIÉ ag deireadh na bliana airgeadais i dtaobh an t-athstruchtúrú a chur i gcrích. Tá oibleagáid inchiallaithe ar CIÉ athstruchtúrú a dhéanamh nuair is ann do phlean mionsonraithe foirmiúil don athstruchtúrú sin agus nuair a chruthaigh sé ionchas bailí i measc na ndaoine dá ndéanann sé difear, trí thosú ar an bplean a chur chun feidhme nó trí phríomhghnéithe an phlean a fhógairt dóibh siúd dá ndéanann sé difear.

Déantar soláthar do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ag dáta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe don Ghrúpa fós.

Cuimsítear sna soláthairtí eile soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí iarnróid agus bus, soláthairtí a bhaineann le pá, soláthairtí comhshaoil, éilimh dlí agus soláthairtí a bhaineann le pinsin.

Ní dhéantar soláthar in aghaidh caillteanas oibriúcháin sa todhchaí.

### *(t) Dliteanais agus Sócmhainní Teagmhasacha*

I gcás dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh teagmhais a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad toisc nach dócha go mbeidh ar an nGrúpa sochair gheilleagracha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh nó toisc nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha neamhchinnte mar dhliteanais ach is dliteanais theagmhasacha iad. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

### *(u) Sócmhainní Léasaithe*

*(i) Léasanna airgeadais*

Faoi léasanna airgeadais, aistrítear rioscaí agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasóir.

I dtosach an téarma léasa airgeadais, aithníonn an Grúpa a cheart úsáide agus an oibleagáid atá air faoi léas airgeadais mar shócmhainn agus dliteanas ag méid is ionann agus luach cóir na sócmhainne ar léas, nó más rud é gur luach níos ísle atá i gceist, ar luach láithreach na n-íocaíochtaí léasa íosta arna ríomh ar an ráta úis atá intuigthe sa léas. Tá caiteachas caipitiúil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad sin a dhímheas thar théarma an léasa nó thar shaol úsáideach tuartha na sócmhainne, cibé acu is giorra. Tá sciar caipitiúil na n-oibleagáidí léasa atá amuigh curtha san áireamh leis na creidiúnaithe. Gearrtar muirir airgeadais ar an gcuntas brabúis agus caillteanais thar phríomhthréimhse an léasa.

Déantar sócmhainní a mheas maidir le lagú i ndeireadh gach bliana airgeadais.

Déantar na híocaíochtaí léasa íosta a chionroinnt idir an dliteanas amuigh agus na muirir airgeadais, faoi mhodh an ghlanráta úis, ionas go mbeidh ráta seasmhach tréimhsiúil úis i bhfeidhm ar an iarmhéid atá fágtha den dliteanas.

*(ii) Léasanna oibriúcháin*

Faoi léasanna oibriúcháin, ní aistrítear riosca agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasóir. Aithnítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa. Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

### *(v) Sochair Fostaithe*

Cuireann an Grúpa roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearacht agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh. Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne incháilithe, isteach sna scéimeanna pinsean faoi seach.

*Sochair iarfhostaíochta*

Feidhmíonn an Grúpa pleananna sochar sainithe d'fhostaithe Ghrúpa CIÉ.

Sainítear i bplean sochair shainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean sochair shainithe agus sochar iarfhostaíochta seachas plean le ranníocaíochtaí sainithe.

Is ionann an dliteanas a aithnítear sa chlár comhardaithe maidir le pleananna sochar sainithe agus luach láithreach na n-oibleagáidí sochar sainithe ag deireadh gach bliana airgeadais lúide luach cóir shócmhainní an phlean ar an dáta céanna.

## *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

Déanann achtúire seachtrach na hoibleagáidí sochar sainithe a ríomh gach bliain faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Cinntear luach láithreach na n-oibleagáidí sochar sainithe trí lascainiú a dhéanamh ar na híocaíochtaí measta sa todhchaí ar bhonn torthaí margaidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta atá ainmnithe in euro agus a bhfuil téarmaí acu ar cosúil iad le tréimhse mheasta na n-íocaíochtaí amach anseo ('ráta lascaine').

I gcás luach cóir shócmhainní an phlean as a bhfuil na hoibleagáidí le glanadh, déantar é a thomhas de réir bheartas cuntasaíochta an Ghrúpa i leith sócmhainní airgeadais. I gcás fhormhór na sócmhainní de chuid na bpleananna, is ionann é sin agus an praghas luaite i margadh gníomhach. Sa chás nach bhfuil praghsanna luaite ar fáil, úsáidtear teicnící luachála cuí chun meastachán a dhéanamh ar an luach cóir.

Cuimsítear iad seo a leanas i gcostas na bpleananna sochar sainithe, arna n-aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais, ach amháin má tá siad san áireamh i gcostas sócmhainne:

(a) an méadú ar ghlandliteanais sochar sainithe a eascraíonn ó sheirbhís fostaithe i rith na bliana airgeadais; agus

(b) An costas a bhaineann le plean a thabhairt isteach, athruithe ar shochair, ciorrúcháin agus socraíochtaí.

Cinntear an glanchostas úis maidir le glandliteanas sochar sainithe tríd an nglandliteanas sochar sainithe a mhéadú faoin ráta lascaine (mar a chinntear iad ag tús na bliana airgeadais sa dá chás, agus aird á tabhairt ar aon athruithe ar an nglandliteanas sochar sainithe i rith na bliana airgeadais mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochar). Aithnítear an glanchostas úis sin sa chuntas brabúis agus caillteanais mar 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail'.

Aithnítear san ioncam cuimsitheach eile gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó choigeartuithe ó thaithí agus athruithe ar thoimhdí achtúireacha. Na méideanna sin, mar aon leis an toradh ar shócmhainní an phlean lúide an t-ioncam úis ar shócmhainní an phlean atá ar áireamh sa ghlanchostas úis, cuirtear i láthair iad mar atomhas ar an nglandliteanas sochar sainithe leis an ioncam cuimsitheach eile.

Glacann na fochuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéimeanna Pinsean CIÉ. Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conarthach ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Déantar glandliteanas na bpinsean le sochar sainithe do na scéimeanna ina n-iomláine a aithint i gclár comhardaithe Eintiteas CIÉ.

### *(w) Breithiúnais Ríthábhachtacha maidir le Beartais Chuntasaíochta an Ghrúpa a Chur i bhFeidhm*

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann na Comhaltaí Boird meastacháin agus toimhdí faoin todhchaí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu. De réir sainmhínithe, is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta sin díreach mar an gcéanna leis na torthaí iarbhír a bhaineann leo. Tugtar aghaidh anseo thíos ar na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist agus ar na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann baol nach beag go mbeidís ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

*(i) Saol úsáideach tuartha na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe*

Tagann athrú ar an muirear amúchta bliantúil i gcás sócmhainní seasta doláimhsithe agus ar an muirear dímheasa i gcás sócmhainní seasta inláimhsithe ag brath ar athruithe ar shaol úsáideach tuartha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar an saol úsáideach tuartha agus na luachanna iarmharacha a athmheasúnú gach bliain. Déantar iad a leasú de réir mar is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, infheistíochtaí sa todhchaí, úsáid eacnamaíoch agus riocht na sócmhainní. Léirítear thuas an saol úsáideach tuartha i gcás gach aicme sócmhainní seasta inláimhsithe agus doláimhsithe. Tá suim ghlanluacha na sócmhainní seasta doláimhsithe agus inláimhsithe i leith gach aicme sócmhainne leagtha amach i Nóta 14 agus Nóta 15.

*(ii) Scéimeanna pinsean le sochar sainithe*

Tá sé d'oibleagáid ar an nGrúpa sochair pinsean a íoc le fostaithe áirithe. Is iad achtúirí na scéimeanna a dhéanann na pleananna pinsean a luacháil. Braitheann costas na sochar pinsean agus luach láithreach na ndliteanas pinsean ar na toimhdí arna ndéanamh i leith tosca cosúil le hionchas saoil bhaill na scéime, méadú tuarastail na bhfostaithe reatha, leibhéal na méaduithe, más ann dóibh, a dheonaítear do phinsinéirí agus an ráta úis ar a ndéantar lascainiú ar na híocaíochtaí pinsean sa todhchaí. Úsáideann an Grúpa meastacháin i leith na dtosca sin go léir chun na costais pinsean agus na sócmhainní agus dliteanais arna léiriú sna ráitis airgeadais a chinneadh.

Cinneann an Grúpa an ráta lascaine cuí ag deireadh gach bliana. Is é sin an ráta úis ba chóir a úsáid chun an luach láithreach a chinneadh i dtaobh eis-sreafaí airgid measta sa todhchaí a mheastar a bheidh ag teastáil chun na hoibleagáidí pinsean a íoc. Agus an ráta lascaine cuí á chinneadh aige, féachann an Grúpa ar thorthaí ó bhannaí corparáideacha ardcháilíochta atá ainmnithe san airgeadra ina n-íocfar na sochair agus a bhfuil téarmaí aibíochta acu atá cosúil le téarmaí na hoibleagáide pinsean a bhaineann leo.

Tá éiginnteacht nach beag fós i gceist maidir le tuarastail deiridh inphinsin a bheidh i bhfeidhm agus na sochair iníoctha á gcinneadh. Bíonn tionchar ar mhuirir pinsean freisin de bharr difríochtaí idir toimhdí a rinneadh agus an rud a tharlaíonn iarbhír, agus de bharr athruithe ar thoimhdí. Tá tuilleadh mionsonraí i dtaobh scéimeanna pinsean an Ghrúpa le sochar sainithe agus na toimhdí a úsáidtear agus na dliteanais pinsean á luacháil leagtha amach i Nóta 25.

Mar gheall ar an luaineacht nach beag sna margaí airgeadais, tá athruithe móra tagtha le roinnt blianta anuas ar luachanna margaidh shócmhainní na scéimeanna pinsean agus ar an ráta lascaine ar a ndéantar dliteanais pinsean amach anseo a luacháil.

*(iii) Soláthairtí le haghaidh dliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí*

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe don Ghrúpa fós.

Glacann an Grúpa gach céim réasúnach lena chinntiú go mbeidh an fhaisnéis chuí aige maidir lena neamhchosaint ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí a bhunú in aghaidh éileamh, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i Nóta 22 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

*(iv) Feithiclí paisinéirí bóthair faoi chomhaontú léasúcháin bus*

Tá aitheantas tugtha do na feithiclí paisinéirí bóthair breise a fuarthas faoin gcomhaontú léasúcháin bus leis an Údarás Náisiúnta Iompair i gcomhréir leis an mBeartas Suntasach Cuntasaíochta (l) thuas. Mar an gcéanna, aithnítear deontas comhfhreagrach le haghaidh caiteachais chaipitil i gcomhréir leis an mBeartas Suntasach Cuntasaíochta (e) thuas.

Tá breithiúnas tugtha ag an nGrúpa ar aitheantas sócmhainne agus an deontais chomhfhreagraigh i gcásanna ina gcuireann an tÚdarás Náisiúnta Iompair sócmhainní bus ar fáil don Ghrúpa faoi chomhaontú léasúcháin.

Níor tháinig aon athrú sonrach ar chearta agus oibleagáidí an Ghrúpa agus an Údaráis Náisiúnta Iompair, mar a forordaíodh sa Chonradh Dámhachtana Dírí 2014 – 2019. Tá an Grúpa ag fáil an ceart úsáid a bhaint as an tsócmhainn don chuid is mó de shaol eacnamaíoch na mbusanna ar chíos bliantúil nach fhreagraíonn do luach na sócmhainne atá ar léas. Sa bhreis air sin, aistrítear na rioscaí agus na sochair airgid go léir a bhaineann le húinéireacht chuig an nGrúpa nuair a fhaightear an bus.

Is ionann costas na bhfeithicil paisinéirí bóthair a fuarthas faoin gcomhaontú léasúcháin bus leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus luach margaidh oscailte bhus coibhéiseach nó costas an bhus coibhéisigh is deireanaí faighte ag an nGrúpa.

Beidh costas na bhfeithicil paisinéirí bóthair arna bhfáil faoi chomhaontú léasúcháin bus comhionann le luach margaidh oscailte bhus coibhéiseach nó costas an bhus coibhéisigh is deireanaí faighte ag an nGrúpa.

Déanfaidh an Grúpa na meastacháin agus breithiúnais sin a athbhreithniú agus a bhreithniú go tréimhsiúil le haon athrú conartha nó aon athrú ar na cúinsí a aimsiú.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i nóta 15 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 2. Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoina nglactar leis go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag CIÉ agus ag Grúpa CIÉ ('an Grúpa') chun leanúint ar aghaidh ag oibriú ar feadh ar a laghad 12 mhí ón dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo.

### Cúlra

Amhail an 31 Nollaig 2016 bhí glandliteanas €636 milliún (2016: €585milliún) ar na nGrúpa agus bhí glandliteanas reatha €200 milliún (2016: €233 milliún) air. Áirítear leis an nglandliteanas reatha míreanna neamhairgid €288 milliún (2016: €289 milliún) a bhaineann le hioncam iarchurtha i ndáil le deontais chaipitil, ioncam iarchurtha agus méideanna is inaisíoctha le gníomhaireachtaí cistiúcháin i leith socraíocht CBL. Dá bhrí sin, gan na míreanna neamhairgid sin san áireamh, tá glansócmhainní reatha €88 milliún (2016: glansócmhainní reatha €56 milliún) ag an nGrúpa. Áirítear le glandliteanas reatha an Ghrúpa dliteanais a bhaineann le hoibleagáidí pinsean le sochar sainithe €784 milliún (2016: €730 milliún) agus ioncam iarchurtha i ndáil le deontais chaipitil €2,494 milliún (2016: €2,555 milliún).

I mí Eanáir 2018, tá leasú agus síneadh ar a shaoráid bhaincéireachta faighte ag Grúpa CIÉ. Is ionann an tsaoráid agus saoráid thiomanta de €108 milliún do thréimhse thosaigh de chúig bliana, le dhá rogha chun síneadh bliana a chur le comhaontú an dá pháirtí, ag deireadh bhliain a haon agus bhliain a dó den tsaoráid. Amhail an 31 Nollaig 2017, bhí €28 milliún tarraingthe anuas ag an nGrúpa faoi na saoráidí iasachta téarma. Ba ionann €80 milliún an méid nár tarraingíodh anuas agus a bhí ar fáil don Ghrúpa faoi shaoráidí creidmheasa imrothlaigh.

### An Neamhchinnteacht atá le Sárú ag an nGrúpa

Ainneoin feabhas a bheith fós ag teacht ar an bhfeidhmíocht trádála in 2017, tá an Grúpa fós ag feidhmiú i dtimpeallacht dhúshlánach gnó óna n-eascraíonn ábhair neamhchinnteachta.

Cé go bhfuil muinín ag an lucht bainistíochta go leanfar ar aghaidh ag comhlíonadh na leibhéal foriomlán airgeadais, lena n-áirítear iad siúd atá de dhíth ionas go gcomhlíonfaidh an Grúpa a chuid cúnant airgeadais, tá feidhmíocht an Ghrúpa sa todhchaí faoi réir roinnt spriocanna agus toimhdí dúshlánacha, a éilíonn go ndéanfaidh an lucht bainistíochta monatóireacht agus maoirseacht ar bhonn leanúnach.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhábhair neamhchinnteachta a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an nGrúpa amach anseo faoi na ceannteidil seo a leanas:

#### *2.1 Ioncam*

Tá comhlíonadh na spriocanna atá luaite le fás ioncaim i mbuiséad na bliana bunaithe ar thoimhdí éagsúla a bhaineann le méaduithe ar tháillí ainmniúla, méaduithe ar an líon aistear paisinéirí agus an meascán táillí idir tháillí airgid thirim agus táillí eile.

Ina theannta sin, tá an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ag déanamh Comhaontú Seirbhíse a aontú le haghaidh na Scéime Iompair Shaor in Aisce, lena dtabharfar níos mó cinnteachta do sheirbhísí tráchtála Expressway Bhus Éireann.

#### *2.2 Costais Oibriúcháin*

Baineann fíorthábhacht go fóill leis na costais oibriúcháin a choimeád ar leibhéal cuí mar atá sonraithe i bpleananna an Ghrúpa. Is toimhdí suibiachtúla a úsáideadh chun an plean á ullmhú agus ní mór go ndéanfar dianmhonatóireacht ar fheidhmíocht i gcoinne an phlean, ionas gur féidir gníomhaíochtaí maolaithe, atá aitheanta ag an lucht bainistíochta cheana féin, a chur i bhfeidhm más gá.

Le linn 2017, chuir Bus Éireann raon tionscnamh chun feidhme i gcomhairle leis an bhfoireann go mbainfidh amach feabhsaithe, éifeachtúlacht agus laghdú costais are leor iad ionas go mbeidh Bus Éireann inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de arís. Cé go bhfuil éiginnteacht i gceist leis an sceideal faoina gcuirfear i bhfeidhm na bearta sin, tá ar chumas Bhus Éireann na costais a bhaineann leis an athrú agus leis an idirthréimhse a sheasamh a fhad agus a gcuirfear na tionscnaimh sin chun feidhme.

Tá an neamhchinnteacht sin á maolú trí mhonatóireacht agus athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht i dtaobh costais le hais an phlean. Maidir le Bus Éireann, tá comhaontú déanta leis an bhfoireann anois faoin raon tionscnamh atá le cur chun feidhme.

### *2.3 Costais Infheistíochta*

Baineann fíorthábhacht leis an leibhéal cuí infheistíochta a bhaint amach maidir le cothabháil, athnuachan agus feabhsú an bhonneagair iompair phoiblí chun tacú le soláthar seirbhísí iompair phoiblí atá sábháilte, éifeachtach agus iontaofa. Dúshlán leanúnach don lucht bainistíochta is ea é a chinntiú go bhfuil an infheistíocht riachtanach á cistiú go cuí ionas nach mbainfidh éileamh infheistíochta oibríochtaí an Ghrúpa an bonn d'inbhuanaitheacht airgeadais an Ghrúpa. Tá pleananna an Ghrúpa don bhliain 2018 ag brath ar chistiú breise don chaiteachas caipitiúil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ón Údarás Náisiúnta Iompair agus glactar leis go mbeidh cistiú i gcomhair na hinfheistíochta ar fáil ó shreafaí airgeadais oibriúcháin freisin.

Braitheann inbhuanaitheacht an Ghrúpa san fhadtréimhse ar leibhéal cuí cistithe a bheith ar fáil ón rialtas chun cistiú a dhéanamh ar na seirbhísí iompair phoiblí a cheanglaítear faoi chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí an Ghrúpa.

Tá inbhuanaitheacht an Ghrúpa an-leochaileach i dtaobh na neamhchinnteachta a bhaineann leis infheistíocht sa todhchaí a chistiú.

Dúshlán nach beag do gach páirtí leasmhar is ea cistiú na riachtanas infheistíochta san fhadtréimhse. Sa chás ina mbeidh gannchion sa leibhéal cistithe, beidh an riosca ann nach mbeidh sreabhadh airgid ag an ngrúpa ar leor é chun a chobhsaíocht airgeadais a chinntiú i rith shaolré an phlean gnó reatha 5 bliana. Sa chás sin, beidh srian ar an gcaipiteal oibre agus beidh gá le monatóireacht leanúnach. Bheadh gá le gníomhaíochtaí maolaitheacha le féachaint chuige nach ndéanfaí sárú ar na cúnaint airgeadais fhoriomlána, dá bhfuil an Grúpa ceangailte, agus go mba leor an sreabhadh airgid i ndiaidh infheistíochta chun oibleagáidí a ghlanadh de réir mar a bheidh siad dlite.

Mar mhaolú, bainistíonn an Grúpa an t-údarú ar infheistíochtaí ábhartha agus iarrann sé deimhniú ar chistiú cuí a bheith ar fáil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt nó ón Údarás Náisiúnta Iompair roimh dhul ar aghaidh leis na hinfheistíochtaí sin.

Síníodh na conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí reatha le Bus Átha Cliath agus le Bus Éireann i mí na Nollag 2014 agus is i leith tréimhse 5 bliana iad, go dtí 2019. I gcás Iarnród Éireann, síníodh an conradh atá i bhfeidhm faoi láthair i mí na Nollag 2009 agus is i leith tréimhse 10 mbliana atá sé, go dtí 2019.

### *2.4 Leachtacht*

Amhail Eanáir 2018, tá leasú agus síneadh ar a shaoráid bhaincéireachta faighte ag Grúpa CIÉ. Is ionann an tsaoráid agus saoráid thiomanta de €108 milliún do thréimhse thosaigh de chúig bliana, le dhá rogha chun síneadh bliana a chur le comhaontú an dá pháirtí, ag deireadh bhliain a haon agus bhliain a dó den tsaoráid. Amhail an 31 Nollaig 2017, bhí €28 milliún tarraingthe anuas ag an nGrúpa faoi na saoráidí iasachta téarmaí. Ba é €80 milliún an méid neamhtharraingthe a bhí ar fáil don Ghrúpa faoi shaoráidí creidmheasa imrothlaigh an Ghrúpa.

Cuimsíonn na saoráidí sin roinnt cúnant airgeadais, ar chomhlíon an Grúpa iad ar fad in 2017. Creideann an lucht bainistíochta go leanfaidh an Grúpa ar aghaidh ag comhlíonadh na gcúnant atá sonraithe sa chomhaontú saoráide don tréimhse 12 mhí, ar a laghad, ón dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo. Déanann an Grúpa monatóireacht leanúnach ar úsáid iarbhír agus úsáid thuartha a chuid saoráidí baincéireachta agus ar chomhlíonadh na gcúnant airgeadais laistigh dá shaoráidí.

### *2.5 Pinsin*

Tá easnamh i scéimeanna pinsean an Ghrúpa agus tháinig méadú mór ar an dliteanas ina leith i rith na bliana. D'eascair an méadú ar an dliteanas den chuid is mó as an ráta úis íseal atá i réim in Éirinn agus thar lear. Tá na margaí airgeadais fós luaineach, tá na scéimeanna fós faoi lé gluaiseachtaí suntasacha sna rátaí úis bunúsacha faoina dtomhaistear na dliteanais agus i luacháil na sócmhainní atá i seilbh na scéimeanna. Ní mór monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an luaineacht leanúnach i leith luacháil na scéimeanna agus ní mór bearta a shainaithint ar féidir iad a chur chun feidhme, ar bhonn comhaontaithe, chun an riosca a bhaineann leis na scéimeanna a laghdú.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Measann an Grúpa gurb é an cur chuige cuí is ceart a ghlacadh san fhadtréimhse chun an riosca sin a mhaolú ná na scéimeanna a thabhairt slán ó rioscaí i gcomhairle leis an bhfoireann. Tá CIÉ i mbun rannpháirtíochta leis an bhfoireann chun bearta a aithint agus a aontú d'fhonn na scéimeanna a thabhairt slán ó rioscaí. Bainistíonn an Grúpa a bhuiséid lena chinntiú go gcoinnítear cuntas cuí, sa ghearrthéarma, ar impleachtaí airgid a chuid oibleagáidí pinsin.

## Gníomhaíochtaí an Lucht Bainistíochta

Chomh maith leis na bearta maolaitheacha a bhfuil cuntas orthu thuas, tá roinnt beart curtha i gcrích agus á gcur i gcrích go fóill ag lucht bainistíochta an Ghrúpa agus CIÉ, lena n-áirítear:

- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar rioscaí agus ar dheiseanna a bhfuil tionchar acu ar phlean gnó an Ghrúpa.
- Plé a dhéanamh leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis an struchtúr cistithe cuí agus leis an nglantionchar airgeadais ar Iarnród Éireann, Bus Éireann agus Bus Átha Cliath.
- Plé le ionadaí foirne le bearta a aontú chun dul i ngleic le suíomh airgeadais cistí pinsean and Ghrúpa.
- Leanúint ar aghaidh ag cur i bhfeidhm tionscnaimh spárála costais agus ag déanamh dianmhonatóireachta orthu.
- Dianmhonatóireacht ag an bhfoireann bhainistíochta ar an staid airgid laethúil, seachtainiúil agus míosúil ar fud an Ghrúpa.
- Tionscnaimh chosanta ioncaim a chur chun feidhme agus gníomhaíochtaí nua a lorg chun ioncam a ghiniúint.

## Litir Thacaíochta

Tá fianaise ar an tacaíocht leanúnach ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le fáil sa litir thacaíochta dar dáta an 3 Aibreán 2018.

Deirtear sa litir go bhfuil an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt fós ag déanamh monatóireachta ar staid airgeadais CIÉ agus go bhfuil sí i mbun idirphlé le CIÉ maidir le bearta atá riachtanach chun inbhuanaitheacht airgeadais CIÉ a chosaint. Bíodh is go sonraítear sa litir nach bhféadfaí glacadh le rud ar bith sa litir mar ráthaíocht ar oibleagáidí nó dliteanais CIÉ, sonraítear inti freisin gurb é beartas an Rialtais go fóill é go bhfuil ar chumas ghnólacht CIÉ a chuid dliteanas a chomhlíonadh i gcónaí, agus go leanfaidh an Stát lena chearta scairshealbhóra a fheidhmiú agus é ina aidhm aige a áirithiú go mbainisteoidh CIÉ a chuid oibríochtaí ar bhealach a chuirfidh ar a chumas dó a chuid oibleagáidí go léir a chomhlíonadh go tráthúil. Luaitear freisin sa litir nár mhór go mbeadh dlí an Aontais Eorpaigh á chomhlíonadh ag aon ghníomhaíocht a bheidh le háireamh ag an Stát, lena n-áirítear rialacha a bhaineann le Státchabhair a bhféadfadh fógra agus faomhadh ón gCoimisiún a bheith ag teastáil ina leith.

## Focal Scoir

I ndiaidh fiosrúchán cuí a dhéanamh agus an neamhchinnteacht agus na bearta maolaitheacha thuasluaite a mheas, tá ionchas réasúnach ag na Comhaltaí Boird gur leor an sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí trádála an Ghrúpa agus a shaoráidí bainc mar atá faoi láthair chun cistiú a dhéanamh ar riachtanais leanúnacha an Ghrúpa agus CIÉ maidir le sreabhadh airgid, agus chun cúnant airgeadais an Ghrúpa faoi shocruithe shaoráidí baincéireachta an Ghrúpa a chomhlíonadh, don tréimhse 12 mhí ar a laghad ón dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo. Chomh maith leis sin, tá ionchas réasúnach acu go dtacóidh an Rialtas le bearta chun cobhsaíocht airgeadais a áirithiú.

Agus aird ar an méid atá sonraithe thuas, chinn na Comhaltaí Boird nach bhfágann na rioscaí thuasluaite gurb ann do neamhchinnteacht ábhartha a chaitheann amhras suntasach ar chumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.

Tá ionchas réasúnach ag na Comhaltaí Boird, ag féachaint do na nithe thuasluaite, go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an nGrúpa agus CIÉ chun leanúint ag feidhmiú ar bhonn oibríochtúil ar feadh 12 mhí ar a laghad ón dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo, agus measann siad gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

## 3 Ioncam de réir Gníomhaíochta

Léirínn an t-ioncam na méideanna arna ndíorthú ó sholáthar seirbhísí a thagann faoi réim ghnáthghníomhaíochtaí an Ghrúpa, agus iad luaite glan ar cháin.

Is soláthraí seirbhísí iompair é an Grúpa go príomha, agus tá sé ag feidhmiú in oileán na hÉireann. Tá gach cuid de sheirbhís iompair an Ghrúpa á bainistiú ag eintiteas dlíthiúil ar leith. Feidhmíonn an Grúpa cuideachta a chuireann turais ar bun freisin – CIÉ Tours International Inc.

Déantar anailís mar seo a leanas ar an ioncam:

| | CIÉ €000 | CIÉ Tours International €000 | Bus Átha Cliath €000 | Bus Éireann €000 | Iarnród Éireann €000 | Iomlán 2017 €000 | Iomlán 2016 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gnóthas iarnróid | – | – | – | – | 220,153 | 220,153 | 206,439 |
| Rannóg lasta | – | – | – | – | 4,868 | 4,868 | 5,199 |
| Calafort Ros Láir | – | – | – | – | 11,100 | 11,100 | 10,543 |
| Seirbhísí iarnróid eile | – | – | – | – | 28,642 | 28,642 | 22,341 |
| Seirbhísí bóthair do phaisinéirí | | | | | | | |
| – Cathair Bhaile Átha Cliath | – | – | 251,674 | – | – | 251,674 | 236,195 |
| – Seirbhísí eile | – | – | – | 309,289 | – | 309,289 | 313,781 |
| Turais | | 106,602 | – | – | – | 106,602 | 99,064 |
| Príomhghníomh-aíochtaí gnó | 4,363 | – | – | – | – | 4,363 | 2,900 |
| Ioncam idirghrúpa | (4,361) | – | – | – | – | (4,361) | (2,898) |
| Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ('OSP'): | | | | | | | |
| – Ioncam OSP (Nóta 12) | – | – | 47,482 | 47,713 | 114,779 | 209,974 | 212,071 |
| – Deontais eile ón Státchiste (Nóta 12) | – | – | – | – | 95,988 | 95,988 | 104,586 |
| – Deontais ioncaim (Nóta 12) | – | – | 162 | – | – | 162 | 8,140 |
| **Ioncam iomlán** | **2** | **106,602** | **299,318** | **357,002** | **475,530** | **1,238,454** | **1,218,361** |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 4 Costais an Bhonneagair Iarnróid

Faoi réir Threoir 91/440 ón Aontas Eorpach, rinneadh na costais seo a ríomh mar seo a leanas:

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| **Cistiú Bonneagair** | | |
| Conradh Ilbhliantúil | 95,988 | 104,586 |
| Muirir rochtana rianta | 79,534 | 68,020 |
| Deontais eile ón Státchiste | – | 7,048 |
| Ioncam tríú páirtí | 25,476 | 19,275 |
| Ioncam iomlán | 200,998 | 198,929 |
| | | |
| An párolla agus costais ghaolmhara | (105,003) | (104,044) |
| Ábhair agus seirbhísí | (92,509) | (90,883) |
| Dímheas agus amúchadh glan ar amúchadh deontas caipitil | (5,300) | (5,213) |
| Iomlán na gcostas oibriúcháin | (202,812) | (200,140) |
| | | |
| TRÚCDA roimh chostais oibriúcháin eisceachtúla | (1,814) | (1,211) |
| Costais eisceachtúla | (926) | (311) |
| Brabús/(caillteanas) ar dhíol sócmhainní seasta inláimhsithe | – | 3 |
| | | |
| (Easnamh) don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh ús | (2,740) | (1,519) |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | (601) | (865) |
| | | |
| (Easnamh) don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí | (3,341) | (2,384) |

## 5 An Párolla agus Costais Ghaolmhara

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| **Cuimsítear sna costais foirne (gan costais athstruchtúraithe san áireamh)** | | |
| Pá agus tuarastail | 501,091 | 495,330 |
| Costais leasa shóisialaigh | 47,207 | 46,541 |
| Costais eile a bhaineann le sochar scoir | 74,497 | 47,077 |
| | 622,795 | 588,948 |
| Obair dhílis chaipitlithe | (13,581) | (13,023) |
| **Glanchostais foirne** | **609,214** | **575,925** |
| | | |
| Luach saothair agus díolaíochtaí na gComhaltaí Boird | | |
| – i leith seirbhísí mar Chomhaltaí Boird | 188 | 222 |
| – i leith seirbhísí feidhmiúcháin | 201 | 244 |
| **Luach saothair agus díolaíochtaí iomlána na gComhaltaí Boird** | 389 | 466 |
| | | |
| **Iomlán chostas an phárolla agus na gcostas gaolmhar** | **609,603** | **576,391** |

As na costais iomlána i leith na foirne, tá €13.6 milliún (2016: €13.0 milliún) caipitlithe ina sócmhainní seasta inláimhsithe agus tá €609.2 milliún (2016: €575.9 milliún) á áireamh mar chostas sa chuntas brabúis agus caillteanais.

San áireamh i pá agus tuarastalacha tá:

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Tuarastal | 389,611 | 378,310 |
| Ragobair | 31,389 | 32,571 |
| Liúntais | 80,091 | 84,449 |
| | **501,091** | **495,330** |

Tá an uimhir fostaí a raibh iomlán a gcuid sochar fostaí (seachas costais pinsean fostóra) lastigh de ghach banna €25,000 ó €50,000 suas don tréimhse tuairisciú leagtha amach thíos:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| €50,001 go €75,000 | 3,580 | 3,524 |
| €75,001 go €100,000 | 493 | 512 |
| €100,001 go €125,000 | 85 | 65 |
| €125,001 go €150,000 | 15 | 21 |
| €150,001 go €175,000 | 17 | 17 |
| €175,001 agus os a chionn | 12 | 10 |

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## Cúiteamh Daoine Tábhachtacha den Lucht Bainistíochta

Íocadh táillí Stiúrthóra leis na Comhaltaí Boird mar seo a leanas:

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| **Comhalta Boird** | | |
| Vivienne Jupp *(Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin)* | 16,354 | 31,500 |
| Ultan Courtney | 20,877 | 21,600 |
| Frank Allen | 13,936 | – |
| Phil Gaffney | 11,214 | 20,970 |
| Bill McCamley | 1,916 | 15,750 |
| Aebhric McGibney | 13,306 | 15,750 |
| Stephen Hannon | 1,313 | – |
| John Moloney | 15,750 | 15,750 |
| Christine Moran | 15,750 | 15,750 |
| Aidan Murphy | 14,339 | 21,600 |
| Tom O'Connor | 15,750 | 15,750 |
| Ruairi O'Flynn | 15,750 | 15,750 |
| Niamh Walsh | 15,750 | 15,750 |
| Tommy Wynne | 15,750 | 15,750 |

Áirítear leis an bpríomhlucht bainistíochta na Comhaltaí Boird agus lucht ardbhainistíochta an Ghrúpa. Léirítear thíos an cúiteamh a íocadh nó is iníoctha leis an bpríomhlucht bainistíochta as ucht seirbhísí fostaithe:

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile | 1,150 | 1,274 |
| Costais leasa shóisialaigh | 90 | 97 |
| Costais eile a bhaineann le sochair iarscoir | 126 | 153 |
| Sochair foirceannadh fostaíochta | 171 | – |
| | **1,537** | **1,524** |

## Speansais na Stiúrthóirí

San áireamh sna costais a cúitíodh le Comhaltaí an Bhoird tá:

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Cothabháil, taisteal agus lóistín | 2 | 3 |
| | **2** | **3** |

Díoladh táillí de €6,023 chomh maith le speansais de €4,725, iomlán €10,748 le V. Jupp mar Chathaoirleach CIÉ Tours tar éis a dáta éirigh as i 2017.

Léirítear cúiteamh íoctha nó iníoctha le Príomhoifigeach Oibriúcháin agus Príomhoifigí Feidhmiúcháin an Ghrúpa ar son seirbhísí fostaí thíos:

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile | 786 | 847 |
| Costais eile a bhaineann le sochair iarscoir | 118 | 146 |
| Sochair foirceannadh fostaíochta | 171 | – |
| | **1,075** | **993** |

## Foirceannadh Fostaíochta agus Scaradh

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Scaradh | 17,866 | 3,011 |
| | **17,866** | **3,011** |

## Líon na mBall Foirne

Ba é meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag CIÉ le linn na bliana airgeadais ná:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| CIÉ | 259 | 248 |
| Iarnród Éireann – Irish Rail | 3,803 | 3,806 |
| Bus Éireann – Irish Bus | 2,530 | 2,532 |
| Bus Átha Cliath – Dublin Bus | 3,506 | 3,431 |
| | **10,098** | **10,017** |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 6 Caiteachas Oibriúcháin Eile

Cuimsítear sna costais i ndáil le hábhair agus seirbhísí:

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Breosla, leictreachas agus bealaidh | 84,122 | 101,751 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | 1,368 | 1,345 |
| Rátaí | 4,083 | 4,056 |
| Luach saothair na n-iniúchóirí | 427 | 1,046 |
| Léasanna oibriúcháin ar cíos | 5,281 | 5,210 |
| Conraitheoirí scoile | 147,635 | 136,268 |
| Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí | 14,919 | 20,546 |
| Ábhair agus seirbhísí eile | 340,450 | 311,676 |
| Costais oibriúcháin pinsean | 1,553 | 1,857 |
| | **599,838** | **583,755** |

San áireamh i sna costais ábhair agus seirbhísí tá:

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Taisteal Náisiúnta agus and maireachtáil | 1,488 | 1,472 |
| Taisteal Idirnáisiúnta and maireachtáil | 750 | 542 |
| Fáilteachas | 113 | 109 |
| | **2,351** | **2,123** |

### Luach Saothair na nIniúchóirí

Nochtar sa tábla seo a leanas na táillí is iníoctha le Deloitte Ireland i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2017. Níl CBL san áireamh sna méideanna seo.

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Iniúchóir reachtúil | | |
| – Iniúchadh reachtúil ar chuideachtaí an Ghrúpa | 204 | 205 |
| – Seirbhísí ráthaíochta eile | 61 | 46 |
| – Seirbhísí comhairleoireachta cánach | 47 | 20 |
| – Seirbhísí eile nach mbaineann le hiniúchóireacht | 115 | 708 |
| | **427** | **979** |

Leagtar amach sa tábla seo a leanas na méideanna is iníoctha le PricewaterhouseCoopers suas go dtí an lá ar éirigh siad as, an 4 Deireadh Fómhair 2016:

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Iniúchóir reachtúil | | |
| – Iniúchadh reachtúil ar chuideachtaí an Ghrúpa | – | – |
| – Seirbhísí ráthaíochta eile | – | 18 |
| – Seirbhísí comhairleoireachta cánach | – | 16 |
| – Seirbhísí eile nach mbaineann le hiniúchóireacht | – | 33 |
| | **–** | **67** |

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Méideanna is iníoctha leis an iniúchóir atá ann faoi láthair | 427 | 979 |
| Méideanna is iníoctha leis an iniúchóir a bhí ann roimhe seo | – | 67 |
| | **427** | **1,046** |

Luaitear an t-easnamh don bhliain tar éis na méideanna seo a leanas a mhuirearú/(a chur de shochar na gcuntas):

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Fardal a ídíodh | 158,840 | 172,329 |
| Méadú ar an soláthar in aghaidh dífheidhmeacht fardail | 785 | 89 |
| Difríochtaí malairte eachtraí | (1,520) | 552 |
| (Brabús) ar dhiúscairt sócmhainní seasta | (12,204) | (8,311) |
| Léasanna oibriúcháin | 5,251 | 5,210 |
| Athstruchtúrú an ghnó | 19,710 | 4,148 |
| Socraíocht CBL | – | (29,313) |
| Dímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe | 274,596 | 284,549 |
| Amúchadh na sócmhainní doláimhsithe | 3,654 | 4,230 |
| Amúchadh deontas | (229,370) | (238,344) |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 7 Míreanna Eisceachtúla

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Athstruchtúrú an ghnó | 19,710 | 4,148 |
| Socraíocht CBL | – | (50,621) |
| Méideanna is inaisíoctha le gníomhaireachtaí cistiúcháin maidir leis an tsocraíocht CBL | – | 23,946 |
| | **19,710** | **(22,527)** |

Cuimsítear sna costais maidir le hathstruchtúrú an ghnó méideanna a eascraíonn as tionscnaimh athstruchtúraithe i rith na bliana. Thabhaigh Bus Átha Cliath €0.9 milliún, thabhaigh Bus Éireann €16.4 milliún, thabhaigh Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ €0.4 milliún agus thabhaigh Iarnród Éireann €2.4 milliún.

## 8 Dímheas agus Amúchadh, Glan ar Amúchadh na nDeontas Caipitil

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Amúchadh na sócmhainní seasta doláimhsithe *(Nóta 14)* | 3,654 | 4,230 |
| Dímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe *(Nóta 15)* | 274,596 | 284,549 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil *(Nóta 23)* | (229,370) | (238,344) |
| | **48,880** | **50,435** |

## 9 Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Inláimhsithe

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Brabús ar dhiúscairt talún agus foirgneamh | 11,865 | 7,349 |
| Brabús ar dhiúscairt rothstoic, feithiclí, gléasra agus innealra | 339 | 962 |
| | **12,204** | **8,311** |

## 10 Glanchostas Úis

### (a) Ús Infhála agus Muirir dá Shamhail

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Ioncam úis ar thaiscí gearrthéarmacha | 104 | 436 |

### (b) Ús Iníoctha agus Muirir dá Shamhail

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Ús iníoctha ar iasachtaí agus ar rótharraingtí | 1,981 | 2,823 |
| Ús iníoctha ar léasanna airgeadais | 14 | 23 |
| Costas iomlán úis ar dhliteanais airgeadais nach bhfuil á dtomhas ar a luach cóir tríd an gcuntas brabúis agus caillteanais | 1,995 | 2,846 |
| | | |
| Glanchostas úis ar phleananna pinsean le sochar sainithe | 12,514 | 6,612 |
| Leachtú na soláthairtí lascaine | 137 | 154 |
| **Iomlán an úis iníoctha agus na muirear dá shamhail** | **14,646** | **9,612** |

### (c) Glanchostas Úis

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Ús infhála agus muirir dá shamhail | 104 | 436 |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | (14,646) | (9,612) |
| **Glanchostas úis** | **(14,542)** | **(9,176)** |

## 11 Cáin Ioncaim

### (a) Costas Cánach san áireamh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Muirear cánach corparáide eachtraí ar an mbrabús don bhliain airgeadais | **1,114** | 1,255 |
| | | |
| *Costas cánach reatha don bhliain airgeadais* | *1,114* | *1,255* |
| **Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **1,114** | **1,255** |

### (b) Costas Cánach a bhaineann le Míreanna arna nAithint san Ioncam Cuimsitheach Eile

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Cáin reatha | – | – |
| Cáin iarchurtha | – | – |
| – Cáin iarchurtha ar atomhas an ghlandliteanais sochar sainithe | – | – |
| **Costas cánach iomlán a bhaineann le míreanna arna n-aithint san ioncam cuimsitheach eile** | **–** | **–** |

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## (c) Costas Cánach a bhaineann le Míreanna arna nAithint sa Chothromas

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Cáin reatha | – | – |
| Cáin iarchurtha | – | – |
| **Costas cánach iomlán a bhaineann le míreanna arna n-aithint sa chothromas** | **–** | **–** |

## (d) Réiteach an Chostais Cánach

Ní hionann an cháin arna measúnú don bhliain airgeadais agus an cháin a cinneadh tríd an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann a chur i bhfeidhm ar an mbarrachas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017, is é sin 12.5% (2016: 12.5%). Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Barrachas/(easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | (41,915) | 29,442 |
| Barrachas/(easnamh) méadaithe faoin ráta caighdeánach cánach i bPoblacht na hÉireann i leith na bliana airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2017, is é sin 12.5% (2016: 12.5%) | (5,239) | 3,680 |
| Tionchar de bharr: | | |
| Ioncam nach bhfuil faoi réir cánach | (62,789) | (67,910) |
| Ráta cánach níos airde ar thuillimh thar lear | 1,783 | 436 |
| Speansais nach bhfuil asbhainteach chun críocha cánach | 623 | – |
| Dímheas sa bhreis ar liúntais chaipitiúla | 27,501 | 31,498 |
| Úsáid na gcaillteanas cánach | – | – |
| Caillteanais chánach neamhfhaoisimh arna dtabhairt ar aghaidh | 32,427 | 29,229 |
| Ioncam atá faoi réir ráta cánach níos airde | 6,662 | 3,298 |
| Difríochtaí eile | 146 | 1,024 |
| **Cáin bhrabúis ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **1,114** | **1,255** |

Níor aithníodh sócmhainn cánach iarchurtha féideartha €917 milliún (2016: €892 milliún) maidir le caillteanais charntha arna dtabhairt ar aghaidh, toisc nach cinnte go ndéanfar iad a aisghabháil sa todhchaí i gcoinne brabúis inchánacha.

## 12 Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí agus Deontais Eile ón Státchiste

Tá na deontais is iníoctha le Córas Iompair Éireann i gcomhréir leis na Rialacháin ábhartha ón Aontas Eorpach lena rialaítear cúnamh Stáit do ghnóthais iompair.

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| **Cuntas Brabúis agus Caillteanais** | | |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí | 209,974 | 212,071 |
| Deontais eile ón Státchiste | 95,988 | 104,586 |
| Deontais ioncaim eile | 2,330 | 8,140 |
| | 308,292 | 324,797 |
| **Clár Comhardaithe** | | |
| Deontais chaipitil *(Nóta 23)* | 138,048 | 106,108 |
| Deontais chaipitil eile | 2,418 | – |
| **Iomlán na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí agus na nDeontas eile ón Státchiste** | **448,758** | **430,905** |
| | | |
| **Fo-Cheannteideal B7 de Vóta 31 de chuid Dháil Éireann – Oibleagáid Seirbhíse Poiblí** | | |
| Bus Átha Cliath – Dublin Bus (ioncam) | 47,482 | 59,558 |
| Bus Éireann – Irish Bus (ioncam) | 47,713 | 41,873 |
| Iarnród Éireann – Irish Rail (ioncam) | 114,779 | 110,640 |
| Bus Éireann – Irish Bus (caipiteal) | – | 511 |
| Iarnród Éireann – Irish Rail (caipiteal) | 32,202 | 22,420 |
| | **242,176** | **235,002** |
| | | |
| **Fo-Cheannteideal B8 de Vóta 31 de chuid Dháil Éireann – Infheistíocht Chaipitiúil** | | |
| Conradh Ilbhliantúil Bainistíochta Bonneagair (ioncam) | 95,988 | 104,586 |
| Conradh Ilbhliantúil Bainistíochta Bonneagair (caipiteal) | 62,783 | 21,414 |
| Deontais ón Státchiste i gcomhair bonneagair agus infheistíocht chaipitiúil | 45,439 | 61,676 |
| Deontais eile ón Státchiste | 2,372 | 8,074 |
| | **206,582** | **195,750** |
| | | |
| **Cistiú iomlán faoi Vóta 31 de chuid Dháil Éireann** | **448,758** | **430,752** |
| | | |
| **Deontais eile** | | |
| Deontais eile lena n-áirítear deontais stáit agus deontais ón Aontas Eorpach do ghníomhaíochtaí nach dtagann faoin Oibleagáid Seirbhíse Poiblí | – | 153 |
| **Iomlán na ndeontas OSP, na ndeontas ón Státchiste agus na ndeontas eile** | **448,758** | **430,905** |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

Níl aon choinníollacha neamh-chomhlíonta ná teagmhais eile ag gabháil le deontais a aithníodh mar ioncam.

Déanann CIÉ taifead ar dheontais faoin tSamhail Fabhraithe a cheadaítear faoi alt 24 de FRS102.

Déantar méid agus téarma na ndeontas caipitil a amúchadh thar shaol úsáideach na sócmhainní gaolmhara. Áirítear deontais ioncaim sa chuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite ina n-iomláine sa bhliain ábhartha.

Rinneadh méid comparáideach na bliana roimhe a athlua chun léiriú níos fearr a thabhairt ar ghníomhaíocht an Ghrúpa.

| | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | An tÚdarás Náisiúnta Iompair | Iomlán | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | An tÚdarás Náisiúnta Iompair | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2017** | **2017** | **2017** | **2016** | **2016** | **2016** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caipiteal faoi Vóta B8 | 158,770 | 76,259 | 235,029 | 134,000 | 60,949 | 194,949 |
| Inrochtaineacht faoi Vóta B8 | – | 1,337 | 1,337 | – | 801 | 801 |
| **Iomlán** | **158,770** | **77,596** | **236,366** | **134,000** | **61,750** | **195,750** |

Tá foinse na gcistí ón Stát a fuarthas le linn na mblianta féilire 2016 agus 2017 teoranta do thionscadail ar leith.

## 13 Glantoradh CIÉ i leith na Bliana

